Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026
(OR. en)

11787/24

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2024/0101 (NLE)**
**2024/0102 (NLE)**

**AELE 72**
**AND 13**
**SM 13**
**MI 659**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a bhallstáit, de pháirt, agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne mar pháirtithe ar leith, den phairt eile |

COMHAONTÚ

LENA mBUNAÍTEAR COMHLACHAS IDIR

AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT,

AGUS PRIONSACHT ANDÓRA  AGUS POBLACHT SAN MAIRÍNE

MAR PHÁIRTITHE AR LEITH, DEN PHAIRT EILE

BROLLACH

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA HEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA HIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA HÍSILTÍRE,

POBLACHT NA HOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE, AGUS

RÍOCHT NA SUALAINNE,

na hArdpháirtithe Conarthacha sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear "Ballstáit an Aontais" anseo feasta,

de pháirt,

agus

PRIONSACHT ANDÓRA, dá ngairtear 'Andóra' anseo feasta,

agus

POBLACHT SAN MAIRÍNE, dá ngairtear 'San Mairíne' anseo feasta,

mar pháirtithe ar leith,

den pháirt eile,

AG MEABHRÚ DÓIBH na dlúthnaisc stairiúla, gheografacha, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha idir an tAontas agus gach Stát Comhlachaithe, lena n- áirítear i bhfoirm comhaontuithe atá ann cheana, chomh maith leis na naisc shonracha gaireachta idir gach Stát Comhlachaithe agus Ballstát amháin nó níos mó den Aontas,

DE BHRÍ go bhfuil na naisc a bunaíodh de réir a chéile idir an tAontas agus Andóra, *inter alia*, i ndiaidh an Chomhaontaithe trí mhalartú litreacha idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Prionsacht Andóra[1] arna dhéanamh i Lucsamburg an 28 Meitheamh 1990, an Comhaontú Comhair idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Andóra[2] an 15 Samhain 2004[3], an Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra[4] arna dhéanamh sa sa Bhruiséil an 30 Meitheamh 2011 agus an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Andóra lena bhforáiltear do bhearta atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle an 15 Samhain 2004 maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis[5] arna dhéanamh sa Bhruiséil an 15 Samhain 2004 agus an Meabhrán Tuisceana a ghabhann leis[6] agus a Phrótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Andóra lena ndéantar foráil maidir le bearta atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis[7], arna dhéanamh sa Bhruiséil an an 12 Feabhra 2016,

[1] IO L 374, 31.12.1990, lch. 14.
[2] IO L 135, 28.5.2005, lch. 14.
[3] IO L 135, 28.5.2005, lch. 14.
[4] IO C 369, 17.12.2011, lch. 1.
[5] IO L 359, 4.12.2004, lch. 33.
[6] IO C 359, 4.12.2004, lch. 33.
[7] IO L 268, 1.10.2016, lch. 40.

DE BHRÍ go bhfuil na naisc a bunaíodh de réir a chéile idir an tAontas agus San Mairíne, *inter alia*, i ndiaidh an Chomhaontaithe maidir le Comhar agus Aontas Custaim idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht San Mairíne[1], arna dhéanamh sa Bhruiséil an 16 Nollaig 1991, an Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne an 27 Márta 2012 agus an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht San Mairíne lena bhforáiltear do bhearta atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis[2], arna dhéanamh sa Bhruiséil an 7 Nollaig 2004 agus an Meabhrán Tuisceana an 7 Nollaig 2004[3] a ghabhann leis, agus a Phrótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht San Mairíne lena ndéantar foráil maidir le bearta atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis[4], arna dhéanamh sa Bhruiséil an 8 Nollaig 2015,

[1] IO L 84, 28.3.2002, lch. 43.
[2] IO L 381, 28.12.2004, lch. 33.
[3] IO L 381, 28.12.2004, lch. 33.
[4] IO L 346, 31.12.2015, lch. 3.

DE BHRÍ go bhfuil dlúthnaisc ag na Stáit Chomhlachaithe leis na céadta bliain lena dtíortha comharsanacha, ar Ballstáit den Aontas anois iad, agus de bhrí go bhfuil críoch na Stát Comhlachaithe an Aontais timpeall ar a gcríocha,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU comhlachas a bhunú chun a gcaidreamh a dhoimhniú, a éagsúlú agus a chothú bunaithe ar na luachanna is coiteann don Aontas, do Bhallstáit an Aontais agus do na Stáit Chomhlachaithe maidir le meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n- áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar eilimintí fíor- riachtanacha den Chomhaontú seo iad,

TIOMANTA do na luachanna coiteanna den sórt sin a chur chun cinn i sochaí arb iad a bpríomhthréithe an t- iolrachas, an neamh- idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht, agus an comhionannas idir mná agus fir,

AG CUR I dTÁBHACHT toilteanas an Aontais agus Ballstáit an Aontais caidreamh speisialta a fhorbairt le tíortha comharsanacha, d'fhonn limistéar rathúnais agus dea- chomharsanachta a bhunú ina mbeidh cearta agus oibleagáidí cómhalartacha agus ina bhféadfaí gníomhaíocht chomhpháirteach a dhéanamh agus arb iad a phríomhthréithe dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar an gcomhar,

AG FÉACHAINT le creat cuimsitheach comhleanúnach a bhunú don chaidreamh idir an tAontas, Ballstáit an Aontais agus na Stáit Chomhlachaithe, agus an staid ar leith atá ag gach ceann de na Stáit Chomhlachaithe á cur san áireamh, dá dtagraítear i nDearbhú maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach ,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU an comhtháthú eacnamaíoch agus rannpháirtíocht faoi seach na Stát Comhlachaithe i margadh inmheánach an Aontais a áirithiú, lena n- áirítear, go háirithe, na ceithre shaoirse dhoroinnte atá aige: saorghluaiseacht earraí, saorghluaiseacht daoine, saorghluaiseacht seirbhísí agus saorghluaiseacht caipitil ar bhonn comhrialacha agus cothrom na Féinne, agus cás áirithe gach ceann de na Stáit Chomhlachaithe á chur san áireamh agus a neamhspleáchas agus neamhspleáchas a n- institiúidí a chaomhnú,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU deiseanna eacnamaíocha agus gnó do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí sna Páirtithe Comhlachaithe a fheabhsú tríd an gcomhlachas,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU aonchineálacht an mhargaidh inmheánaigh, deimhneacht dhlíthiúil, léiriú agus cur i bhfeidhm comhionann an Chomhaontaithe seo a áirithiú, trí chur chun feidhme an Chomhlachais, chomh maith le cóir chomhionann, *inter alia*, d'oibreoirí eacnamaíocha agus do shaoránaigh

AG AITHINT DÓIBH gur gá, chun feidhmiú cuí an Chomhaontaithe seo agus lánurraim do dhlí an Aontais a áirithiú, creat institiúideach iomchuí a bhunú, lena n- áirítear, go háirithe, fóram le haghaidh idirphlé idir na Páirtithe Comhlachaithe, nósanna imeachta a bhaineann le formhaoirseacht agus réiteach díospóidí, agus dlínse eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun léiriú agus cur i bhfeidhm comhionann an Chomhaontaithe seo a áirithiú,

AG FÉACHAINT le rannchuidiú le feabhas a chur ar an gcomhar idir comhaltaí Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí pharlaimintí na Stát Comhlachaithe, agus idir comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha an Aontais agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha na Stát Comhlachaithe,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH uaillmhian an Aontais, Bhallstáit an Aontais agus na Stát Comhlachaithe a gcomhlachas a bhunú ar ardleibhéal cúraim sláinte, sábháilteachta agus cosanta tomhaltóirí,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus úsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus gníomhaíocht réamhchúraim agus choisctheach, chomh maith le leas daoine agus ainmhithe a chur chun cinn,

AGUS IAD AR AN EOLAS faoin tábhacht a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe ina gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta,

ÓS MIAN LEO Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Forbairt Inbhuanaithe agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn agus rannchuidiú leis an méid sin a bhaint amach,
Á nATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas do Chairt na Náisiún Aontaithe, do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, don Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, do chuspóirí agus do phrionsabail Chomhairle na hEorpa agus na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go neartaíonn bunú an chomhlachais an caidreamh déthaobhach idir an tAontas, Bhallstáit an Aontais agus gach ceann de na Stáit Chomhlachaithe, agus ar an gcaoi sin na Páirtithe Comhlachaithe a spreagadh chun cóineasú seasamh níos mó a bhaint amach maidir le saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha agus idirnáisiúnta leasa choitinn,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH, i gcás ina gcinnfidh na Páirtithe, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, comhaontuithe sonracha a dhéanamh sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, a fhéadfaidh an tAontas Eorpach a thabhairt i gcrích de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach mbeadh forálacha comhaontuithe den sórt sin amach anseo ina gceangal ar Éirinn mura gcuirfidh an tAontas in iúl d'Andóra nó San Mairíne i gcomhthráth le hÉirinn a mhéid a bhaineann lena caidrimh dhéthaobhacha roimhe seo, go bhfuil Éire tar éis teacht faoi cheangal ag na comhaontuithe sin mar chuid den Aontas Eorpach i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na hÉireann i ndáil leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; ag tabhairt dá n-aire dóibh, aon bheart inmheánach ina dhiaidh sin de chuid an Aontais Eorpaigh a fhéadfar a ghlacadh de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, ní bheadh sé ina cheangal ar Éirinn, ach amháin má tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach sna bearta sin nó glacadh leo i gcomhréir leis an Prótacal sin; ag tabhairt dá n- aire dóibh freisin nach mbeadh comhaontuithe den sórt sin amach anseo nó bearta inmheánacha de chuid an Aontais ina dhiaidh sin infeidhme ach amháin i gcomhréir le Prótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

# CUID I

# CUSPÓIRÍ, LUACHANNA AGUS PRIONSABAIL

## AIRTEAGAL 1

### Cuspóirí

1. Bunaítear leis an gComhaontú seo comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Andóra agus San Mairíne, mar pháirtithe ar leith, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhlachas' anseo feasta).

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an Chomhlachais seo:

(a) rannpháirtíocht na Stát Comhlachaithe faoi seach sa mhargadh inmheánach a áirithiú, lena n- áirítear saorghluaiseacht daoine, saorghluaiseacht earraí, saorghluaiseacht seirbhísí agus saorghluaiseacht caipitil, agus cothrom na Féinne idir na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir leis an gComhaontú seo, chomh maith rannpháirtíocht na Stát Comhlachaithe sna beartais chothrománacha agus sna beartais tionlacain lena mbaineann, agus cás sonrach gach Stáit Chomhlachaithe á chur san áireamh; agus

(b) creat iomchuí a bhunú chun idirphlé agus comhar a fhorbairt agus a chur chun cinn idir an tAontas, idir Ballstáit an Aontais agus gach Stát Comhlachaithe i réimsí leasa choitinn eile.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) ciallaíonn 'Stáit Chomhlachaithe' Andóra agus San Mairíne,mar pháirtithe ar leith ;

(b) ciallaíonn 'páirtí AE' an tAontas, Ballstáit an Aontais nó an tAontas agus Ballstáit an Aontais laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach mar a dhíorthaítear ón gConradh ar an Aontas Eorpach agus ón gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(c) ciallaíonn 'Páirtithe Conarthacha' an páirtí AE, de pháirt amháin, agus, Andóra agus San Mairíne, den pháirt amháin;

(d) ciallaíonn 'Páirtithe Comhlachaithe' an Páirtí AE, an Páirtí Comhlachaithe de pháirt, agus Andóra nó San Mairíne, , Páirtí Comhlachaithe den pháirt eile;

(e) ciallaíonn Comhaontú' an Creat- Chomhaontú, na Creat- Phrótacail, na Prótacail i ndáil le Stáit Chomhlachaithe agus na hIarscríbhinní leis na Prótacail Stáit Chomhlachaithe;

(f) ciallaíonn 'Creat- Chomhaontú' an Comhaontú gan Prótacail ná Iarscríbhinní;

(g) ciallaíonn 'Prótacail i ndáil le Stáit Chomhlachaithe' na Prótacail ag Stát Comhlachaithe agus a nIarscríbhinní faoi seach lena mbunaítear na coinníollacha speisialta chun na cuspóirí agus na heilimintí atá nasctha le glacadh acquis mhargadh inmheánach an Aontais a bhaint amach;

(h) ciallaíonn 'Creat- Phrótacal' prótacail is coiteann do na Pháirtí Chonarthacha;

(i) ciallaíonn 'Iarscríbhinn a ghabhann leis na Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe' na téacsanna ina bhfuil gníomhartha dlíthiúla an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo, maille le haon oiriúnú;

(j) 'CBE' an Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Chúirt Bhreithiúnais agus Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh.

(k) ciallaíonn 'CAE' an Conradh ar an Aontas Eorpach;

(l) ciallaíonn 'CFAE' an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 3

Luachanna

Tá an Comhaontú seo bunaithe ar luachanna coiteanna na bpáirtithe conarthacha: meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta, agus meas ar chearta an duine, lena n- áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. I sochaí arb é is príomhthréithe di an t- iolrachas, an neamh- idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir, is codanna fíor- riachtanacha den Chomhaontú seo iad na luachanna den sórt sin.

AIRTEAGAL 4

Prionsabail

Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Chreat- Chomhaontú a bhaint amach, déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe gach beart is iomchuí, bíodh sé ginearálta nó sonrach, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú seo i gcomhréir leis na bunphrionsabail seo a leanas:

(a) feidhmiú cuí agus aonchineálacht mhargadh inmheánach an Aontais ar bhonn rialacha aonfhoirmeacha;

(b) deimhneacht dhlíthiúil agus cóir chomhionann d'oibreoirí eacnamaíocha agus do dhaoine aonair;

(c) breithniú ar chás sonrach gach ceann Stát Chomhlachaithe.

## AIRTEAGAL 5

### Prionsabal an neamh- idirdhealaithe

Laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo, agus gan dochar d'aon fhoráil speisialta ann, toirmiscfear aon idirdhealú ar fhorais na náisiúntachta.

CUID II

# SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ, DAOINE, SEIRBHÍSÍ AGUS CAIPITIL

## CAIBIDIL 1

## SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

### AIRTEAGAL 6

### Saorghluaiseacht earraí

Bunófar saorghluaiseacht earraí idir na Páirtithe Comhlachaithe i gcomhréir le a an Chomhaontaithe seo.

### AIRTEAGAL 7

### Dleachtanna custaim a thoirmeasc

Toirmiscfear dleachtanna custaim ar allmhairí agus onnmhairí, agus gach muirear comhéifeachta, idir na Páirtithe Comhlachaithe. Beidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos san Airteagal seo sin freisin maidir le dleachtanna custaim de chineál fioscach.

## AIRTEAGAL 8

### Srianta cainníochtúla a thoirmeasc

Toirmiscfear srianta cainníochtúla ar allmhairí agus ar onnmhairí, agus aon bheart comhéifeachta, idir na Páirtithe Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 9

### Toirmisc nó srianta ar allmhairí, onnmhairí nó idirthuras

1. Ní chuirfidh an Comhaontú seo bac ar thoirmisc ná srianta ar allmhairí, onnmhairí ná earraí faoi bhealach, más gá a leithéid ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí, beartas poiblí nó slándáil phoiblí, chun sláinte agus saol daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint, chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint nó chun maoin tionsclaíochta nó tráchtála a chosaint. Ní cead áis a bhaint as na toirmisc ná na srianta sin, áfach, le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar thrádáil idir na Páirtithe Comhlachaithe.

2. Tabharfar tosaíocht do bhearta a bhfuil an tionchar is lú acu ar shaorghluaiseacht earraí idir na Páirtithe Comhlachaithe. Beidh fad na mbeart sin teoranta dá bhfuil fíorghá leis chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach.

AIRTEAGAL 10

Cánachas inmheánach

Ní fhorchuirfidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe, go díreach ná go hindíreach, ar tháirgí an Pháirtí Chomhlachaithe eile aon chánachas inmheánach d'aon chineál de bhreis ar an gcáin a fhorchuirtear go díreach nó go hindíreach ar tháirgí intíre comhchosúla. Ná ní fhorchuirfidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe ar tháirgí an Pháirtí Chomhlachaithe eile aon chánachas inmheánach de chineál a thabharfaidh cosaint indíreach do tháirgí eile.

AIRTEAGAL 11

Comhtharaif chustaim an Aontais a chur i bhfeidhm

Ina gcaidreamh le tríú tíortha, cuirfidh na Stáit Chomhlachaithe comhtharaif chustaim an Aontais i bhfeidhm de réir na bhforálacha a leagtar síos sna Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe faoi seach.

AIRTEAGAL 12

comhbheartas tráchtála an Aontais a chur i bhfeidhm

Ina gcaidreamh le tríú tíortha, cuirfidh na Stáit Chomhlachaithe comhbheartas tráchtála an Aontais i bhfeidhm, lena n- áirítear bearta cosanta trádála an Aontais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXV a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 13

## Rialacha eile

1. Leagtar síos forálacha agus socruithe sonracha sna nithe seo a leanas:

(a) Iarscríbhinn I a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, a mhéid a bhaineann le sábháilteacht bia agus cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta;

(b) Iarscríbhinn II a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stáit Comhlachaithe, a mhéid a bhaineann le rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú;

(c) Iarscríbhinn III a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, a mhéid a bhaineann le dliteanas táirge;

(d) Iarscríbhinn IV a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, a mhéid a bhaineann le fuinneamh;

(e) Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, a mhéid a bhaineann le reachtaíocht chustaim;

(f) Iarscríbhinn XXIV a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, a mhéid a bhaineann le reachtaíocht maidir le talmhaíocht; agus

(g) Iarscríbhinn XXV a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stáit Comhlachaithe, a mhéid a bhaineann le gnéithe seachas na gnéithe sin a chumhdaítear le hAirteagal 12 den Chreat- Chomhaontú.

2. Beidh feidhm ag na forálacha agus na socruithe sonracha dá dtagraítear i mír 1 maidir le gach táirge mura sonraítear a mhalairt.

## CAIBIDIL 2

## SAORGHLUAISEACHT DAOINE, OIBRITHE
## AGUS DAOINE FÉINFHOSTAITHE

### AIRTEAGAL 14

### Saorghluaiseacht oibrithe

1. Déanfar saoirse ghluaiseachta d'oibrithe a áirithiú idir na Páirtithe Comhlachaithe.

2. Bhéarfaidh an tsaoirse ghluaiseachta go ndíothófar aon idirdhealú de bhíthin a náisiúntachta idir oibrithe ó Bhallstáit an Aontais agus ón Stát Comhlachaithe lena mbaineann a mhéid a bhaineann le fostaíocht, luach saothair agus dálaí eile oibre agus fostaíochta.

3. Gabhfaidh léi, faoi réir teorainneacha a bhfuil call leo ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí, an ceart:

(a) chun glacadh le fostaíocht a tairgeadh iarbhír;

(b) chun gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de chríoch Bhallstáit an Aontais agus an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann chun na críche seo;

(c) chun fanacht ar chríoch Bhallstáit de chuid an Aontais nó an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann chun críocha fostaíochta i gcomhréir leis na forálacha lena rialaítear fhostaíocht náisiúnaigh an Stáit sin a leagtar síos trí reachtaíocht, rialúchán nó gníomhaíocht riaracháin;

(d) chun fanacht ar chríoch Bhallstáit de chuid an Aontais nó an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann tar éis a bheith fostaithe ann.

4. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le fostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

5. Sna Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe agus go háirithe in Iarscríbhinn V a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stáit Comhlachaithe tá forálacha sonracha maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

AIRTEAGAL 15

Slándáil shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe

Chun gur féidir le hoibrithe agus daoine féinfhostaithe gluaiseacht faoi shaoirse, déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe, i réimse na slándála sóisialta, na nithe seo a leanas a áirithiú, mar a dhéantar foráil maidir leo in Iarscríbhinn VI a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stáit Comhlachaithe, d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe agus dá gcleithiúnaithe, go háirithe:

(a) go gcomhshuimeofar, d'fhonn an ceart chun sochair a fháil agus a choinneáil agus méid an tsochair a ríomh, na tréimhsí uile a chuirtear san áireamh faoi dhlíthe na dtíortha éagsúla;

(b) go n-íocfar sochair le daoine a chónaíonn ar chríocha na bPáirtithe Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 16

### Aitheantas frithpháirteach dioplómaí

Chun gur fusa do dhaoine gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar oibrithe agus mar dhaoine féinfhostaithe, déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe na bearta is gá, mar atá in Iarscríbhinn VII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí agus cruthúnais eile ar cháilíochtaí foirmiúla, agus maidir le comhordú na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin sna Páirtithe Comhlachaithe i dtaobh oibrithe agus daoine féinfhostaithe a bheith ag gabháil le gníomhaíochtaí agus á saothrú.

## CAIBIDIL 3

## SAOIRSE BUNAÍOCHTA

### AIRTEAGAL 17

### Saoirse bunaíochta

1. Déanfar Saoirse bunaíochta idir na Páirtithe Comhlachaithe a áirithiú, i gcomhréir le Chomhaontaithe seo.

2. Toirmiscfear aon srian le saoirse bunaíochta náisiúnach de chuid Ballstáit an Aontais nó de chuid an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann ar chríoch aon Stát eile de na Stáit sin. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le bunú gníomhaireachtaí, brainsí nó fochuideachtaí ag náisiúnaigh d'aon Bhallstát den Aontas nó den Stát Comhlachaithe lena mbaineann atá bunaithe ar chríoch aon cheann Ballstát eile den Aontas nó Stát Comhlachaithe eile .

3. Folóidh an tsaoirse bunaíochta an ceart chun gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar oibrithí féinfhostaithe agus chun gnóthais a chur ar bun agus a bhainistiú, go háirithe cuideachtaí nó gnólachtaí de réir bhrí d'Airteagal 20(2) den Chreat- Chomhaontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos dá náisiúnaigh féin le dlí na tíre ina bhfuil suíomh na bunaíochta sin, faoi réir fhorálacha Chaibidil 5 de Chuid IV.

4. Tá forálacha sonracha maidir leis an tsaoirse bunaíochta in Iarscríbhinní VIII go XI agus XXII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stáit Comhlachaithe, agus i gCreat- Phrótacal 3.

## AIRTEAGAL 18

### Cumhachtaí poiblí a fheidhmiú

Ní bheidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo, a mhéid a bhaineann le haon Pháirtí Comhlachaithe áirithe, maidir le gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu sa Pháirtí Comhlachaithe sin, fiú go hócáideach, le feidhmiú údaráis oifigiúil.

## AIRTEAGAL 19

### Socruithe speisialta ar fhorais an bheartais phoiblí, na slándála poiblí agus na sláinte poiblí

Ní dhéanfaidh forálacha na Caibidle seo, agus bearta a ghlacfar dá mbun a ghabhann leis an gCaibidil seo, dochar d'infheidhmeacht forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin lena ndéantar foráil maidir le cóir speisialta do náisiúnaigh de Bhallstát de chuid an Aontais nó de chuid an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann ar fhorais an bheartais phoiblí, na slándála poiblí nó na sláinte poiblí.

## AIRTEAGAL 20

### Raon feidhme agus sainmhíniú cuideachtaí

1. Cuideachtaí a bunaíodh i gcomhréir le dlí Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh nó Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann agus a bhfuil a n- oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu ar chríoch an Ballstáit sin an Aontais nó an Stát Comhlachaithe lena mbaineann, chun críocha na Caibidle seo caithfear leo ar an dóigh chéanna le daoine nádúrtha ar náisiúnaigh de Bhallstáit an Aontais nó den Stát Comhlachaithe lena mbaineann iad.

2. Ciallaíonn 'cuideachtaí' cuideachtaí nó gnólachtaí a bunaíodh faoin dlí sibhialta nó faoin dlí tráchtála, lena n- áirítear comharchumainn, agus daoine dlítheanacha eile a rialaítear leis an dlí poiblí nó leis an dlí príobháideach, cé is moite díobh siúd atá neamhbhrabúsach.

AIRTEAGAL 21

Rannpháirtíocht i gcaipiteal cuideachtaí

Tabharfaidh Ballstát den Aontas nó an Stáit Comhlachaithe lena mbaineann do náisiúnaigh Ballstáit eile an Aontais nó an Stáit Comhlachaithe an chóir chéanna a thugann siad dá náisiúnaigh féin a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht i gcaipiteal cuideachtaí nó gnólachtaí de réir bhrí Airteagal 20(2), den Chreat- Chomhaontú, gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha eile an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 22

Aitheantas frithpháirteach dioplómaí

Tá feidhm ag Airteagal 16 den Chreat- Chomhaontú maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 23

Forálacha sonracha

Beidh an tSaoirse bunaíochta i réimse an iompair faoi rialú Chaibidil 6 de Chuid II.

## CAIBIDIL 4

## SAORGLUAISEACHT NA SEIRBHÍSÍ

### AIRTEAGAL 24

### Saorgluaiseacht seirbhísí

1. Déanfar saorgluaiseacht seirbhísí idir na Páirtithe Comhlachaithe a áirithiú i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

2. Toirmiscfear aon srian ar saorgluaiseacht seirbhísí idir na Páirtithe Comhlachaithe i leith náisiúnaigh de Bhallstát de chuid an Aontais nó de chuid an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann atá bunaithe i mBallstát an de chuid an Aontais nó Stát Comhlachaithe seachas Stát fhaighteoir na seirbhíse.

3. Measfar gur 'seirbhísí' iad seirbhísí i gcás ina soláthraítear iad de ghnáth ar luach saothair, a mhéid nach bhfuil siad faoi réir na bhforálacha a bhaineann le saorghluaiseacht daoine, saorghluaiseacht earraí agus saorghluaiseacht chaipitil

4. Le 'seirbhísí', áireofar go háirithe gníomhaíochtaí:

(a) de chineál tionsclaíoch;

(b) de chineál tráchtála;

(c) ceardaithe;

(d) na ngairmeacha.

Gan dochar Chaibidil 3, féadfaidh an duine a sholáthraíonn seirbhís, chun go bhféadfaidh sé an tseirbhís a sholáthar, a ghníomhaíocht a shaothrú go sealadach i mBallstát an Aontais nó an Stát Comhlachaithe sin lena mbaineann ina soláthraítear an tseirbhís, faoi na coinníollacha céanna a fhorchuireann an Ballstát an Aontais nó an Stát Comhlachaithe sin lena mbaineann sin ar a náisiúnaigh féin.

5. Tá forálacha sonracha maidir le saorgluaiseacht seirbhísí in Iarscríbhinní IX go XI a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe agus i gCreat- Phrótacal 3.

## AIRTEAGAL 25

### Neamh-idirdhealú

Fad nach mbeidh deireadh curtha idir na Páirtithe Comhlachaithe le srianta ar saorgluaiseacht seirbhísí , cuirfidh na Páirtithe Comhlachaithe na srianta sin i bhfeidhm gan idirdhealú ar fhorais náisiúntachta nó chónaithe maidir le gach duine a sholáthraíonn seirbhísí de réir bhrí Airteagal 24(2) den Chreat- Chomhaontú.

## AIRTEAGAL 26

### Forálacha sonracha

1. Beidh an saorgluaiseacht seirbhísí i réim an iompair faoi rialú Chaibidil 6 de Chuid II.

2. Tá feidhm ag Airteagail 16, 18, 19 agus 20 den Chreat- Chomhaontú maidir leis na hábhair a rialaítear leis an gCaibidil seo.

CAIBIDIL 5

SAORGHLUAISEACHT CAIPITIL

AIRTEAGAL 27

Gluaiseachtaí Caipitil

1. Faoi chuimsiú fhorálacha an Chomhaontaithe seo, toirmiscfear srianta ar ghluaiseacht chaipitil idir na Páirtithe Comhlachaithe.

2. Faoi chuimsiú fhorálacha an Chomhaontaithe seo, toirmiscfear srianta ar íocaíochtaí idir na Páirtithe Comhlachaithe.

3. Tá forálacha sonracha maidir le saorghluaiseacht caipitil agus íocaíochtaí in Iarscríbhinn XII a ghabhann le gach Prótacal i leagtar amach ann le Stáit Comhlachaithe.

AIRTEAGAL 28

Bearta atá comhoiriúnach le saorghluaiseacht caipitil

1. Beidh Airteagal 27 den Chreat-Chomhaontú gan dochar do cheart Bhallstáit an Aontais agus na Stát Comhlachaithe:

(a) chun forálacha ábhartha a ndlí cánach a chur i bhfeidhm a idirdhealaíonn idir cáiníocóirí nach bhfuil sa chor céanna maidir lena n- áit chónaithe nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe;

(b) chun gach beart riachtanach a ghlacadh chun sáruithe ar an dlí náisiúnta agus ar rialacháin náisiúnta a chosc, go háirithe i réimse an chánachais agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí airgeadais, nó chun nósanna imeachta a leagan síos le haghaidh dearbhuithe um ghluaiseachtaí caipitil chun críoch faisnéise riaracháin nó staidrimh, nó chun bearta a ghlacadh a bhfuil údar leo ar fhorais an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí.

2. Beidh forálacha na Caibidle seo gan dochar d'infheidhmeacht na srianta ar an tsaoirse bunaíochta atá ag luí leis an gComhaontú seo.

3. Ní fhéadfar áis a bhaint as na bearta ná na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar shaorghluaiseacht caipitil agus íocaíochtaí.

AIRTEAGAL 29

Bearta cosanta i gcás deacrachtaí i gcomhardú na n- íocaíochtaí

I gcás Ballstát den Aontas nach bhfuil an euro mar airgeadra aige nó Stát Comhlachaithe a bheith i ndeacrachtaí nó deacrachtaí a bheith ag dianbhagairt air a mhéid a bhaineann lena chomhardú íocaíochtaí mar thoradh ar éagothromaíocht fhoriomlán ina chomhardú íocaíochtaí, nó mar thoradh ar an gcineál airgeadra atá ar fáil dó, agus i gcás inar dóigh go háirithe go gcuirfidh na deacrachtaí sin feidhmiú an Chomhaontaithe seo i gcontúirt, féadfaidh an Ballstát den Aontas nó an Stát Comhlachaithe lena mbaineann bearta cosanta a dhéanamh.

AIRTEAGAL 30

Bearta coimirce maidir le gluaiseachtaí caipitil nó íocaíochtaí

In imthosca eisceachtúla, i ndeacrachtaí tromchúiseacha, nó i mbaol deacrachtaí tromchúiseacha, ar mhaithe le feidhmiú aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta coimirce a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le gluaiseachtaí caipitil nó íocaíochtaí ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí, fad a bheidh fíorghá leis na bearta cosanta .

AIRTEAGAL 31

Bearta cosanta a chur chun feidhme

Úsáidfidh an tAontas, de pháirt amháin, agus gach Stát Comhlachaithe, den pháirt eile, a nósanna imeachta inmheánacha Airteagal 29 den Chreat- Chomhaontú a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 32

Ról an Chomhchoiste i gcás bearta cosanta

1. Cuirfear gach beart cosanta dá dtagraítear in Airteagal 29 den Chreat- Chomhaontú in iúl láithreach don Chomhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 76 den Chreat- Chomhaontú.

2. Na bearta cosanta uile dá dtagraítear in Airteagal 29 den Chreat- Chomhaontú, beidh siad faoi réir comhairliúchán agus malartú faisnéise laistigh den Chomhchoiste roimh an bhfógra, agus ina dhiaidh sin.

3. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 29 den Chreat- Chomhaontú, i gcás ina dtarlóidh géarchéim thobann maidir le comhardú na n- íocaíochtaí agus nach féidir na nósanna imeachta a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo a leanúint, féadfaidh an Ballstát den Aontas nó an Stát Comhlachaithe lena mbaineann na bearta cosanta is gá a dhéanamh mar réamhchúram. Déanfaidh na bearta cosanta sin an suaitheadh is lú is féidir ar oibriú an Chomhaontaithe seo agus ní bheidh a raon feidhme níos leithne ná mar is fíorghá chun na deacrachtaí tobanna atá tagtha chun cinn a leigheas.

4. Nuair a ghlacfar bearta cosanta i gcomhréir le mír 3 , tabharfar fógra ina leith faoin lá a thiocfaidh siad i bhfeidhm, agus na comhairliúcháin agus an malartú faisnéise dá dtagraítear i mír 2 a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin.

CAIBIDIL 6

IOMPAR

AIRTEAGAL 33

Raon feidhme

1. Cumhdaítear leis an gComhaontú seo iompar traschórais, iompar ar bóthar, iompar ar iarnród, iompar ar uiscebhealaí intíre agus iompar muirí comhcheangailte, lena n- áirítear seirbhísí a bhaineann leis na modhanna iompair sin.

2. Saothrófar cuspóirí a bhaineann le hiompair an Chomhaontaithe seo i gcomhréir le hAirteagail 34 go 37 den Chreat- Chomhaontú agus i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe.

AIRTEAGAL 34

Rialacha intíre a chur i bhfeidhm go neamh- idirdhealaitheach

Na forálacha a bhaineann le hiompar traschórais, iompar ar iarnród, iompar ar bóthar, iompar ar uiscebhealaí intíre agus iompar muirí atá i bhfeidhm i bPáirtí Comhlachaithe agus nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, beidh siad chomh fabhrach céanna maidir lena n- éifeacht dhíreach nó indíreach ar iompróirí de chuid an Pháirtí Chomhlachaithe eile agus atá siad i ndáil le hiompróirí intíre an Pháirtí Chomhlachaithe sin.

## AIRTEAGAL 35

### Státchabhair in earnáil an iompair

Beidh cabhair le haghaidh seirbhísí iompair comhoiriúnach leis an gComhaontú seo má chomhlíonann sí riachtanais chomhordú an iompair nó má léiríonn sí aisíocaíocht as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh ar gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí iad.

## AIRTEAGAL 36

### Toirmeasc ar rátaí nó coinníollacha idirdhealaitheacha

1. I gcás iompair laistigh de chríoch na bPáirtithe Comhlachaithe, ní dhéanfar aon idirdhealú trína ndéanann iompróirí rátaí éagsúla a ghearradh agus coinníollacha éagsúla a fhorchur as na hearraí céanna a iompar ar na hidirbhealaí iompair céanna ar fhorais na tíre tionscnaimh nó cheann scríbe na n- earraí atá i gceist.

2. Scrúdóidh an Comhchoiste, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Pháirtí Comhlachaithe, aon chás d'idirdhealú a thagann faoi raon feidhme an Airteagail seo agus déanfaidh sé na cinntí is gá faoi chuimsiú a rialacha inmheánacha féin.

AIRTEAGAL 37

Muirir ar thrasnú teorainneacha

Na muirir nó na dleachtanna a éileoidh tarlóir as teorainneacha a thrasnú, i dteannta rátaí iompair, ní ghabhfaidh siad thar leibhéal réasúnta, i ndiaidh na gcostas a tabhaíodh go hiarbhír sa trasnú sin a chur san áireamh. Féachfaidh na Páirtithe Comhlachaithe leis na costais sin a laghdú go comhleanúnach.

CUID III

IOMAÍOCHT AGUS RIALACHA COMHCHOITEANNA EILE

CAIBIDIL 1

RIALACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE GNÓTHAIS

AIRTEAGAL 38

Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe ag comhlacais gnóthas

1. Toirmiscfear na nithe seo a leanas toisc iad a bheith ar neamhréir le feidhmiú an Chomhaontaithe seo: gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais ghnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir na Páirtithe Comhlachaithe agus arb é a gcuspóir nó a n- éifeacht iomaíocht laistigh de chríoch na bPáirtithe Comhlachaithe a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, agus go háirithe na cinn sin:

(a) a shocraíonn praghsanna ceannaigh nó díolta nó aon choinníoll eile trádála, go díreach nó go hindíreach;

(b) lena sriantar nó lena rialaítear táirgeadh, margaí, forbairt theicniúil nó infheistíocht;

(c) a roinneann margaí nó foinsí soláthair;

(d) a chuireann coinníollacha neamhionanna i bhfeidhm ar idirbhearta coibhéiseacha le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste iad san iomaíocht;

(e) a chuireann cur i gcrích conarthaí faoi réir glacadh oibleagáidí forlíontacha ag na páirtithe eile, ar oibleagáidí iad nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.

2. Aon chomhaontú nó cinneadh a thoirmiscfear de bhun an Airteagail seo, beidh siad ar neamhní dá dhroim sin.

3. Féadfar a dhearbhú, áfach, nach bhfuil mír 1 infheidhme sna cásanna seo a leanas:

– aon chomhaontú nó aon chineál comhaontuithe idir gnóthais;

– aon chinneadh nó aon chineál cinntí ag comhlachais ghnóthas; nó

– aon chleachtas comhbheartaithe nó aon chineál cleachtas comhbheartaithe,

a chuidíonn le feabhas a chur ar tháirgeadh nó dáileadh earraí nó leis an dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn, agus cion cothrom den tairbhe uaidh sin a ligean le tomhaltóirí, agus:

(a) nach bhforchuireann ar na gnóthais lena mbaineann srianta nach bhfuil fíor- riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú;

(b) nach dtugann do na gnóthais sin breith ar iomaíocht a dhíchur i gcás cuid mhór de na táirgí atá i gceist.

## AIRTEAGAL 39

### Mí- úsáid ceannasachta

Toirmiscfear aon mhí- úsáid ag gnóthas amháin nó níos mó ag a bhfuil ceannasacht laistigh de chríoch na bPáirtithe Comhlachaithe nó i gcuid shubstaintiúil díobh mar mhí- úsáid atá ar neamhréir le feidhmiú an Chomhaontaithe seo a mhéid a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh don trádáil idir na Páirtithe Comhlachaithe.

D'fhéadfadh sé go háirithe gurb é a bheadh sa mhí- úsáid sin:

(a) praghsanna míchóra ceannaigh nó díolta nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go hindíreach;

(b) an táirgeadh, na margaí nó an fhorbairt theicniúil a theorannú chun dochair do thomhaltóirí;

(c) coinníollacha neamhionanna a chur i bhfeidhm ar idirbhearta coibhéiseacha le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirfí faoi mhíbhuntáiste iad san iomaíocht;

(d) cur i gcrích conarthaí a chur faoi réir glacadh oibleagáidí forlíontacha ag na páirtithe eile, ar oibleagáidí iad nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.

## AIRTEAGAL 40

### Inniúlacht an Choimisiúin Eorpaigh

I gcás inar dócha go ndéanfar difear don trádáil idir Ballstáit an Aontais, is é an Coimisiún Eorpach amháin atá inniúil chun Caibidle seo a chur i bhfeidhm.

## AIRTEAGAL 41

### Critéir mheasúnúcháin le haghaidh cleachtais thoirmiscthe

Ní mór measúnú a dhéanamh ar aon chleachtas a thoirmisctear le hAirteagail 38 agus 39 den Chreat- Chomhaontú seo i gcomhréir leis na critéir a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 101 agus 102 CFAE, chomh maith le haon dlí thánaisteach atá i bhfeidhm san Aontas. Leagtar amach na forálacha ábhartha sin in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 42

### Gnóthais phoiblí agus gnóthais a bhfuil cearta speisialta nó eisiacha acu nó a bhfuil oibriú seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta de chúram orthu

1. I gcás gnóthais phoiblí agus gnóthais dá ndeonaíonn Ballstáit de chuid an Aontais nó Stáit Chomhlachaithe cearta speisialta nó cearta eisiacha, ní achtóidh ná ní choinneoidh na Stáit Chomhlachaithe i bhfeidhm aon bheart atá contrártha do na rialacha atá sa Chomhaontú seo, go háirithe na rialacha sin dá bhforáiltear sa Chaibidil seo.

2. Gnóthais arb é a gcúram seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú nó seirbhísí de chineál monaplachta fioscaí, beidh siad faoi réir an Chomhaontaithe seo, go háirithe a rialacha maidir le hiomaíocht, a mhéid nach dtiocfaidh de na rialacha den sórt sin a chur i bhfeidhm bac ar chomhlíonadh, ó dhlí nó ó ghníomh, an chúraim áirithe a sannadh na gnóthais den sórt sin . Níor cheart difear a dhéanamh d'fhorbairt na trádála a mhéid a bheadh contrártha do leasanna na bPáirtithe Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 43

### Táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta

Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le táirgí talmhaíochta a tháirgeadh agus a thrádáil laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos le gníomhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 42 CFAE chun Airteagal 101 agus 102 CFAE sin a chur i bhfeidhm maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta.

## CAIBIDIL 2

## STÁTCHABHAIR

### AIRTEAGAL 44

### Prionsabail ghinearálta

1. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, aon chabhair a thabharfaidh na Ballstáit den Aontas, Stáit Chomhlachaithe nó a thabharfar trí acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, beidh sí ar neamhréir le feidhmiú an Chomhaontaithe seo a mhéid a dhéanann sí difear don trádáil idir na Páirtithe Comhlachaithe.

2. Measfar na nithe seo a leanas a bheith ar comhréir leis feidhmiú an gComhaontú seo:

(a) cabhair de chineál comhdhaonnach do thomhaltóirí aonair, ar choinníoll go dtugtar an chabhair sin gan idirdhealú maidir le tionscnamh na dtáirgí lena mbaineann;

(b) cabhair chun an damáiste a dhéanann tubaiste nádúrtha nó tarluithe eisceachtúla a chur ina gceart.

3. Féadfar a mheas go bhfuil na nithe seo a leanas ar comhréir le feidhmiú an Chomhaontaithe seo:

(a) cabhair chun forbairt eacnamaíoch ceantair ina bhfuil an caighdeán maireachtála an íseal nó ina bhfuil dífhostaíocht thromchúiseach a chur chun cinn;

(b) cabhair chun cur i gcrích tionscadail thábhachtaigh ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn nó chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit den Aontas nó i ngeilleagar Stáit Chomhlachaithe a leigheas;

(c) cabhair chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, i gcás nach ndéanann an chabhair sin dochar do dhálaí trádála idir na Páirtithe Comhlachaithe an oiread go mbeadh dochar ann d'aon cheann díobh;

(d) cabhair chun cultúr agus caomhnú na hoidhreachta a chur chun cinn, lena n- áirítear luachanna nádúrtha nó cultúrtha a chaomhnú, i gcás nach ndéanann an chabhair sin dochar do dhálaí trádála idir na Páirtithe Comhlachaithe an oiread go mbeadh dochar ann d'aon cheann díobh.

AIRTEAGAL 45

Trédhearcacht

Áiritheoidh na Páirtithe Comhlachaithe trédhearcacht maidir le Státchabhair laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo. Chuige sin, áiritheoidh gach Páirtí Comhlachaithe go bhfoilseofar an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach dámhachtain cabhrach aonair os cionn an mhéid atá bunaithe i ngníomhartha dlí an Aontais:

(a) téacs iomlán na scéimeanna cabhrach aonair nó na gcinntí lena ndeonaítear cabhair agus na rialacha cur chun feidhme;

(b) céannacht an údaráis deonúcháin;

(c) céannacht na dtairbhithe aonair;

(d) foirm agus méid na cabhrach a deonaíodh do gach tairbhí;

(e) dáta an deonaithe, an cineál gnóthais;

(f) an réigiún ina bhfuil an tairbhí lonnaithe; agus

(g) príomhearnáil eacnamaíoch gníomhaíochta an tairbhí.

Féadfaidh an Coimisiún Eorpach mionsonraí na n- oibleagáidí foilseacháin sin a shonrú dá bhforáiltear san Airteagal seo.

## AIRTEAGAL 46

### Athbhreithniú ag an gCoimisiún Eorpach ar Státchabhair

1. Cuirfear i bhfios don Choimisiún, in am trátha ionas go bhféadfaidh sé a bharúlacha a thabhairt, aon phleananna ag na Stáit Chomhlachaithe chun cabhair a dheonú nó a athrú. Má mheasann sé nach bhfuil tionscadal ag luí leis an margadh inmheánach, tionscnóidh sé an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 3 gan mhoill. Ní chuirfidh an Stát Comhlachaithe lena mbaineann na bearta atá beartaithe aige in éifeacht go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach mar thoradh ar an nós imeachta.

2. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach, i gcomhar leis na Stáit Chomhlachaithe, athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar aon chórais chabhrach atá sna Stáit Chomhlachaithe sin. Molfaidh sé do na Stáit Chomhlachaithe Stáit sin aon bhearta iomchuí is gá chun an margadh inmheánach a fhorbairt go comhleanúnach nó chun a fheidhmithe. Laistigh de bhliain amháin ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfaidh na Stáit Chomhlachaithe fardal cuimsitheach de scéimeanna cabhrach arna mbunú roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus na scéimeanna cabhrach sin a oiriúnú do na critéir dá dtagraítear in Airteagal 44 den Chreat- Chomhaontú laistigh de dhá bhliain ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

3. Más rud é, tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe lena mbaineann a mbarúlacha a chur isteach, go bhfaighidh an Coimisiún Eorpach amach go bhfuil cabhair a dheonaigh Stát Comhlachaithe nó a deonaíodh trí na acmhainní Stát Comhlachaithe gan bheith ag luí leis an margadh inmheánach nó go bhfuil an chabhair sin á mí- úsáid, cinnfidh sé go ndlíonn an Stát Comhlachaithe an chabhair sin a dhíothú nó a athrú laistigh de thréimhse a chinnfidh an Coimisiún.

4. Mura gcomhlíonann an Stát Comhlachaithe an cinneadh dá dtagraítear in mír 3 sin laistigh den teorainn ama atá leagtha síos, féadfaidh an Coimisiún Eorpach an t- ábhar a tharchur go díreach chuig CBAE.

## AIRTEAGAL 47

### Rialacha maidir le Státchabhair a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm

1. De mhaolú ar Airteagal 81 an Chreat-Chomhaontaithe, gabhann na Páirtithe Comhlachaithe orthu féin Airteagail 44, 45 agus 46 den Chreat- Chomhaontú a chur i bhfeidhm agus a léirmhíniú i gcomhréir leis na critéir maidir le cur i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos in Airteagail 93, 106, 107 agus 108 CFAE, chomh maith le haon dlí thánaisteach atá i bhfeidhm san Aontas.

2. Leagtar amach na forálacha dá dtagraítear i mír 1 in Iarscríbhinn XV a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe.

3. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh chun Iarscríbhinn XV a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe a leasú.

## AIRTEAGAL 48

### Táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta

Níl feidhm ag rialacha maidir leis an státchabhair maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE.

## CAIBIDIL 3

## RIALACHA COMHCHOITEANNA EILE

### AIRTEAGAL 49

### Soláthar agus cearta maoine intleachtúla, tionsclaíochta agus tráchtála

1. Tá forálacha sonracha agus socruithe is infheidhme maidir a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le gach Prótacal i ndáile le Stát Comhlachaithe. Mura bhforáiltear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha sonracha den sórt sin agus na socruithe sin maidir leis na hearraí agus na seirbhísí uile a luaitear san Iarscríbhinn sin.

2. Leagtar amach forálacha sonracha agus socruithe is infheidhme maidir le maoin intleachtúil, tionsclaíochta agus tráchtála in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le gach Prótacal i ndáile le Stát Comhlachaithe. Mura bhforáiltear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha sonracha den sórt sinagus na socruithe sin maidir leis na hearraí agus na seirbhísí uile.

CUID IV

# FORÁLACHA COTHROMÁNACHA A BHAINEANN LEIS NA CEITHRE SHAOIRSE

## CAIBIDIL 1

## BEARTAS SÓISIALTA

### AIRTEAGAL 50

Dálaí oibre a fheabhsú

Comhaontaíonn na Páirtithe Comhlachaithe gur gá dálaí oibre feabhsaithe agus caighdeán maireachtála feabhsaithe d'oibrithe a chur chun cinn.

### AIRTEAGAL 51

Sláinte agus sábháilteacht oibrithe

1. Tabharfaidh na Páirtithe Comhlachaithe aird ar leith ar fheabhsuithe a spreagadh, go háirithe sa timpeallacht oibre, maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe. Chun cuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach, cuirfear ceanglais íosta i bhfeidhm chun iad a chur chun feidhme de réir a chéile, ag féachaint do na coinníollacha agus do na rialacha teicniúla is infheidhme sna Páirtithe Comhlachaithe. Ní chuirfear leis na ceanglais íosta sin cosc ar aon Pháirtí Comhlachaithe bearta níos déine a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach chun dálaí oibre a chosaint atá comhoiriúnach leis an gComhaontú seo.

2. Leis na forálacha, leagtar amach na ceanglais íosta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 52

### Dlí an tsaothair

I réimse dhlí an tsaothair, tabharfaidh na Páirtithe Comhlachaithe isteach na bearta is gá chun dea- fheidhmiú an Chomhaontaithe seo a áirithiú. Leagtaramach bearta den sórt sin in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 53

### Pá comhionainn as obair chomhionann do mhná agus d'fhir

1. Áiritheoidh agus coinneoidh gach Páirtí Comhlachaithe ar bun feidhmiú an phrionsabail gur chóir go bhfaigheadh mná agus fir pá comhionann as obair chomhionann.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'pá' an gnáthphá nó an gnáth- thuarastal bunaidh nó íosta maille le haon chomaoin eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann oibrithe, go díreach nó go hindíreach, óna bhfostóir i leith a bhfostaíochta.

Ciallaíonn 'pá comhionann gan idirdhealú bunaithe ar ghnéas':

(a) go ndéantar an pá as an obair chéanna ar thascrátaí a ríomh ar bhonn an aonaid tomhais chéanna;

(b) i gcás obair de réir amrátaí gurb é an pá céanna a íoctar as an jab céanna.

2. Tá forálacha sonracha a leagtar amach maidir le mír 1 den Airteagal seo a chur chun feidhme in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe.

AIRTEAGAL 54

Cóir chomhionann idir mná agus fir

Déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe urraim don phrionsabal um chóir chomhionann idir mná agus fir a chur chun cinn trí na forálacha a shonraítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 55

Idirphlé sóisialta

Féachfaidh na Páirtithe Comhlachaithe le hidirphlé a chur chun cinn idir lucht bainistíochta agus lucht saothair, lena n- áirítear ar an leibhéal Eorpach.

CAIBIDIL 2

COSAINT TOMHALTÓIRÍ

AIRTEAGAL 56

Cosaint tomhaltóirí

Le hIarscríbhinn XIX a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, leagtar amach forálacha maidir le cosaint tomhaltóirí.

CAIBIDIL 3

AN COMHSHAOL AGUS AN AERÁID

AIRTEAGAL 57

Cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid

1. Beidh na cuspóirí seo a leanas ag gníomhaíocht ag na Páirtithe Comhlachaithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid:

(a) cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú;

(b) rannchuidiú le sláinte an duine a chosaint;

(c) úsáid stuama réasúnach acmhainní nádúrtha a áirithiú; agus

(d) bearta a chur chun cinn chun an t- athrú aeráide a chomhrac.

2. Beidh gníomhaíocht na bPáirtithe Comhlachaithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid bunaithe ar na prionsabail gur cheart beart coisctheach a dhéanamh, gur cheart, mar thosaíocht, damáiste don chomhshaol a cheartú ag an bhfoinse, agus gur cheart gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as. Beidh ceanglais cosanta comhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide ina gcomhpháirt de bheartais eile na bPáirtithe Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 58

### Bearta cosantacha

Le hIarscríbhinn XX a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, leagtar amach na forálacha sonracha maidir le bearta cosanta a mbeidh feidhm acu de bhun Airteagal 57 den Chreat- Chomhaontú.

## AIRTEAGAL 59

### Bearta náisiúnta níos déine

Ní chuirfidh na bearta cosanta dá dtagraítear in Airteagal 58 den Chreat- Chomhaontú cosc ar aon Pháirtí Comhlachaithe bearta cosanta níos déine atá ag luí leis an gComhaontú seo a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach.

CAIBIDIL 4

STAIDREAMH

AIRTEAGAL 60

Comhar i réimse an staidrimh

1. Áiritheoidh na Páirtithe Comhlachaithe go dtáirgfear agus go scaipfear faisnéis staidrimh chomhleanúnaigh agus inchomparáide chun cur síos agus faireachán a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil uile na Stát Comhlachaithe.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe modhanna, sainmhínithe agus aicmithe comhchuibhithe a fhorbairt agus a úsáid chomh maith le cláir agus nósanna imeachta coiteanna lena n- eagrófar obair staidrimh ar leibhéil riaracháin iomchuí agus an gá atá le rúndacht staidrimh á urramú go cuí.

3. Le hIarscríbhinn XXI a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, leagtar amach forálacha sonracha maidir le staidreamh.

4. Le Creat- Phrótacal 5, leagtar amach forálacha sonracha maidir le heagrú an chomhair i réimse an staidrimh.

# CAIBIDIL 5

# DLÍ na gCUIDEACHTAÍ

## AIRTEAGAL 61

### Dlí na gcuideachtaí

Le hIarscríbhinn XXII a ghabhann le gach Prótacal i ndáile le Stát Comhlachaithe, leagtar amach forálacha sonracha maidir le dlí na gcuideachtaí.

CUID V

COMHAR

AIRTEAGAL 62

Comhar frith- chalaoise

1. Gabhann na Páirtithe Comhlachaithe orthu féin calaois, éilliú, smuigleáil agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac go héifeachtach.

Chuige sin, oibreoidh údaráis inniúla na Stát Comhlachaithe, ar thaobh amháin, agus an Coimisiún Eorpach agus an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF), ar an láimh eile, i ndlúthchomhar le chéile, rachaidh siad i gcomhairle le chéile go rialta agus cuideoidh siad le chéile de réir a sainorduithe faoi seach. Féadfaidh údaráis inniúla na Stát Comhlachaithe agus OLAF socruithe riaracháin a dhéanamh dá gcomhar.

De rogha, déanfar na socruithe riaracháin sin sula mbeidh Stát Comhlachaithe incháilithe cistí ón Aontas a fháil i ndáil lena rannpháirtíocht i gcláir arna maoiniú ag an Aontas.

Comhoibreoidh na Stáit Chomhlachaithe leis an Aontas sa chomhrac in aghaidh na calaoise agus gabhfaidh siad orthu féin a mbeartais agus a reachtaíocht a thabhairt de réir a chéile i gcomhréir le forálacha frith- chalaoise an Aontais gan a bheith de cheangal orthu, áfach, iad a chomhchuibhiú. Tá na forálacha frith-chalaois sin liostaithe sna Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe.

2. Féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe fianaise, anailísí nó cineálacha eile faisnéise, lena n- áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú chun críche calaoise, éillithe, smuigleála agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear dá leasanna airgeadais faoi seach a chosc, a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a phionósú, ar bhonn riaracháin agus coiriúlachta.

An fhaisnéis agus an fhianaise a tharchuirtear nó a fhaightear de bhun an Airteagail seo, is cuma cén fhoirm ina bhfuil sí, beidh sí faoi réir rúndacht ghairmiúil agus beidh an chosaint chéanna aici agus a bhíonn ag faisnéis inchomparáide, lena n- áirítear sonraí pearsanta, arna dtabhairt le dlí náisiúnta an Pháirtí Chomhlachaithe a fhaigheann í agus leis na forálacha comhfhreagracha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais.

Go háirithe, ní chuirfear an fhaisnéis ná an fhianaise sin in iúl do dhaoine seachas daoine, laistigh na hinstitiúidí an Aontais nó in údaráis na Stát Comhlachaithe ar gá dá bhfeidhmeanna í a bheith ar eolas acu, an fhaisnéis agus an fhianaise sin, nó a bheidh in úsáid ag institiúidí an Aontais Eorpaigh nó ag údaráis na Stát Comhlachaithe ná ní fhéadfar í a úsáid chun críocha seachas na críocha sin a thagann faoi réim raon feidhme an Airteagail seo.

3. Féadfaidh OLAF seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha ar chríoch an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann i gcás ina bhfuil cistí de chuid an Aontais á bhfáil ag an Stát Comhlachaithe sin faoi chláir atá maoinithe ag an Aontas, i gcás inar chuir an Coimisiún Eorpach cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid faoi na cláir sin ar iontaoibh OLAF nó i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí calaoiseacha sa Stát Comhlachaithe chun dochair do dhleachtanna custaim an Aontais nó d'acmhainní dílse eile arna sainaithint le cinneadh ón gComhchoiste. Tabharfaidh údaráis inniúla an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann cúnamh do OLAF ina leith sin faoi chuimsiú an dlúthchomhair dá dtagraítear i mír 1.

Laistigh de theorainneacha a chumhachtaí agus ar bhonn iarraidh chuí- réasúnaithe chuig údaráis inniúla Stáit Chomhlachaithe, féadfaidh OLAF seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha ar chríoch an Stáit Chomhlachaithe sin i gcásanna seachas na cásanna dá bhforáiltear sa chéad fomhír den mhír seo, ar choinníoll nach ndéanfaidh an t- údarás inniúil Stáit Chomhlachaithe agóid i gcoinne na hiarrata chuí-réasúnaithe sin.

AIRTEAGAL 63

Comhar maidir le hábhair eile

1. Aithníonn na Páirtithe Comhlachaithe prionsabail an dea- rialachais i gcúrsaí cánach agus geallann siad iad a chur chun feidhme, lena n- áirítear caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise, cánachas cothrom agus caighdeáin íosta in aghaidh chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis. Cuirfidh na Páirtithe Comhlachaithe dea- rialachas i gcúrsaí cánach chun cinn, feabhsóidh siad an comhar idirnáisiúnta i réimse an chánachais agus éascóidh siad cosaint ioncaim chánach.

2. Gabhann na Páirtithe Comhlachaithe orthu féin leasú a dhéanamh, laistigh de thréimhse 4 bliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ar an bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe chun forálacha a chur san áireamh maidir le cúnamh frithpháirteach chun gach éileamh cánach a ghnóthú.

CUID VI

COMHAR LASMUIGH DE NA CEITHRE SHAOIRSE

AIRTEAGAL 64

Réimsí comhair

Féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe a gcomhar a neartú nó a leathnú faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí an Aontais sna réimsí seo a leanas:

– taighde agus forbairt theicneolaíoch;

– seirbhísí faisnéise;

– comhshaol;

– gníomhú ar son na haeráide;

– oideachas, oiliúint agus an óige;

– beartas sóisialta;

– cosaint tomhaltóirí;

- fiontair bheaga agus mheánmhéide;
- turasóireacht;
- beartas closamhairc;
- cosaint shibhialta;
- comhar breithiúnach in ábhair shibhialta;
- cultúr;
- cumarsáid;
- gréasáin thras- Eorpacha;
- beartas réigiúnach; agus
- sláinte phoiblí;

a mhéid nach bhfuil na hábhair den sórt sin á rialú faoi Codanna eile den Chomhaontú seo.

## AIRTEAGAL 65

### Idirphlé agus comhairliúchán

1. Féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe a n- idirphlé a neartú ar gach bealach iomchuí, go háirithe trí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i gCuid VII, d'fhonn réimsí agus gníomhaíochtaí a shainaithint ina bhféadfadh comhar níos dlúithe rannchuidiú lena gcomhchuspóirí a bhaint amach sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 64 den Chreat- Chomhaontú.

2. Go háirithe, féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe faisnéis a mhalartú agus, arna iarraidh sin do cheann amháin acu, comhairliúcháin a reáchtáil laistigh den Chomhchoiste i leith pleananna nó tograí chun cláir réime, cláir shonracha, gníomhaíochtaí sonracha agus tionscadail shonracha a bhunú nó a leasú sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 64 den Chreat- Chomhaontú.

3. Beidh feidhm ag Cuid VII *mutatis mutandis* maidir leis an gCuid seo aon uair a fhorálann an Chuid sin nó na Prótacail i ndáil le Stáit Comhlachaithe go sonrach di.

## AIRTEAGAL 66

### Cineálacha comhair

Féadfaidh an comhar dá bhforáiltear in Airteagal 64 den Chreat- Chomhaontú a bheith i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht Stát Comhlachaithe i gcláir réime an Aontais, i gcláir shonracha, i dtionscadail shonracha nó i ngníomhaíochtaí eile;

(b) gníomhaíochtaí comhpháirteacha a bhunú i réimsí sonracha, lena bhféadfaí comhbheartú nó comhordú gníomhaíochtaí a áireamh, gníomhaíochtaí atá ann cheana a chumasc agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha ad hoc a bhunú;

(c) an malartú nó soláthar foirmiúil agus neamhfhoirmiúil faisnéise;

(d) comhiarrachtaí chun gníomhaíochtaí áirithe a spreagadh ar fud chríoch na bPáirtithe Comhlachaithe;

(e) reachtaíocht chomhthreomhar, i gcás inarb iomchuí, d'ábhar comhionann nó comhchosúil;

(f) comhordú, i gcás inar chun leasa fhrithpháirtigh é, ar iarrachtaí agus ar ghníomhaíochtaí trí eagraíochtaí idirnáisiúnta, nó i gcomhthéacs eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus ar chomhar le tríú tíortha.

AIRTEAGAL 67

Rannpháirtíocht Stát Comhlachais i gcláir réime an Aontais, i gcláir shonracha, i dtionscadail shonracha nó i ngníomhaíochtaí eile de chuid

I gcás ina mbeidh an comhar i bhfoirm rannpháirtíochta ag Stáit Chomhlachaithe i gclár réime de chuid an Aontais, i gclár sonrach, i dtionscadal sonrach nó i ngníomhaíocht eile, beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas:

(a) beidh rochtain ag na Stáit Chomhlachaithe ar an gclár iomlán nó ar roinnt codanna de;

(b) léireoidh stádas na Stát Comhlachaithe sna coistí a chuidíonn leis an gCoimisiún Eorpach gníomhaíocht de chuid an Aontais a bhainistiú nó a fhorbairt lena bhféadfaidh Stáit Chomhlachaithe ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh de bhua a rannpháirtíochta, léireoidh sé go hiomlán an ranníocaíocht den sórt sin;

(c) Cinntí de chuid an Aontais, seachas na cinntí sin a bhaineann le buiséad ginearálta an Aontais, a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach do chlár réime, do chlár sonrach, do thionscadal sonrach nó do ghníomhaíocht eile ina bhfuil na Stáit Chomhlachaithe rannpháirteach de bhun chinnidh faoin gComhaontú seo, beidh siad faoi réir fhorálacha Airteagal 65(3) den Chreat- Chomhaontú; féadfaidh an Comhchoiste téarmaí agus coinníollacha na rannpháirtíochta leanúnaí sa ghníomhaíocht i gceist a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 72 den Chreat- Chomhaontú;

(d) ar leibhéal an tionscadail, beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag institiúidí, gnóthais, eagraíochtaí agus náisiúnaigh na Stát Comhlachaithe i gclár an Aontais nó i ngníomhaíocht eile atá i gceist agus na cearta agus na hoibleagáidí is infheidhme maidir le hinstitiúidí comhpháirtíochta, gnóthais, eagraíochtaí agus náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais; beidh feidhm *mutatis mutandis* mar an gcéanna maidir le rannpháirtithe i malartuithe idir Ballstáit an Aontais agus na Stáit Chomhlachaithe faoin ngníomhaíocht i gceist;

(e) Beidh ag Stáit Chomhlachaithe, a n- institiúidí, a ngnóthais, a n- eagraíochtaí agus a náisiúnaigh na cearta agus na hoibleagáidí céanna maidir le leathadh, meastóireacht agus saothrú torthaí cearta agus oibleagáidí is infheidhme maidir le Ballstáit an Aontais, a n- institiúidí, a ngnóthais, a n- eagraíochtaí agus a náisiúnaigh;

(f) Gabhann Páirtithe comhlachaithe orthu féin, i gcomhréir lena rialacha agus a rialacháin faoi seach, gluaiseacht rannpháirtithe i gcláir nó i ngníomhaíochtaí eile a éascú a mhéid is gá.

AIRTEAGAL 68

Rannpháirtíocht airgeadais na Stát Comhlachaithe

1. I gcás ina mbeidh rannpháirtíocht airgeadais ó Stát Comhlachaithe i gceist leis an gcomhar atá beartaithe faoin gCuid seo, beidh an rannpháirtíocht airgeadais sin i bhfoirm amháin díobh seo a leanas:

(a) déanfar ranníocaíocht na Stát Comhlachaithe, a eascróidh as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an Aontais, a ríomh go comhréireach:

– leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, agus

– na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí,

a iontráiltear gach bliain le haghaidh an Aontais ina bhuiséad ginearálta do gach líne bhuiséadach a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí atá i gceist.

Is é an fachtóir comhréireachta lena gcinnfear ranníocaíocht na Stát Comhlachaithe suim na gcóimheas idir, ar thaobh amháin, an olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh de gach Stát Comhlachaithe agus, ar an taobh eile, suim na n- olltáirgeachtaí intíre ag praghsanna an mhargaidh de Bhallstáit an Aontais agus den Stát Comhlachaithe lena mbaineann. Déanfar an fachtóir comhréireachta a ríomh, do gach bliain bhuiséadach, ar bhonn na sonraí staidrimh is déanaí.

Beidh méid ranníocaíocht na Stát Comhlachaithe sa bhreis, i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon, ar na méideanna arna n- iontráil le haghaidh an Aontais sa bhuiséad ginearálta ar gach líne bhuiséadach a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí atá i gceist.

Déanfar na ranníocaíochtaí a bheidh le híoc gach bliain ag Stáit Chomhlachaithe a chinneadh ar bhonn na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Maidir le gealltanais arna ndéanamh ag an Aontas roimh rannpháirtíocht Stát Comhlachaithe, ar bhonn an Chomhaontaithe seo, sna gníomhaíochtaí atá i gceist – chomh maith leis na híocaíochtaí a bheidh mar thoradh air sin – ní eascrófar aon ranníocaíocht ar thaobh na Stát Comhlachaithe astu.

(b) beidh an ranníocaíocht airgeadais ó na Stáit Chomhlachaithe a thiocfaidh óna rannpháirtíocht i dtionscadail áirithe nó i ngníomhaíochtaí eile bunaithe ar an bprionsabal go gcumhdóidh gach Stát Comhlachaithe a chostais féin agus go ndéanfaidh sé ranníocaíocht iomchuí, a shocróidh an Comhchoiste, le forchostais an Aontais Eorpaigh.

(c) déanfaidh an Comhchoiste na cinntí is gá maidir le ranníocaíocht na Stát Comhlachaithe le costais na gníomhaíochta atá i gceist.

2. Leagfar amach na forálacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo sa Phrótacal Stáit Chomhlachaithe maidir le módúlachtaí chun Airteagal 68 den Chreat-Chomhaontú a chur chun feidhme dá dtagraítearin Airteagal 72 den Chreat- Chomhaontú.

## AIRTEAGAL 69

### Malartú faisnéise idir údaráis phoiblí

I gcás ina mbeidh an comhar i bhfoirm malartú faisnéise idir údaráis phoiblí, beidh na cearta céanna ag Stáit Chomhlachaithe faisnéis a fháil agus beidh na hoibleagáidí céanna orthu faisnéis a sholáthar agus atá ag Ballstáit an Aontais, faoi réir na gceanglas rúndachta, a shocróidh an Comhchoiste.

AIRTEAGAL 70

Comhar i réimsí sonracha

Tá na socruithe le haghaidh comhar i réimsí sonracha leagtha amach sna Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe.

AIRTEAGAL 71

Comhar atá ann cheana

Mura bhforáiltear a mhalairt i bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, beidh comhar atá bunaithe cheana féin idir na Páirtithe Comhlachaithe sna réimsí a leagtar amach in Airteagal 64 den Chreat- Chomhaontú ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm faoi rialú ina dhiaidh sin ag forálacha ábhartha na Coda seo agus ag an bPrótacal sin i ndáil le Stát Comhlachaithe.

AIRTEAGAL 72

Ról na gComhchoistí

Déanfaidh na Comhchoistí, i gcomhréir le Cuid VI, na cinntí uile is gá chun Airteagail 64 go 71 den Chreat- Chomhaontú a chur chun feidhme agus na bearta a dhíorthaítear astu, lena bhféadfar a áireamh, *inter alia*, forálacha an Phrótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 68 den Chreat- Chomhaontú a chur chun feidhme a tharraingt suas, a fhorlíonadh nó a leasú, chomh maith le haon socrú idirthréimhseacha a ghlacadh is gá trí bhíthin Airteagal 71 den Chreat- Chomhaontú a chur chun feidhme.

## AIRTEAGAL 73

### Réimsí nua comhair

Déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe na bearta is gá chun comhar a fhorbairt, a neartú nó a leathnú faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí an Aontais i réimsí nach liostaítear in Airteagal 64 den Chreat- Chomhaontú, i gcás ina meastar gur dócha go rannchuideoidh an comhar sin le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach nó a mheastar ar shlí eile go bhfuil leas frithpháirteach ag baint leis. Féadfar a áireamh ar na céimeanna sin leasú ar Airteagal 64 den Chreat- Chomhaontú trí réimsí nua a chur leo siúd a liostaítear ann.

## AIRTEAGAL 74

### Bearta náisiúnta

Gan dochar Codanna eile den Chomhaontú seo, ní choiscfidh na Coda seo an deis a bheith ag aon Pháirtí Comhlachaithe bearta a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm go neamhspleách.

# CUID VII

# FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

## CAIBIDIL 1

## INSTITIÚIDÍ AN CHOMHLACHAIS

### AIRTEAGAL 75

### Coiste Comhlachais

1. Bunaítear leis seo Coiste Comhlachais. Beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe Conarthacha.. Tabharfar de chumhacht dó scrúdú a dhéanamh ar aon saincheist ghinearálta a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir an Páirtí AE agus na Stáit Chomhlachaithe.

2. Déanfaidh ionadaí an Pháirtí AE, ionadaí Andóra agus ionadaí San Mairíne cathaoirleacht ar an gCoiste Comhlachais gach re seal.

3. Glacfaidh an Coiste Comhlachais a rialacha nós imeachta trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe Conarthacha.

4. Chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, tiocfaidh an Coiste Comhlachais le chéile a mhinice a shonraítear ina rialacha nós imeachta, agus uair amháin gach dhá bhliain ar a laghad. Tiocfaidh sé le chéile freisin ar thionscnamh ceann de na Páirtithe Conarthacha, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta.

AIRTEAGAL 76

Comhchoistí

1. Bunaítear dhá Chomhchoiste leis seo arb éard a bheidh iontu faoi seach

(a) ionadaithe Pháirtí AE agus Andóra ('Comhchoiste AE- Andóra'); agus

(b) ionadaithe Pháirtí AE agus San Mairíne ('Comhchoiste AE- San Mairíne').

Chun críocha an Chreat- Chomhaontaithe seo, léifear aon tagairt do Chomhchoiste mar thagairt d'aon cheann de na Comhchoistí sin a liostaítear i bpointí (a) agus (b).

2. Áiritheoidh na Comhchoistí cur chun feidhme éifeachtach agus feidhmiú cuí an Chomhaontaithe seo.

3. Laistigh de na Comhchoistí faoi seach, malartóidh na Páirtithe Comhlachaithe tuairimí agus faisnéis maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Go háirithe, tabharfaidh comhairliúcháin laistigh de na Comhchoistí faoi seach aghaidh ar aon saincheist a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a chruthaíonn deacrachtaí maidir le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú agus a ardaíonn ceann de na Páirtithe Comhlachaithe.

4. Chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach agus chun comhar a chur chun feidhme i réimsí leasa choitinn agus feidhmiú éifeachtach mhargadh inmheánach an Aontais a áirithiú, arna leathnú chuig na Stáit Chomhlachaithe de réir fhorálacha agus théarmaí an Chomhaontaithe seo, lena n- áirítear go háirithe na Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe, déanfaidh na Comhchoistí lena mbaineann aon chinneadh dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo.

5. Glacfaidh na Comhchoistí faoi seach, trí chinneadh, a rialacha nós imeachta faoi seach, nach mór a bheith mar an gcéanna ó thaobh substainte de.

6. Déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe cathaoirleacht gach re seach ar na Comhchoistí faoi seach. Is é an tAontas a sholáthróidh rúnaíocht na gComhchoistí.

7. Chun a gcúraimí a dhéanamh, tiocfaidh na Comhchoistí faoi seach le chéile go tráthrialta, agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, ag eatraimh atá le sonrú sna rialacha nós imeachta. Tiocfaidh siad le chéile freisin ar thionscnamh a gCathaoirleach nó arna iarraidh sin do Pháirtí Comhlachaithe. Sa chás deireanach sin, tiocfaidh an Comhchoiste lena mbaineann le chéile tráth nach déanaí ná dhá mhí arna iarraidh sin do Pháirtí Comhlachaithe.

8. Féadfaidh na Comhchoistí faoi seach a chinneadh fochoistí nó meithleacha a bhunú chun cúnamh a thabhairt dóibh a gcúraimí a dhéanamh. Sonróidh na Comhchoistí faoi seach, ina rialacha nós imeachta, modheolaíocht, comhdhéanamh agus modh oibríochtaí na bhfochoistí agus na meithleacha sin. Cinnfidh na Comhchoistí a gcúraimí i ngach cás aonair.

## AIRTEAGAL 77

### Cinnteoireacht ag Comhchoistí

1. Déanfaidh Comhchoiste a chinntí trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe Comhlachaithe. Ar iarraidh ó cheann de na Páirtithe Comhlachaithe, tionólfaidh an Comhchoiste seisiún tuairimíochta.

2. Glacfar leasuithe ar Phrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe trí chinneadh ón gComhchoiste , mura bhforáiltear a mhalairt sa Phrótacal ábhartha i ndáil le Stáit Chomhlachaithe.

3. Leasófar Iarscríbhinní a ghabhann le Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe le cinneadh ón gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 81 den Chreat- Chomhaontú.

4. I gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, déanfaidh an Chomhchoiste a gcinntí na hIarscríbhinní leis na Prótacail Stáit Chomhlachaithe seo a leasú i gcomhthráth agus ar bhonn tograí comhordaithe. Déanfar na cinntí a ghlacfaidh Comhchoiste a tharchur freisin go dtí an Stát Comhlachaithe nach comhalta den Chomhchoiste sin.

5. Féadfaidh Comhchoiste a chinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, ach amháin i gcás ina n- iarrfaidh Páirtí Comhlachaithe go ndéanfaí cinneadh le linn cruinniú den Chomhchoiste.

6. Beidh cinntí a ghlacann Comhchoiste ina gceangal ar na Páirtithe Comhlachaithe, a dhéanfaidh na bearta is gá chun a áirithiú go dtiocfaidh na cinntí sin i bhfeidhm ina ndlíchóras agus go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach iad.

## AIRTEAGAL 78

### Comhar parlaiminteach

1. Bunaítear leis seo Coiste Parlaiminteach Comhlachais. Beidh sé ina fhóram ina bhféadfaidh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí de pharlaimintí na Stát Comhlachaithe teacht le chéile agus tuairimí a mhalartú agus rannchuideoidh sé, trí idirphlé agus díospóireacht, le tuiscint níos fearr idir na Stáit Comhlachaithe sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

2. Beidh an Coiste Parlaiminteach Comhlachais comhdhéanta, de chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa, ar thaobh amháin, agus de chomhaltaí pharlaimintí na Stát Comhlachaithe, ar thaobh amháin. Leagtar síos líon iomlán chomhaltaí an Choiste Pharlaimintigh Comhlachais leis an Reacht an Choiste Parlaiminteach Comhlachais leagtha amach i gCreat- Phrótacal 7.

3. Tiocfaidh an Coiste Parlaiminteach Comhlachais le chéile gach re seach san Aontas agus i gceann de na Stáit Chomhlachaithe ag eatraimh a chinnfidh sé féin, i gcomhréir leis an Reacht an Choiste Parlaiminteach Comhlachais .

4. Glacfaidh an Coiste Parlaiminteach Comhlachais a rialacha nós imeachta i gcomhréir leisan Reacht an Choiste Parlaiminteach Comhlachais .

5. Déanfaidh ionadaí ó Pharlaimint na hEorpa agus ionadaí ó cheann de pharlaimintí na Stát Comhlachaithe cathaoirleacht gach re seach ar an gCoiste Parlaiminteach Comhlachais, i gcomhréir leis an Reacht an Choiste Parlaiminteach Comhlachais agus ina rialacha nós imeachta.

AIRTEAGAL 79

Comhar idir comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta

1. Bunaítear leis seo Coiste Comhlachais Chomhairligh de na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta. Beidh sé tiomanta don idirphlé agus don chomhar a chur chun cinn i measc eagraíochtaí éagsúla eacnamaíocha agus sóisialta an Aontais agus na Stáit Comhlachaithe. Cumhdóidh an t- idirphlé agus an comhar sin gnéithe uile eacnamaíocha agus sóisialta den chaidreamh a bhunaítear leis an gComhaontú seo.

2. Beidh Coiste Comhlachais Chomhairligh na gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta comhdhéanta de chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), ar thaobh amháin agus, , de chomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta arna n- ainmniú ag na Stáit Chomhlachaithe, ar an taobh eile.

3. Glacfaidh an Coiste Comhlachais Chomhairligh de chomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta a rialacha nós imeachta.

4. Déanfaidh ionadaí ó CESE agus ionadaithe ó na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta arna n- ainmniú ag na Stáit Chomhlachaithe cathaoirleacht gach re seach ar Choiste Comhlachais Chomhairligh na gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, i gcomhréir le rialacha nós imeachta.

## CAIBIDIL 2

## COMHAIRLIÚCHÁN I dTACA LE NÓS IMEACHTA CINNTEOIREACHTA AN AONTAIS

### AIRTEAGAL 80

### Gníomh dlí de chuid an Aontais a tharraingt suas

1. A luaithe a bheidh gníomh dlí de chuid an Aontais i réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo á tharraingt suas ag an gCoimisiún Eorpach, cuirfidh an Coimisiún Eorpach na Stáit Chomhlachaithe ar an eolas faoi sin agus rachaidh sé i gcomhairle go neamhfhoirmiúil lena saineolaithe ar an mbealach céanna agus laistigh den tréimhse chéanna ina dtéann sé i gcomhairle le saineolaithe Bhallstáit an Aontais agus a thograí á dtarraingt suas an gCoimisiún Eorpach .

2. Agus a thogra á chur síos aige chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Parlaimint na hEorpa, tarchuirfidh an Coimisiún Eorpach cóipeanna de chuig na Stáit Chomhlachaithe.

3. Arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe Comhlachaithe, déanfar réamhsheisiún tuairimíochta sa Chomhchoiste nó trí aon mhodh iomchuí eile, rud a d'fhéadfadh a bheith foirmiúil nó neamhfhoirmiúil. Arna iarraidh sin do cheann acu, rachaidh na Páirtithe Comhlachaithe i gcomhairle le chéile arís ag pointí tábhachtacha sula nglacfar an gníomh dlí an Aontais atá i gceist. Cuirfidh na Stáit Chomhlachaithe, i gcás inarb iomchuí, an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoina bhfreagairtí agus féadfaidh siad a gcásanna sonracha faoi seach a chur i bhfios.

4. Nuair a tharraingíonn an Coimisiún Eorpach suas gníomhartha tarmligthe de réir bhrí Airteagal 290 CFAE faoi cheann amháin de na gníomhartha reachtacha a chumhdaítear le prótacal amháin nó le roinnt prótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo, déanfaidh an Coimisiún Eorpach na Stáit Chomhlachaithe a rannpháirtiú chomh hiomlán agus is féidir i ndréachtú a thograí.

5. Nuair a tharraingíonn an Coimisiún Eorpach suas gníomhartha cur chun feidhme de réir bhrí Airteagal 291 CFAE faoi cheann de na gníomhartha reachtacha a chumhdaítear le prótacal amháin nó le roinnt prótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo, beidh na Stáit Chomhlachaithe rannpháirteach chomh hiomlán agus is féidir i ndréachtú a thograí atá le cur faoi bhráid na gcoistí a thugann cúnamh don Choimisiún Eorpach i bhfeidhmiú a chumhachtaí feidhmiúcháin ina dhiaidh sin. Agus a thograí á dtarraingt suas aige, rachaidh an Coimisiún Eorpach i gcomhairle le saineolaithe na Stát Comhlachaithe ar an mbealach céanna agus laistigh den tréimhse chéanna ina dtéann sé i gcomhairle le saineolaithe Bhallstáit an Aontais.

6. I gcásanna ina dtugtar imeachtaí os comhair Chomhairle an Aontais Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme maidir leis an gcineál coiste lena mbaineann, tarchuirfidh an Coimisiún Eorpach tuairimí shaineolaithe na Stát Comhlachaithe chuig Comhairle an Aontais Eorpach.

7. Beidh saineolaithe na Stát Comhlachaithe comhlachaithe le hobair na gcoistí nach gcumhdaítear le míreanna 4 agus 5 nuair is gá é sin chun feidhmiú cuí an Chomhaontaithe seo a áirithiú. Déanfar liostaí na gcoistí sin agus, i gcás inarb infheidhme, na gcoistí eile a bhfuil tréithe comhchosúla acu, a áireamh sna Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe. Leagtar amach módúlachtaí comhlachais den sórt sin sna Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe agus sna hIarscríbhinní maidir leis na hábhair sin faoi seach.

CAIBIDIL 3

AONCHINEÁLACHT

## AIRTEAGAL 81

Leasú ar na hIarscríbhinní

1. Chun comhlíontacht phrionsabail Airteagal 4 den Chreat Comhaontú a áirithiú, oibreoidh na Páirtithe Comhlachaithe i ndlúthchomhar le chéile chun cinnteoireacht éifeachtúil agus thapa ag na Comhchoistí a chumasú agus chun a áirithiú go ndéanfar gníomhartha dlíthiúla de chuid an Aontais arna nglacadh sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a ionchorprú sna hIarscríbhinní ábhartha a luaithe is féidir tar éis iad a ghlacadh agus a tharchur chuig na Stáit Chomhlachaithe.

2. Déanfaidh na Comhchoistí na cinntí na hIarscríbhinní a leasú d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, go gcuirfear na gníomhartha dlí an Aontais, dá dtagraítear i mír 1, sin i bhfeidhm go comhuaineach san Aontas agus sa reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme iad sna Stáit Chomhlachaithe. I gcás aon deacrachtaí, déanfar na comhairliúcháin idir na Páirtithe Comhlachaithe a fheabhsú go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach, lena n- áirítear an fhéidearthacht aird a thabhairt ar choibhéis na reachtaíochta náisiúnta. Tarchuirfidh an Stát Comhlachaithe lena mbaineann an fhaisnéis úsáideach uile chuig an Aontas i scríbhinn chun gur féidir measúnú domhain a dhéanamh ar an staid.

3. Ní mór cinntí na gComhchoiste de bhun mhír 2 den Airteagal seo a dhéanamh ar a dhéanaí, tráth a rachaidh tréimhse sé mhí in éag ón dáta a chuirtear faoi bhráid an Chomhchoiste iad. Más rud é, ar dhul in éag don tréimhse sin, nár thoiligh Stát Comhlachaithe fós le gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais a ionchorprú san Iarscríbhinn ábhartha i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag an nós imeachta um réiteach díospóidí dá bhforáiltear in Airteagal 90 den Chreat- Chomhaontú. Meastar an t- ábhar a bheith tarchurtha chuig an gComhchoiste de bhun d'Airteagal 90(1) den Chreat- Chomhaontú faoi dheireadh na tréimhse sin.

4. I gcás ina leasófar le cinneadh ó Chomhchoiste Iarscríbhinn ina ndéantar tagairt, de bhun an leasaithe sin, do ghníomhartha dlí de chuid an Aontais, agus i gcás ina gceanglaítear leis an leasú sin bearta cur chun feidhme a achtú sa Stát Comhlachaithe lena mbaineann, achtófar na bearta cur chun feidhme sin sin laistigh de thréimhse a bheidh cothrom leis an tréimhse a bheidh leagtha síos do chur chun feidhme na ngníomhartha dlí sin de chuid an Aontais ag Ballstáit an Aontais, mura gcinnfidh an Comhchoiste a mhalairt. Tosóidh an tréimhse sin ar an lá a thiocfaidh an cinneadh ón gComhchoiste i bhfeidhm.

## AIRTEAGAL 82

### Ceanglais bhunreachtúla na Stát Comhlachaithe

1. I gcás nach féidir cinneadh arna ghlacadh ag Comhchoiste a chur i bhfeidhm i Stát Comhlachaithe go dtí go gcomhlíonfar ceanglais bhunreachtúla áirithe, tiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm i ndlíchóras an Stáit Comhlachaithe sin tar éis chomhlíontacht na gceanglas bhunreachtúla sin. Tabharfar fógra don Aontas maidir leis an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

2. Más rud é, ar dhul in éag do thréimhse 6 mhí tar éis chinneadh an Chomhchoiste nach ndearnadh fógra den sórt sin, beidh feidhm shealadach ag cinneadh an Chomhchoiste go dtí go gcomhlíonfar na ceanglais bhunreachtúla dá dtagraítear i mír 1 ach amháin má thugann an Stát Comhlachaithe fógra don Aontas nach féidir cur i bhfeidhm sealadach den sórt sin a dhéanamh agus agus an chúis atá leis .

3. Más rud é, ar dhul in éag do thréimhse 12 mhí tar éis chinneadh an Chomhchoiste, nach mbeidh an cinneadh sin curtha chun feidhme sa Stát Comhlachaithe, beidh feidhm ag Airteagal 90 den Chreat- Chomhaontú.

## AIRTEAGAL 83

### Nós imeachta uathoibríoch

1. De mhaolú ar Airteagal 81 den Chreat- Chomhaontú, i gcás ina ndéantar tagairt in Iarscríbhinn I a ghabhann le Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe do ghníomh dlíthiúil de chuid an Aontais, léifear an tagairt sin mar thagairt don ghníomh dlí an Aontais sin arna nuashonrú, gan gá leis na gníomhartha dlíthiúla an Aontais nua a ionchorprú in Iarscríbhinn I.

2. Chun críocha mhír 1, ciallóidh 'de réir mar a nuashonraítear ':

(a) bunghníomh nua a chur in ionad bhunghníomh de chuid an Aontais ina iomláine;

(b) gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ag an gCoimisiún Eorpach chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den bhunghníomh a fhorlíonadh nó a leasú;

(c) leasuithe comhleanúnacha ar ghníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach gníomhartha cur chun feidhme a bhfuil gá leo chun an gníomh dlí an Aontais a chur chun feidhme;

(e) leasuithe comhleanúnacha ar ghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (d) .

3. Gach bliain, chun críoch trédhearcachta, tabharfaidh na Comhchoistí dá n- aire na gníomhartha dlíthiúla atá faoi réir an nós imeachta uathoibríoch.

AIRTEAGAL 84

Nós imeachta simplithe

1. De mhaolú ar Airteagal 81 den Chreat- Chomhaontú, agus gan dochar d'Airteagal 83 den Chreat- Chomhaontú, déanfaidh na Stáit Chomhlachaithe bearta go comhuaineach le Ballstáit an Aontais a chomhfhreagraíonn dóibh siúd arna nglacadh ag Ballstáit an Aontais de bhun na ngníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais arna nglacadh sna réimsí seo a leanas, gan gá leis na gníomhartha dlíthiúla an Aontais nua sin a ionchorprú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe:

(a) bearta rialaithe maidir le galair ainmhithe;

(b) bia agus beatha ó thríú tíortha atá faoi réir srianta;

(c) gluaiseacht neamhthráchtála peataí;

(d) allmhairí ó thríú tíortha;

(e) iad a scaoileadh isteach sa timpeallacht.

2. Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 77 den Chreat- Chomhaontú, féadfar an liosta de na réimsí atá leagtha amach i i mír 1 den Airteagal seo a mhodhnú le cinneadh ón gComhchoiste.

3. Gach bliain, chun críoch trédhearcachta, tabharfaidh na Comhchoistí dá n- aire na gníomhartha dlí de chuid an Aontais atá faoi réir nós imeachta simplithe.

## AIRTEAGAL 85

### Léiriú comhionann

1. Déanfar an Comhaontú seo agus na gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear ann a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach comhionann.

2. A mhéid a bhaineann a gcur i bhfeidhm le coincheapa de dhlí an Aontais, déanfar forálacha an Chomhaontaithe seo agus na gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear ann a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cásdlí CBAE, cibé acu roimh shíniú an Chomhaontaithe seo nó ina dhiaidh sin a rinneadh é.

3. Déanfaidh na Comhchoistí athbhreithniú ar fhorbairtí i gcásdlí CBAE chun aon neamhréireacht a shainaithint idir dlíchóras intíre Stáit Chomhlachaithe agus cásdlí CBAE agus déanfaidh siad scrúdú ar conas deireadh a chur leis an neamhréireacht sin.

4. I gcás inar mhainnigh Stát Comhlachaithe, tar éis don Choimisiún Eorpach fógra a thabhairt dó go bhfuil neamhréireacht ann idir a dhlíchóras náisiúnta agus cás dlí CBAE, na bearta is gá a ghlacadh chun deireadh a chur leis laistigh de thréimhse 6 mhí, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 90 den Chreat- Chomhaontú. Meastar an t- ábhar a bheith tarchurtha chuig an gComhchoiste de bhun d'Airteagal 90(1) den Chreat- Chomhaontú faoi dheireadh na tréimhse sin.

CAIBIDIL 4

AN NÓS IMEACHTA FAIREACHAIS

AIRTEAGAL 86

Faireachas ginearálta

1. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar faireachas aonfhoirmeach ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, comhoibreoidh an Coimisiún Eorpach agus údaráis náisiúnta na Stát Comhlachaithe, malartóidh siad faisnéis le chéile agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile maidir le saincheisteanna beartais faireachais agus cásanna aonair.

2. Is iad na Páirtithe Comhlachaithe laistigh den Chomhchoiste a dhéanfaidh faireachas ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo i gcomhpháirt. I gcás ina sainaithneoidh an Coimisiún Eorpach nó údaráis náisiúnta Stáit Chomhlachaithe cás de neamhchur i bhfeidhm nó de chur i bhfeidhm mícheart, cuirfidh siad faoi bhráid an Chomhchoiste é d'fhonn teacht ar réiteach inghlactha. In éagmais réitigh, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 90 den Chreat- Chomhaontú.

3. Féadfaidh údaráis inniúla na bPáirtithe Comhlachaithe gearáin a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a fháil agus scrúdú a dhéanamh orthu. Ar na gearáin sin a fháil, cuirfidh siad an Páirtí Comhlachaithe eile ar an eolas.

## AIRTEAGAL 87

### Faireachas in earnálacha sonracha

1. I gcás ina dtugann gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear sna hIarscríbhinní cumhachtaí don Choimisiún Eorpach, lena n- áirítear cumhachtaí cinnteoireachta nó feidhmiúcháin, i leith údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais, oibreoirí eacnamaíocha nó daoine aonair, beidh na cumhachtaí céanna ag an gCoimisiún Eorpach, *mutatis mutandis*, i leith na Stát Comhlachaithe agus a ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha. Féadfar forálacha sonracha a leagan síos sna Prótacail.

2. Chun a chúraimí a dhéanamh i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Coimisiún Eorpach aon fhaisnéis a mheastar is gá a iarraidh ar údaráis inniúla na Stát Comhlachaithe agus ar na daoine nádúrtha agus dlítheanacha lena mbaineann.

## AIRTEAGAL 88

### Comhar le húdaráis inniúla Bhallstáit an Aontais agus institiúidí an Aontais

Féadfaidh Stát Comhlachaithe brath ar chomhar ó cheann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais nó ó institiúidí an Aontais chun a oibleagáidí a chomhlíonadh i dtéarmaí chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm éifeachtach an Chomhaontaithe seo. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Stát Comhlachaithe socruithe lena leagfar síos mionsonraí an chomhair sin agus cuirfidh sé an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi sin laistigh den Chomhchoiste ábhartha. Ní dhéanfaidh na socruithe sin difear ar dhóigh ar bith do chumhachtaí an Choimisiúin Eorpaigh.

CAIBIDIL 5

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ AGUS ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

## AIRTEAGAL 89

### Prionsabal an eisiachais

Ní chuirfidh na Páirtithe Comhlachaithe díospóid maidir le léirmhíniú ná le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó gníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo faoi bhráid aon mhodha réitigh seachas na modhanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo.

## AIRTEAGAL 90

### Díospóidí idir Páirtithe Comhlachaithe a réiteach

1. I gcás ina mbeidh deacracht ann, rachaidh na Páirtithe Comhlachaithe i gcomhairle le chéile agus féachfaidh siad leis an gComhaontú seo a fheidhmiú go héifeachtach agus aon fhadhb a réiteach trí idirphlé cuiditheach. I gcás díospóide a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó gníomh dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear anseo, féadfaidh an Páirtí AE nó an Stát Comhlachaithe an t- ábhar a tharchur chuig an gComhchoiste trí fhógra i scríbhinn. Cuirfidh an Páirtí AE nó an Stát Comhlachaithe a bhfuil sé ar intinn aige an t- ábhar a tharchur chuig an gComhchoiste de bhun na míre seo an Páirtí eile ar an eolas roimh ré.

2. I gcás ina ndéanfaidh an Páirtí AE nó an Stát Comhlachaithe an t- ábhar a tharchur chuig an gComhchoiste, tiocfaidh an Comhchoiste le chéile a luaithe is féidir laistigh de dhá mhí tar éis gur tarchuireadh an t- ábhar chuige. Soláthrófar an fhaisnéis ábhartha uile don Chomhchoiste chun gur féidir scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an gcás. Déanfaidh an Comhchoiste scrúdú ar gach féidearthacht atá ann chun teacht ar réiteach i gcomhréir leis an gComhaontú seo agus féadfaidh sé aon chinneadh a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chuige sin.

3. Mura mbeidh an Comhchoiste in ann teacht ar réiteach ar an deacracht a luaitear dá dtagraítear i mhír 1 laistigh de thréimhse sé mhí ó dháta an chéad chruinnithe i gcomhréir leis an tAirteagal seo, féadfaidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe an t- ábhar a tharchur chuig CBAE. A mhéid a bhaineann lena gcurchun feidhme agus lena gcur i bhfeidhm, déanfaidh CBAE na forálacha in Airteagal 85(1) agus (2) den Chreat- Chomhaontú agus sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais a luaitear ann a léirmhíniú. Nuair a bhreithneoidh Páirtí Comhlachaithe ábhar a tharchur chuig CBAE i gcomhréir leis an mír seo, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Pháirtí Comhlachaithe eile go pras agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile dó.

4. Beidh na cearta céanna ag na Stáit Chomhlachaithe agus atá ag Ballstáit an Aontais agus ag institiúidí an Aontais agus beidh siad faoi réir na nósanna imeachta céanna os comhair CBAE.

5. Rachaidh na Páirtithe Comhlachaithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste agus réiteoidh siad a ndíospóid chun a áirithiú go gcuirfidh an Pairtí AE nó an Stát Comhlachaithe breithiúnas CBAE chun feidhme laistigh de 12 mhí an dháta an bhreithiúnais sin. Chun na críche sin, soláthrófar an fhaisnéis ábhartha uile don Chomhchoiste ionas gur féidir scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an gcás.

6. Má theipeann ar an gComhchoiste an díospóid a réiteach, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le bearta cúiteacha i leith chur i bhfeidhm mícheart líomhnaithe an Chomhaontaithe seo chun míchothromaíochtaí ionchasacha a leigheas. Déanfar an cinneadh sin laistigh de 12 mhí ó dháta bhreithiúnas CBAE.

7. Mura mbeidh cinneadh maidir le bearta cúiteacha dá dtagraítear i mír 6 glactha ag an gComhchoiste, féadfaidh an Páirtí Comhlachaithe a líomhnaíonn cur i bhfeidhm mícheart an Chomhaontaithe seo bearta cúiteacha a dhéanamh chun míchothromaíochtaí ionchasacha a leigheas, lena n- áirítear an Comhaontú seo ina iomláine nó cuid de a chur ar fionraí. Beidh raon feidhme agus fad na mbeart cúiteacha sin teoranta don mhéid is fíorghá chun an cás a leigheas agus chun an suaitheadh is lú is féidir a dhéanamh ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

8. Féadfaidh an Páirtí Comhlachaithe a ndéanann na bearta cúiteacha dá dtagraítear i mír 7 difear dó a bharúlacha a chur faoi bhráid an Chomhchoiste d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir le comhréireacht na mbeart cúiteacha sin. Mura féidir leis an gComhchoiste cinneadh a dhéanamh laistigh de thréimhse trí mhí tar éis an t- ábhar a tharchur chuige, féadfaidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe ceist chomhréireacht na mbeart cúiteacha sin a chur chun eadrána i gcomhréir le Creat- Phrótacal 6. Ní fhéadfar aon cheist a bhaineann le léirmhíniú an Chomhaontaithe seo, dá dtagraítear i mír 3, a chur faoi eadráin. Beidh an rialú eadrána ina cheangal ar na Páirtithe Comhlachaithe.

I gcás ina mbeifear tar éis bearta cúiteacha a dhéanamh de bhun mhír 6 nó 7, caomhnófar cearta daoine aonair de bhua an Chomhaontaithe seo ar an dáta a thiocfaidh na bearta cúiteacha sin in éifeacht, mar a chaomhnófar na hoibleagáidí gaolmhara faoin gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 91

Athbhreithniú breithiúnach

1. Is inniúlacht eisiach de chuid CBAE a bheidh in aon athbhreithniú ar dhlíthiúlacht ghníomhartha dlí an Aontais arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh gníomhartha dlíthiúla an Aontais dá dtagraítear i mír 1 agus atá dírithe ar Stát Comhlachaithe nó ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sainchónaí orthu nó atá bunaithe i Stát Comhlachaithe faoi réir athbhreithniú ag CBAE. Déanfar an t- athbhreithniú sin i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE.

3. D'ainneoin dhul in éag na tréimhse a leagtar síos sa séú mír d'Airteagal 263 CFAE, féadfaidh Stát Comhlachaithe, chomh maith le haon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sainchónaí air nó atá bunaithe ar a chríoch, in imeachtaí ina bhfuil gníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige arna ghlacadh ag institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais faoi shaincheist, na forais a phléadáil a shonraítear sa dara mír d'Airteagal 263 CFAE chun neamhfheidhmeacht an ghnímh sin a agairt os comhair CBAE.

AIRTEAGAL 92

Caingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú

1. Féadfaidh Stát Comhlachaithe, chomh maith le haon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sainchónaí air nó atá bunaithe ar a chríoch, gearán a dhéanamh le CBAE gur mhainnigh institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais gníomh de shárú ar an gComhaontú seo a dhíriú leis an duine nádúrtha nó dlítheanach sin, seachas moladh nó tuairim.

2. Ní bheidh an chaingean ar gheall ar mhainneachtain gníomhú dá dtagraítear i mír 1 inghlactha ach amháin má iarrtar ar an institiúid, ar an gcomhlacht nó ar an ngníomhaireacht de chuid an Aontais gníomhú ar dtús. Más rud é, laistigh de 2 mhí tar éis a iarrtha sin uirthi, nach ndearna an institiúid, an comhlacht nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais a seasamh a shainiú, féadfar an chaingean a thionscnamh laistigh de thréimhse bhreise 2 mhí.

## AIRTEAGAL 93

### Achomharc i gcás dliteanas neamhchonarthach

I gcásanna dliteanais neamhchonarthaigh agus i gcomhréir leis an gComhaontú seo, féadfaidh Stát Comhlachaithe, chomh maith leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil sainchónaí orthu nó atá bunaithe ar a chríoch, an cás a tharchur chuig CBAE chun cúiteamh a fháil as damáistí arb iad gníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais nó a n- oifigigh ba chúis leo agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

## AIRTEAGAL 94

### Iarraidh ar réamhrialú

1. Más rud é, i gcás atá ar feitheamh os comhair cúirte nó binse de chuid Stáit Chomhlachaithe, go n- ardaítear ceist a bhaineann le léirmhíniú an Chomhaontaithe seo nó le bailíocht gnímh arna ghlacadh ag institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo, féadfaidh an chúirt nó an binse sin réamhrialú a lorg ó CBAE.

2. I gcás ina n- ardaítear ceist den sórt sin i gcás a bheidh ar feitheamh os comhair cúirte nó binse i Stát Comhlachaithe agus nach bhfuil leigheas breithiúnach faoi dhlí náisiúnta an Stáit Chomhlachaithe in aghaidh bhreitheanna an Stáit Chomhlachaithe, tabharfaidh an chúirt sin an t- ábhar os comhair CBAE.

3. Beidh sé de cheart ag Stát Comhlachaithe ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid CBAE i gcásanna inar iarr cúirt nó binse i mBallstát de chuid an Aontais réamhrialú i leith an Chomhaontaithe seo, nó i gcás ina ndearna cúirt nó binse i Stát Comhlachaithe amhlaidh i gcás dá dtagraítear i mír 1.

## AIRTEAGAL 95

### An dlí is infheidhme maidir le himeachtaí os comhair CBAE

I gcás ina dtugtar caingean os comhair CBAE de bhun Airteagail 90 go 94 den Chreat- Chomhaontú, is ionann an nós imeachta is infheidhme os comhair CBAE agus an nós imeachta dá bhforáiltear i ndlí an Aontais i leith caingne comhchosúla bunaithe ar CFAE.

## AIRTEAGAL 96

### Breithiúnais CBAE

1. Beidh breithiúnais CBAE a dhéantar faoin gComhaontú seo ina gceangal.

2. Ceanglófar ar an institiúid, ar an gcomhlacht nó ar an ngníomhaireacht de chuid an Aontais ar dearbhaíodh a gníomh a bheith ar neamhní, nó ar dearbhaíodh a neamhghníomh a bheith contrártha leis an gComhaontú seo, na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas CBAE a chomhlíonadh.

CAIBIDIL 6

BEARTA COIMIRCE AGUS FORCE MAJEURE

AIRTEAGAL 97

Bearta coimirce

1. I gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil de chineál earnála nó réigiúnach a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus ar dócha go leanfaidh siad ar aghaidh, féadfaidh Páirtí Comhlachaithe bearta coimirce iomchuí a dhéanamh go haontaobhach faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Beidh raon feidhme agus fad na mbeart coimirce dá dtagraítear i mír teoranta don mhéid is fíorghá chun an cás a leigheas. Tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a chuireann isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

3. I gcás ina measfaidh Páirtí Comhlachaithe bearta coimirce dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí Comhlachaithe eile go pras agus soláthróidh sé gach faisnéis ábhartha dó.

4. Rachaidh na Páirtithe Comhlachaithe i gcomhairle le chéile láithreach laistigh den Chomhchoiste d'fhonn teacht ar réiteach inghlactha.

5. Ní fhéadfaidh an Páirtí Comhlachaithe lena mbaineann na bearta coimirce dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh sula mbeidh mí amháin imithe in éag ó dháta an fhógra dá bhforáiltear i mír 3, mura mbeidh an nós imeachta le haghaidh comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste curtha i gcrích roimhe sin. I gcás ina bhfuil gá le gníomhaíocht láithreach mar gheall ar imthosca eisceachtúla lena gcuirtear bac ar réamhchomhairliúchán, féadfaidh an Páirtí Comhlachaithe lena mbaineann, gan mhoill agus faoi réir fógra réasúnaithe a chur faoi bhráid an Chomhchoiste go pras, cibé bearta coimirce éigeandála a dhéanamh a bhfuil fíorghá leo chun an cás a leigheas.

6. Tabharfaidh an Páirtí Comhlachaithe lena mbaineann fógra go pras don Chomhchoiste faoi na bearta coimirce a rinneadh agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile.

7. Beidh na bearta coimirce a rinneadh faoi réir comhairliúchán laistigh den Chomhchoiste gach 3 mhí ó dháta a nglactha, d’fhonn a mbaint fhéideartha roimh an dáta atá siad le dul in éag nó d’fhonn teorannú féideartha a raon feidhme. Féadfaidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe a iarraidh ar an gComhchoiste na bearta coimirce sin a athbhreithniú nó a aisghairm.

8. Má chruthaíonn beart coimirce arna dhéanamh ag Páirtí Comhlachaithe éagothroime idir na cearta agus na hoibleagáidí faoin gComhaontú seo, féadfaidh an Páirtí Comhlachaithe eile cibé bearta athchothromúcháin comhréireacha a dhéanamh a bhfuil fíorghá leo chun an éagothroime a leigheas. Tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a chuireann isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

9. Féadfaidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe a iarraidh ar an gComhchoiste tráth ar bith cinneadh a dhéanamh maidir le comhréireacht na mbeart coimirce dá dtagraítear i míreanna 1, nó 5 nó na mbeart athchothromúcháin dá dtagraítear i mír 8. Mura féidir leis an gComhchoiste cinneadh a dhéanamh laistigh de thrí mhí tar éis an t- ábhar a tharchur chuige, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí Comhlachaithe ceist chomhréireacht na mbeart sin a chur chun eadrána i gcomhréir le Creat- Phrótacal 6. Ní fhéadfar aon cheist a bhaineann le léirmhíniú an Chomhaontaithe seo a chur faoi eadráin. Beidh an rialú eadrána ina cheangal ar na páirtithe sa díospóid.

AIRTEAGAL 98

Force majeure

1. I gcás ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéantús an duine a dhéanann difear do Pháirtí Comhlachaithe, féadfaidh an Páirtí Comhlachaithe sin bearta coimirce iomchuí a ghlacadh láithreach agus go haontaobhach faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Beidh raon feidhme agus fad na mbeart coimirce sin dá dtagraítear i mír 8 teoranta don mhéid is fíorghá chun an cás a leigheas. Tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a chuireann isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

3. Tabharfaidh an Páirtí Comhlachaithe lena mbaineann fógra go pras don Chomhchoiste faoi na bearta coimirce a rinneadh agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile.

4. Beidh na bearta coimirce a rinneadh faoi réir comhairliúchán laistigh den Chomhchoiste gach trí mhí ó dháta a nglactha, d'fhonn a mbaint fhéideartha roimh an dáta atá siad le dul in éag nó d'fhonn teorannú féideartha a raon feidhme. Féadfaidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe a iarraidh ar an gComhchoiste tráth ar bith na bearta coimirce sin a athbhreithniú nó a aisghairm.

5. Má chruthaíonn beart coimirce arna dhéanamh ag Páirtí Comhlachaithe éagothroime idir na cearta agus na hoibleagáidí faoin gComhaontú seo, féadfaidh an Páirtí Comhlachaithe eile cibé bearta athchothromúcháin comhréireacha a dhéanamh a bhfuil fíorghá leo chun an éagothroime a leigheas. Tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a chuireann isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

6. Féadfaidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe iarraidh ar an gComhchoiste cinneadh a dhéanamh maidir le comhréireacht na mbeart dá dtagraítear i mír 1 nó 5. Mura féidir leis an gComhchoiste cinneadh a dhéanamh laistigh de thrí mhí tar éis an t- ábhar a tharchur chuige, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí Comhlachaithe ceist chomhréireacht na mbeart sin a chur chun eadrána i gcomhréir le Creat- Phrótacal 6. Ní fhéadfar aon cheist a bhaineann le léirmhíniú an Chomhaontaithe seo a chur faoi eadráin. Beidh an rialú eadrána ina cheangal ar na páirtithe sa díospóid.

AIRTEAGAL 99

Cinntí lena bhforchuirtear oibleagáidí airgid

1. Cinntí a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach faoin gComhaontú seo lena bhforchuirtear oibleagáidí airgid ar dhaoine nach Stáit iad, beidh siad infhorfheidhmithe. Is amhlaidh atá maidir le breithiúnais CBAE lena bhforchuirtear oibleagáidí airgid den sórt sin faoi na modhanna um réiteach díospóidí dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo.

2. Déanfar forfheidhmiú a rialú leis na rialacha nós imeachta sibhialta atá i bhfeidhm sa Stát ar ina chríoch a dhéantar an forfheidhmiú. Beidh an t- ordú chun é a fhorfheidhmiú i gceangal leis an gcinneadh, gan aon fhoirmiúlacht eile seachas fíorú ar bharántúlacht an chinnidh, ó na húdaráis a ainmneoidh gach Ballstát den Aontas agus gach Stát Comhlachaithe chun na críche sin agus a chuirfidh sé in iúl don Pháirtí Comhlachaithe eile.

3. Nuair a chuirfear na foirmiúlachtaí sin dá dtagraítear i mír 2 i gcrích ar iarratas ón bpáirtí atá i gceist, féadfaidh seisean dul i gceann an fhorfheidhmithe tríd an ábhar a thabhairt go díreach os comhair an údaráis inniúil i gcomhréir le dlí an Stáit a bhfuil an forfheidhmiú le déanamh ina chríoch. Ní fhéadfar forfheidhmiú a chur ar fionraí ach amháin trí chinneadh CBAE. Ach beidh dlínse ag cúirteanna na Stát lena mbaineann ar ghearáin go bhfuil an forfheidhmiú á dhéanamh ar bhealach neamhrialta.

CUID VIII

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

## AIRTEAGAL 100

### Cur chun feidhme

Déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe aon bheart ginearálta nó sonrach is gá chun a n- oibleagáidí faoin gComhaontú seo, faoi na Prótacail lena mbaineann agus faoi na gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear anseo a chomhlíonadh, agus staonfaidh siad ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú a gcuspóirí a chur i mbaol.

## AIRTEAGAL 101

### Córas úinéireachta maoine

Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo dochar ar bhealach ar bith do rialacha na bPáirtithe Comhlachaithe a rialaíonn an córas úinéireachta maoine.

AIRTEAGAL 102

Eisceachtaí slándála

Ní choiscfidh aon fhoráil sa Chomhaontú seo ar Pháirtí Comhlachaithe bearta a dhéanamh:

(a) is gá chun cosc a chur ar nochtadh faisnéise atá contrártha dá leasanna bunúsacha slándála;

(b) a bhaineann le táirgeadh nó le trádáil in airm, muinisin agus ábhair chogaidh nó táirgí eile nach féidir déanamh dá n- uireasa chun críocha cosanta, nó le taighde, forbairt nó táirgeadh nach féidir déanamh dá n- uireasa chun críocha cosanta, ar choinníoll nach ndéanfaidh na bearta sin dochar do na coinníollacha iomaíochta i leith táirgí nach bhfuil beartaithe chun críoch míleata go sonrach;

(c) a bhaineann le hábhair ineamhnaithe agus in- chomhleáite nó na hábhair óna ndíorthaítear iad;

(d) atá fíor- riachtanach dá shlándáil féin an Pháirtí Chomhlachaithe i gcás suaitheadh tromchúiseach inmheánach a dhéanann difear don ord poiblí a choinneáil ar bun, in aimsir chogaidh nó i dteannas tromchúiseach idirnáisiúnta ar bagairt cogaidh é nó chun oibleagáidí a chomhlíonadh ar ghlac sí leo faoi chuimsiú Chairt na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 103

Bearta sriantacha an Aontais

Déanfaidh na Stáit Chomhlachaithe na bearta is gá chun a áirithiú nach gcumasóidh ná nach gceadóidh na cearta agus na hoibleagáidí faoin gComhaontú seo, laistigh dá ndlínse, teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais arna nglacadh de bhun Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE.

AIRTEAGAL 104

Raon feidhme críochach

1. Beidh feidhm ag an gCreat- Chomhaontú agus ag na Creat- Phrótacail maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag CAE agus ag CFAE, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin, agus maidir le críocha faoi seach Andóra agus San Mairíne.

2. Beidh feidhm ag gach Prótacal i ndáile le Stát Comhlachaithe maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag CAE agus CFAE, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin, agus maidir le críoch an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann.

AIRTEAGAL 105

Aontachas leis an Aontas amach anseo

1. Tabharfaidh an tAontas fógra do na Stáit Chomhlachaithe faoi aon iarraidh nua ar aontachas leis an Aontas ó thríú tír. Déanfaidh an Coiste Comhlachais scrúdú ar aon éifeacht a bheidh ag aontachas tríú tír leis an Aontas ar an gComhaontú seo roimh dháta an aontachais sin.

2. A mhéid is gá, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha, roimh theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le haontachas tríú tír leis an Aontas, an Comhaontú seo a leasú i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

3. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo i ndáil le haon Bhallstát nua den Aontas ó dháta aontachais an Bhallstáit nua sin leis an Aontas.

AIRTEAGAL 106

Leasú ar an gCreat- Chomhaontú

Féadfaidh aon Pháirtí Conarthach tograí chun an Creat- Chomhaontú seo a leasú a chur faoi bhráid na bPáirtithe Conarthacha eile. Beidh tograí chun an Creat- Chomhaontú seo a leasú ina n- ábhar caibidlíochta idir na Páirtithe Conarthacha laistigh den Choiste Comhlachais. I gcás ina dtiocfaidh na Páirtithe Conarthacha ar chomhaontú maidir le leasú ar an gCreat- Chomhaontú, síneoidh agus glacfaidh na Páirtithe Conarthacha é agus tiocfaidh sé i bhfeidhm nuair a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe Conarthacha uile maidir le cur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach agus na hionstraimí daingniúcháin á dtaisceadh acu.

## AIRTEAGAL 107

### Leasú ar na Creat- Phrótacail

Féadfaidh aon Pháirtí Conarthach tograí chun Creat- Phrótacal a leasú a chur faoi bhráid na bPáirtithe Conarthacha eile. Beidh tograí chun Creat- Phrótacal a leasú ina n- ábhar caibidlíochta idir na Páirtithe Conarthacha laistigh den Choiste Comhlachais. I gcás ina gcomhaontóidh na Páirtithe Conarthacha ar leasú ar Chreat- Phrótacal, síneoidh agus glacfaidh na Páirtithe Conarthacha é agus tiocfaidh sé i bhfeidhm nuair a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe Conarthacha uile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach curtha i gcrích agus na hionstraimí daingniúcháin á dtaisceadh acu.

## AIRTEAGAL 108

### Leasú ar na Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe

Féadfaidh an Páirtí AE nó an Stát Comhlachaithe lena mbaineann tograí a chur isteach chun an Prótacal ábhartha i ndáil le Stát Comhlachaithe a leasú. Beidh tograí maidir le Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe a leasú ina n- ábhar caibidlíochta idir na Páirtithe Comhlachaithe laistigh den Chomhchoiste . Nuair a chomhaontóidh na Páirtithe Comhlachaithe ar leasú ar a bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe faoi seach, glacfaidh an Comhchoiste an leasú. I gcás, i gcomhréir le hAirteagal 77(2), go ndéantar foráil leis an bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe nach féidir leasú iomláne nó ar chuid de chinneadh an Chomhchoiste a theacht i bhfeidhm ach amháin ar chur i gcrích nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe Comhlachaithe féin, ní thiocfaidh cinneadh an Chomhchoiste i bhfeidhm go dtí go dtabharfaidh na Páirtithe Comhlachaithe fógra go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach curtha i gcrích acu.

AIRTEAGAL 109

Prótacail agus Iarscríbhinní

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo na Creat- Phrótacail, na Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe, na hIarscríbhinní agus na gníomhartha dá dtagraítear iontu arna n- oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe seo agus beidh an fheidhm dhlíthiúil chéanna acu.

AIRTEAGAL 110

Comhaontuithe atá ann cheana

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo agus, go háirithe, i gCreat- Prótacal 2 agus sna Prótacail i ndáil le Stáit Comhlachaithe, beidh forlámhas ag cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana agus atá ina gceangal ar an Aontas, ar an taobh eile , agus ar cheann de na Stáit Chomhlachaithe, den pháirt eile, a mhéid a rialaítear an t- ábhar céanna leis an gComhaontú seo.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, i gcás ina dtagraítear, go hiomlán nó go páirteach, do chomhaontuithe déthaobhacha atá ina gceangal ar an Aontas, ar thaobh amháin, agus ar cheann de na Stáit Chomhlachaithe, ar an taobh eile, go hiomlán nó go páirteach, tuigfear go n- áirítear iontu leasuithe ar na comhaontuithe sin agus a gcomhaontuithe comharba a thiocfaidh i bhfeidhm don dá Pháirtí Chomhlachaithe ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó ina dhiaidh.

AIRTEAGAL 111

Teangacha

1. Dréachtaíodh an Comhaontú seo i scríbhinn bhunaidh amháin, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, , sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, sa Chatalóinis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs.

2. Tá comhúdarás ag téacsanna ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris mar a fhoilsítear in Iris Oifigiúil an Aontais agus is sa Chatalóinis a tharraingeofar suas na gníomhartha dlí an Aontais sin chun na téacsanna sin a fhíordheimhniú.

AIRTEAGAL 112

Teacht i bhfeidhm agus foirceannadh

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a dhaingniú, a thabhairt i gcrích agus a fhormheas i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla nó institiúideacha faoi seach. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm idir na Pháirtí Chonarthacha ar an gcéad lá den dara mí tar éis an fhógra dheireanaigh faoi thaisceadh na n- ionstraimí daingniúcháin, críochnaithe nó formheasa le Rúnaí - Ard-Rúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, a ghníomhóidh mar thaiscí an Chomhaontaithe seo.

2. Go dtí go dtabharfar chun críche na nósanna imeachta daingniúcháin, críochnaithe nó formheasa dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, go sealadach ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa inar thaisc Páirtí Conarthach a ionstraimí daingniúcháin, críochnaithe nó formheasa le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mura dtabharfaidh Páirtí Conarthach eile fógra nach féidir cur i bhfeidhm sealadach den sórt sin a dhéanamh.

3. Mura gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh cur i bhfeidhm sealadach idir na Pháirtí Chonarthacha i gcomhréir le mír 2, is féidir an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, idir an Páirtí AE agus ceann de na Stáit Chomhlachaithe ón gcéad lá den dara mí tar éis na míosa inar thaisc an Páirtí AE nó an Stát Comhlachaithe a ionstraimí daingniúcháin, críochnaithe nó formheasa le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mura dtabharfaidh an Páirtí AE nó an Stát Comhlachaithe lena mbaineann fógra nach féidir cur i bhfeidhm sealadach den sórt sin a dhéanamh. Ar feadh thréimhse chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo de bhun na míre seo, tuigfear gur tagairtí don 'Chomhchoiste' ábhartha iad na tagairtí do Choiste Comhlachais in Airteagail 75, 105, 106 agus 107 den Chreat- Chomhaontú. Ar feadh na tréimhse céanna, déanfaidh an Comhchoiste sin cinneadh maidir le haon oiriúnuithe teicniúla ar an gComhaontú is gá chun a fheidhmiú cuí a áirithiú.

4. Féadfaidh gach Páirtí Comhlachaithe an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt don Pháirtí Comhlachaithe eile faoina chinneadh an comhaontú seo a fhoirceannadhi scríbhinn. Scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm a bheith aige idir na Páirtithe Comhlachaithe faoi seach sé mhí tar éis fógra den sórt sin a fháil, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 5.

5. Leanfaidh an Comhaontú seo d'fheidhm a bheith aige idir an Páirtí AE agus an Stát Comhlachaithe eile mura ndéanfaidh foirceannadh an Chomhaontaithe seo ag ceann de na Stáit Chomhlachaithe difear do na Páirtithe Conarthacha .

6. I gcás ina scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm a bheith aige, coinneoidh daoine aonair agus oibreoirí eacnamaíocha na cearta agus na hoibleagáidí atá faighte acu cheana féin faoin gComhaontú seo. Cinnfidh an Páirtí AE agus an Stát Comhlachaithe/ lena mbaineann trí chomhaontú frithpháirteach cén ghníomhaíocht a bheidh le déanamh i leith cearta nó oibleagáidíatá á bhfáil. Beidh an mhír seo gan dochar do na forálacha sonracha a leagtar amach in Airteagal 90 den Chreat- Chomhaontú.

7. Ón dáta óna gcuirfear an Comhaontú seo i bhfeidhm go sealadach de bhun mhír 2, nó ón dáta óna gcuirfear i bhfeidhm é idir an Pairtí AE agus ceann de na Stáit Chomhlachaithe de bhun mhír 3, tuigfear tagairtí sa Chomhaontú seo do dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó do theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo sa Chomhaontú seo mar thagairtí don dáta óna gcuirfear an Comhaontú seo i bhfeidhm go sealadach de bhun mhír 2, nó ón dáta óna gcuirfear i bhfeidhm é idir an Páirtí AE agus an Stát Chomhlachaithe lena mbaineann de bhun mhír 3.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, a lámh leis an gComhaontú seo.

1 (Irish) Arna dhéanamh i ......, an lá ...... de ...... sa bhliain.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh,

Thar ceann Ríocht na Beilge,

Thar ceann Phoblacht na Bulgáire,

Thar ceann Phoblacht na Seice,

Thar ceann Ríocht na Danmhairge,

Thar ceann Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine,

Thar ceann Phoblacht na hEastóine,

Thar ceann na hÉireann,

Thar ceann na Poblachta Heilléanaí,

Thar ceann Ríocht na Spáinne,

Thar ceann Phoblacht na Fraince,

Thar ceann Phoblacht na Cróite,

Thar ceann Phoblacht na hIodáile,

Thar ceann Phoblacht na Cipire,

Thar ceann Phoblacht na Laitvia,

Thar ceann Phoblacht na Liotuáine,

Thar ceann Ard-Diúcacht Lucsamburg,

Thar ceann na hUngáire,

Thar ceann Phoblacht Mhálta,

Thar ceann Ríocht na hÍsiltíre,

Thar ceann Phoblacht na hOstaire,

Thar ceann Phoblacht na Polainne,

Thar ceann Phoblacht na Portaingéile,

Thar ceann na Rómáine,

Thar ceann Phoblacht na Slóivéine,

Thar ceann Phoblacht na Slóvaice,

Thar ceann Phoblacht na Fionlainne,

Thar ceann Ríocht na Sualainne,

Thar ceann Phrionsacht Andóra,

Thar ceann Phoblacht San Mairíne,

CREATPHRÓTACAL 1

MAIDIR LE hOIRIÚNUITHE COTHROMÁNACHA

## AIRTEAGAL 1

### Cur i bhfeidhm gníomhartha dlí an Aontais agus oiriúnuithe sonracha

Beidh forálacha na ngníomhartha dlíthiúla dá dtagraítear i bPrótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe infheidhme i gcomhréir leis an gComhaontú seo agus an gCreat- Phrótacal seo, mura bhforáiltear a mhalairt sa Phrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe lena mbaineann. Leagtar amach na hoiriúnuithe sonracha is gá le haghaidh ghníomhartha dlí an Aontais san Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe ina liostaítear an gníomh dlí lena mbaineann.

## AIRTEAGAL 2

### Aithrisí na ngníomhartha dlí an Aontais

Ní dhéantar aithrisí na ngníomhartha dlí an Aontais a liostaítear a oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe seo. Tá aithrisí ábhartha a mhéid is gá chun na gníomhartha dlí an Aontais sin a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go cuí, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 3

Socruithe idirthréimhseacha

1. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo in Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe maidir le gníomh dlí de chuid an Aontais, beidh feidhm ag míreanna 2 go 5 den Airteagal.

2. An oibleagáid atá ar an Stát Comhlachaithe lena mbaineann gníomh dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, cuirfear ar fionraí í go dtí deireadh na tréimhse a shonraítear san Iarscríbhinn ábhartha.

3. Féadfaidh an Stát Comhlachaithe lena mbaineann, tráth ar bith le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 2, fógra a thabhairt don Chomhchoiste go bhfuil sé ar intinn aige gníomh dlíthiúil an Aontais a chur chun feidhme roimh dheireadh na tréimhse sin. Sa chás sin, sonróidh an Stát Comhlachaithe an dáta a bheartaíonn sé an gníomh dlí an Aontais sin a chur chun feidhme. Déanfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir leis an Iarscríbhinn ábhartha a leasú.

4. Cuirfear cur i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil an Aontais idir an tAontas agus an Stát Comhlachaithe lena mbaineann ar fionraí go dtí an dáta is luaithe de na dátaí seo a leanas:

(a) an chéad lá tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 2; nó

(b) an dáta dá dtagraítear i mír 3.

5. Le linn na fionraí dá dtagraítear i mír 2, rialófar an caidreamh idir an tAontas agus an Stát Comhlachaithe lena mbaineann i leith na n- ábhar a thagann faoi raon feidhme ghníomh dlí an Aontais le forálacha sonracha na hIarscríbhinne ábhartha.

AIRTEAGAL 4

Socruithe gan aon tréimhse ama a shonraítear san Iarscríbhinn

1. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo in Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe maidir le gníomh dlí de chuid an Aontais, beidh feidhm ag míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.

2. Cuirfear ar fionraí an oibleagáid atá ar an Stát Comhlachaithe lena mbaineann gníomh dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

3. Féadfaidh an Stát Comhlachaithe lena mbaineann fógra a thabhairt don Chomhchoiste tráth ar bith go bhfuil sé ar intinn aige gníomh dlíthiúil an Aontais a chur chun feidhme. Sa chás sin, sonróidh an Stát Comhlachaithe an dáta a bheartaíonn sé an gníomh dlí sin a chur chun feidhme. Déanfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir leis an Iarscríbhinn ábhartha a leasú.

4. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar an bhfionraí dá dtagraítear i mír 2 tráth ar bith agus, ar a dhéanaí, gach cúig bliana, bunaithe ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar fhorbairtí sa mhargadh chomh maith le haon chritéir shonracha eile a d'fhéadfadh a bheith leagtha síos san Iarscríbhinn ábhartha. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a dhéanamh an Iarscríbhinn ábhartha a leasú chun teorainn ama a shocrú maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil an Aontais ag an Stát Comhlachaithe lena mbaineann. Tá an méid sin gan dochar d'Airteagal 90 den Chreat- Chomhaontú a mbeidh feidhm aige más gá chun sláine agus aonchineálacht an mhargaidh inmheánaigh a athbhunú.

5. Cuirfear cur i bhfeidhm gnímh dhlí de chuid an Aontais idir an tAontas Eorpach agus an Stát Comhlachaithe lena mbaineann ar fionraí go dtí an dáta a thiocfaidh cinneadh an Chomhchoiste dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm nó, de réir mar a bheidh, an dáta a rachaidh an teorainn ama dá dtagraítear i mír 4 in éag.

6. Le linn na fionraí dá dtagraítear i mír 2, rialófar an caidreamh idir an tAontas agus an Stát Comhlachaithe lena mbaineann i leith na n- ábhar a thagann faoi raon feidhme ghníomh dlí an Aontais le forálacha sonracha na hIarscríbhinne ábhartha.

AIRTEAGAL 5

Forálacha maidir le coistí an Aontais

Leagtar amach nósanna imeachta, socruithe institiúideacha agus forálacha eile a bhaineann le coistí de chuid an Aontais a leagtar amach sna gníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i bPrótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe in Airteagal 67 agus Airteagal 80(5), (6) agus (7), , den Chreat- Chomhaontú agus sna Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe.

AIRTEAGAL 6

Bunaítear nósanna imeachta chun gníomhartha dlí an Aontais a oiriúnú, a leathnú nó a leasú

I gcás ina ndéantar foráil i ngníomh dlí an Aontais dá dtagraítear i bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe i dtaca le nósanna imeachta de chuid an Aontais maidir lena oiriúnú, lena shíneadh nó lena leasú nó i ndáil le beartais, tionscnaimh nó gníomhartha nua de chuid an Aontais a fhorbairt, beidh feidhm ag an nós imeachta cinnteoireachta ábhartha dá bhforáiltear sa Chreat- Chomhaontú.

## AIRTEAGAL 7

### Malartú faisnéise agus nósanna imeachta um fhógra a thabhairt

1. I gcás ina mbeidh ar Bhallstát den Aontas faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, cuirfidh Stát Comhlachaithe an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh freisin. Beidh feidhm ag an méid sin freisin i gcás ina mbeidh tarchur na faisnéise le déanamh ag na húdaráis inniúla.

2. I gcás ina bhfuil Ballstát den Aontas le faisnéis a chur faoi bhráid ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit den Aontas, cuirfidh sé an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh freisin. Tarchuirfidh an Coimisiún Eorpach an fhaisnéis sin chuig na Stáit Chomhlachaithe.

Cuirfidh Stát Comhlachaithe faisnéis chomhfhreagrach faoi bhráid Ballstát amháin nó níos mó den Aontas agus cuirfidh an Ballstát sin ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach í lena dáileadh ar Bhallstáit uile an Aontais. Beidh feidhm ag an méid céanna nuair a bheidh an fhaisnéis le cur isteach ag na húdaráis inniúla.

3. I limistéir ina n- éilítear, ar chúiseanna práinne, aistriú tapa faisnéise, beidh feidhm ag réitigh earnálacha iomchuí lena bhforáiltear do mhalartú díreach faisnéise.

4. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú , déanfar feidhmeanna an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhthéacs nósanna imeachta le haghaidh fíoraithe, faisnéise, fógra a thabhairt nó dul i gcomhairle agus ábhair chomhchosúla a chur i gcrích, *mutatis mutandis*, i leith na Stát Comhlachaithe freisin. Tá an méid sin gan dochar d’Airteagail 5, 6 agus 10 den Chreat- Phrótacal seo.

5. Malartóidh an Coimisiún Eorpach agus an Comhchoiste an fhaisnéis uile maidir leis fíorú, faisnéis, fógra nó comhairliúchán agus nithe comhchosúla na hábhair dá dtagraítear i mír 4. Féadfar aon saincheist a thiocfaidh chun cinn sa chomhthéacs sin a chur faoi bhráid an Chomhchoiste chomhfhreagraigh.

## AIRTEAGAL 8

### Nósanna imeachta athbhreithniúcháin agus tuairiscithe

Más rud é, de réir gníomh dlíthiúil dá dtagraítear i bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, go bhfuil an Coimisiún Eorpach nó institiúid eile de chuid an Aontais le tuarascáil, dearbhú nó doiciméad eile comhchosúil a ullmhú, déanfaidh an Coimisiún Eorpach nó institiúid eile de chuid an Aontais , mura gcomhaontófar a mhalairt, tuarascáil , dearbhú nó doiciméad comhchosúil comhfhreagrach a ullmhú i gcomhthráth maidir leis na Stáit Chomhlachaithe, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo. Rachaidh an Coimisiún Eorpach agus na Stáit Chomhlachaithe i gcomhairle le chéile agus malartóidh siad faisnéis le linn dóibh a dtuarascálacha faoi seach a ullmhú, dearbhuithe nó doiciméid eile dá samhail, agus cuirfear cóipeanna díobh chuig an gComhchoiste .

## AIRTEAGAL 9

### Foilsiú faisnéise

1. Más rud é, i gcomhréir legníomh dlí an Aontais dá dtagraítear i bPrótacal i ndáil le Stáit Comhlachaithe, go bhfuil Ballstát den Aontas le faisnéis áirithe a fhoilsiú maidir le fíorais, nósanna imeachta agus a leithéid, foilseoidh na Stáit Chomhlachaithe an fhaisnéis ábhartha ar mhodh comhfhreagrach freisin.

2. Más rud é, de réir gnímh dhlíthiúil an Aontais dá dtagraítear i bPrótacal i ndáil le Stáit Comhlachaithe, go bhfuil fíorais, nósanna imeachta, tuarascálacha agus a leithéid le foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, foilseofar inti freisin an fhaisnéis chomhfhreagrach maidir leis na Stáit Chomhlachaithe.

AIRTEAGAL 10

Cearta agus oibleagáidí

Na cearta a thugtar do Bhallstáit an Aontais nó a n- eintitis phoiblí, a ngnóthais nó a ndaoine aonair agus oibleagáidí a fhorchuirtear orthu maidir lena gcaidreamh le chéile, tuigfear iad a bheith á dtabhairt nó á bhforchur ar na Páirtithe Comhlachaithe, agus tuigfear freisin, de réir mar a bheidh, gurb iad a n- údaráis inniúla, a n- eintitis phoiblí, a ngnóthais nó a ndaoine aonair de chuid na bPáirtithe Comhlachaithe .

AIRTEAGAL 11

Tagairtí do chríocha

Aon uair a bheidh tagairtí i ngníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i bPrótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe do chríoch an Aontais Eorpaigh, an tAontas, an chómhargaidh nó an mhargaidh inmheánaigh, chun críocha an Chomhaontaithe seo tuigfear gur tagairtí seo iad do chríocha de réir bhrí inAirteagal 104 den Chreat- Chomhaontú.

## AIRTEAGAL 12

### Tagairtí do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais

Aon uair a dhéantar tagairt i ngníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i bPrótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe do náisiúnaigh de chuid Bhallstáit an Aontais, chun críocha an Chomhaontaithe seo tuigfear gur tagairtí iad freisin do náisiúnaigh de chuid na Stát Comhlachaithe.

## AIRTEAGAL 13

### Tagairtí do theangacha

I gcás ina dtugann gníomh dlí an Aontais dá dtagraítear i bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe cearta do Bhallstáit an Aontais nó dá n- eintitis phoiblí, dá ngnóthais nó dá ndaoine aonair, nó i gcás ina bhforchuireann sé oibleagáidí maidir le húsáid aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais, tuigfear go dtabharfar do Pháirtithe Conarthacha, dá n- údaráis inniúla, dá n- eintitis phoiblí, dá ngnóthais nó dá ndaoine aonair na cearta agus na hoibleagáidí comhfhreagracha maidir le húsáid aon cheann de theangacha oifigiúla na bPáirtithe Conarthacha , nó go bhforchuirfear na cearta agus na hoibleagáidí sin orthu.

## AIRTEAGAL 14

### Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme gníomhartha dlí an Aontais

Níl forálacha maidir le teacht i bhfeidhm nó cur chun feidhme gníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i bPrótacail i ndáil le Stáit Comhlachaithe ábhartha chun críocha an Chomhaontaithe seo. Na teorainneacha ama agus na dátaí le haghaidh na Stát Comhlachaithe chun na gníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear sna Prótacail Stáit Chomhlachaithe a thabhairt i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, leanann siad ó Airteagal 112 den Chreat- Chomhaontú, agus ó fhorálacha maidir le socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Chreat-Phrótacal seo.

## AIRTEAGAL 15

### Seolaithe ghníomhartha dlí an Aontais

Níl forálacha lena sonraítear go ndírítear gníomh dlí de chuid an Aontais chuig Ballstáit an Aontais ábhartha chun críocha an Chomhaontaithe seo.

CREATPHRÓTACAL 2

MAIDIR LE COMHAONTUITHE ATÁ ANN CHEANA

Mar a fhoráiltear in Airteagal 110 den Chreat- Chomhaontú, chomhaontaigh na Páirtithe Conarthacha go leanfaidh na comhaontuithe déthaobhacha seo a leanas atá ann cheana agus atá ina gceangal ar an Aontas, ar thaobh amháin, agus an Stát Chomhlachaithe, ar an taobh eile, d'fheidhm a bheith acu tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo:

(a) Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Andóra lena ndéantar foráil maidir le bearta atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis [1], arna dhéanamh sa Bhruiséil an 15 Samhain 2004 agus sa Mheabhrán Tuisceana a ghabhann leis, arna leasú leis an bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Andóra lena ndéantar foráil maidir le bearta atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis[2], arna dhéanamh sa Bhruiséil an 12 Feabhra 2016, agus leis an bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra maidir le malartú uathoibríoch faisnéise cuntas airgeadais chun comhlíonadh cánach idirnáisiúnta a fheabhsú[3], arna dhéanamh sa Bhruiséil an 13 Deireadh Fómhair 2025;

---

1 IO EU L 359, 4.12.2004, p. 33.

2 IO EU L 268, 1.10.2016, p. 40.

3 IO EU L, 2025/2400, 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2025/2400/oj.

(b) Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht San Mairíne lena ndéantar foráil maidir le bearta atá coibhéiseach leis na bearta a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis[1] arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Nollaig 2004 agus Meabhrán Tuisceana[2] a ghabhann leis, arna leasú le Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht San Mairíne lena ndéantar foráil maidir le bearta atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos i dTreoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis[3], arna dhéanamh sa Bhruiséil an 8 Nollaig 2015;

(c) Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra[4], arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Meitheamh 2011;

(d) Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne[5], arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Márta 2012.

1 IO L 381, 28.12.2004, lch. 33.
2 IO L 381, 28.12.2004, lch. 33.
3 IO L 346, 31.12.2015, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2025/2428/oj.
4 IO L 359, 4.12.2004, lch. 33.
5 IO C 121, 26.4.2012, lch. 5.

CREATPHRÓTACAL 3
MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

BROLLACH

Leis an gCreat- Phrótacal sin, cuirtear san áireamh sainiúlachtaí na Stát Comhlachaithe agus an chaoi a ndéanfaí a margaí seirbhísí airgeadais a chomhtháthú laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais agus a bhonneagair mhaoirseachta. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart rialacha agus forálacha sonracha a fhreastalaíonn ar chomhtháthú rianúil margaidh a thabhairt isteach.

Tá sé beartaithe go nglacfar cur chuige céimnithe maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm acquis an Aontais chun an tsolúbthacht a thabhairt do Stát Comhlachaithe tosaíocht a thabhairt do chodanna sonracha d'*acquis* an Aontais a bhfuil sé beartaithe aige seirbhísí airgeadais trasteorann a sholáthar ina leith ar dtús. Leis an gcur chuige sin, is féidir leis an Stát Comhlachaithe acquis an Aontais a ghlacadh de réir a chéile agus é a chur i bhfeidhm de réir a chéile, agus a chúinsí agus roghanna ar leith á gcur san áireamh.

Is é is cuspóir don mheasúnú ar bhonneagar maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe, trí mheasúnú a dhéanamh ar rochtain a fháil ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, agus trí mheasúnuithe tráthrialta ina dhiaidh sin, meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht, a stóinseacht agus a hoiriúnacht, agus saintréithe earnáil airgeadais an Stáit Chomhlachaithe, amhail a cineál, a héagsúlacht, a méid agus a castacht, á gcur san áireamh. Tá creat láidir maoirseachta ríthábhachtach chun sláine agus cobhsaíocht mhargadh inmheánach an Aontais a áirithiú, chun muinín a chur chun cinn i measc rannpháirtithe sa mhargadh agus chun leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint. Cuirtear de chúram ar údaráis mhaoirseachta an Aontais ról ríthábhachtach maidir leis na measúnuithe sin a dhéanamh lena gceanglaítear go cuimsitheach, i gcás inar gá, comhoibriú agus comhar gníomhach ó údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais.

Chun mí- úsáid an chirt bhunaíochta a sheachaint, is gá a cheangal ar oibreoirí airgeadais atá lonnaithe sa Stát Comhlachaithe cuid dá seirbhísí ar a laghad a sholáthar laistigh den dlínse sin. Cuirfidh údaráis mhaoirseachta an Stáit Chomhlachaithe cosc ar eintitis dhlíthiúla a chruthú nach mbaineann aon tathag leo nó nach mbaineann ach tathag íosta leo agus nach ndéanann aon ghníomhaíocht eacnamaíoch nó nach ndéanann ach fíorbheagán gníomhaíochtaí eacnamaíocha ina ndlínse.

CUID I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an Chreat- Phrótacail seo:

(a) a áirithiú sláine mhargadh inmheánach méadaithe an Aontais, trédhearcacht an mhargaidh, cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí, agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le calaois tomhaltóirí, sciúradh airgid agus coireacht eacnamaíoch;

(b) cosc rioscaí féideartha do chobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn;

(c) creat a bhunú chun rialacháin agus bearta maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe a chomhlíonadh de réir a chéile le acquis iomlán an Aontais i leith seirbhísí airgeadais;

(d) leathnú forchéimnitheach mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais chuig an Stát Comhlachaithe a éascú;

(e) comhar dílis rialála agus maoirseachta a chur chun cinn i réimse na seirbhísí airgeadais idir an tAontas agus an Stát Comhlachaithe.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chreat- Phrótacail seo:

(a) ciallaíonn 'seirbhísí airgeadais' na seirbhísí a rialaítear le gníomhartha dlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinní IX, XII agus XXII a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stáit Chomhlachaithe;

(b) ciallaíonn 'údarás mhaoirseachta an Aontais' an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] , an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, agus an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AMLA) arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO AE L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO AE L 331, 15.12.2010, lch. 48).

3 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO AE L 331, 15.12.2010, lch. 84).

4 Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO AE L 2024/1620, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1620/oj).

AIRTEAGAL 3

Coinníollacha maidir le rochtain ar mhargadh inmheánach an Aontais

1. Tabharfar rochtain do Stát Comhlachaithe ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm iomlán agus éifeachtach na bhforálacha uile is infheidhme maidir le hearnáil na seirbhísí airgeadais mar a leagtar amach in Iarscríbhinní IX, XII agus XXII a ghabhann leis an bPrótacal ábhartha i ndáil le Stát Comhlachaithe;

(b) cumas maoirseachta agus socruithe le haghaidh earnáil na seirbhísí airgeadais a bheith ann agus iad á bhfeidhmiú go cuí; agus

(c) meabhrán tuisceana a thabhairt i gcrích idir údaráis inniúla an Stáit Chomhlachaithe agus údaráis mhaoirseachta an Aontais maidir le comhar maoirseachta, malartú faisnéise agus comhairliúchán.

2. Chun a mheas ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) agus (b) de mhír 1, déanfaidh an Coimisiún Eorpach meastóireacht chuimsitheach i gcomhréir leis gCuid II den Chreat- Phrótacal seo. Áireofar sa mheastóireacht sin athbhreithniú ar earnáil airgeadais an Stáit Chomhlachaithe, measúnú ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm acquis ábhartha an Aontais, agus measúnú ar bhonneagar maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe.

3. Déanfar an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo arna iarraidh sin don Stát Comhlachaithe nuair a bheidh sé sásta gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo. Cuirfidh an Stát Comhlachaithe a iarraidh isteach tríd an bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais arna bhunú de bhun Airteagal 20 den Chreat- Phrótacal seo.

## AIRTEAGAL 4

### Rochtain pháirteach ar mhargadh inmheánach an Aontais

1. Féadfaidh Stát Comhlachaithe cinneadh a dhéanamh gan rochtain a lorg ar mhargadh inmheánach iomlán an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, trí cheann amháin nó níos mó de dheighleoga an mhargaidh seo a leanas a eisiamh go sealadach:

(a) an bhaincéireacht;

(b) árachas agus atharachas;

(c) bainistiú sócmhainní;

(d) margaí urrús.

Chun críocha na chéad fhomhíre, tabharfaidh an Stát Comhlachaithe fógra don Choimisiún Eorpach laistigh de bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo faoina intinn, agus léireoidh sé na deighleoga is mian leis a eisiamh go sealadach. Tar éis dó fógra den sórt sin a fháil, soláthróidh an Coimisiún Eorpach, laistigh de 2 mhí, freagra don Stát Comhlachaithe tríd an liosta a chur in iúl d'fhorálacha an Aontais nach mbeidh sé de cheangal ar an Stát Comhlachaithe iad a chur chun feidhme ná a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach.

2. Tar éis na freagartha dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1 den Airteagal seo, glacfaidh an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 76 den Chreat- Chomhaontú cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 81 den Chreat- Chomhaontú, chun Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an bPrótacal ábhartha i ndáil le Stát Comhlachaithe ábhartha a leasú ar bhonn an liosta a sholáthraíonn an Coimisiún Eorpach don Stát Comhlachaithe lena mbaineann, chun an méid seo a leanas a shonrú:

(a) liosta d'fhorálacha an Aontais ar gá don Stát Comhlachaithe iad a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm ina n- iomláine;

(b) liosta na bhforálacha de chuid an Aontais a ndéantar an oibleagáid maidir leis an Stát Comhlachaithe a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go hiomlán a chur ar fionraí go sealadach de bhun mhír 1 den Airteagal seo.

3. I gcás ina roghnóidh an Stát Comhlachaithe an maolú dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 den Chreat- Phrótacal seo ach amháin maidir le deighleog an mhargaidh nó le deighleoga an margaidh ar mian leis an Stát Comhlachaithe rochtain a fháil orthu, fad a fhanfaidh an maolú sin i bhfeidhm.

4. I gcás inar mian leis an Stát Comhlachaithe, tráth níos déanaí, rochtain a fháil ar mhargadh inmheánach an Aontais i gceann amháin nó níos mó de na deighleoga ar iarr sé maolú ar dtús dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ina leith, cuirfidh sé an Coimisiún Eorpach ar an eolas go cuí faoina intinn. Leasóidh an Comhchoiste Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an bPrótacal ábhartha i ndáil le Stát Comhlachaithe i gcomhréir le hAirteagal 81 den Chreat- Chomhaontú chun liosta na bhforálacha is infheidhme de *acquis* an Aontais a thabhairt cothrom le dáta. Déanfaidh an Stát Comhlachaithe na forálacha nach bhfuil faoi réir maolaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thuilleadh a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go cuí sular féidir leis rochtain a fháil ar na deighleoga sin. Déanfar an mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Chreat- Phrótacal seo gach uair a chinnfidh an Stát Comhlachaithe rochtain a lorg ar dheighleog bhreise mhargaidh.

5. Ní mhairfidh an maolú dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo níos faide ná 15 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Bliain amháin ar a dhéanaí roimh dheireadh uastréimhse an mhaolaithe, leasóidh na Páirtithe Comhlachaithe Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe chun a áirithiú go ndéanfaidh an Stát Comhlachaithe forálacha ábhartha uile *acquis* an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm roimh dháta éaga an mhaolaithe sin. Sé mhí roimh an dáta éaga sin, déanfaidh an Stát Comhlachaithe gach foráil an Aontais d'earnáil na seirbhísí airgeadais a chur chun feidhme agus a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtúil. Déanfar measúnú sa mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Chreat- Phrótacal seo ar chomhall na hoibleagáide forálacha uile an Aontais d'earnáil na seirbhísí airgeadais a bheith curtha chun feidhme agus curtha i bhfeidhm go hiomlán, go hiomlán agus go héifeachtach ag an Stát Comhlachaithe dá bhforáiltear sa mhír seo.

## AIRTEAGAL 5

### Plean gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm acquis an Aontais

1. Sula bhfaighidh sé rochtain ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, nó ar cheann amháin nó níos mó dá dheighleoga margaidh, ullmhóidh an Stát Comhlachaithe plean gníomhaíochta agus amlíne chun cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm acquis ábhartha an Aontais a bhaint amach le haghaidh na hearnála seirbhísí airgeadais nó le haghaidh ceann amháin nó níos mó dá dheighleoga margaidh.

2. Tabharfaidh an Stát Comhlachaithe fógra don Choimisiún Eorpach tríd an bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais faoi ghlacadh an phlean gníomhaíochta agus faoi aon mhodhnuithe móra a rinneadh air. Féadfaidh an Stát Comhlachaithe tuarascálacha leantacha a sholáthar a eascraíonn as an bplean gníomhaíochta.

3. I gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Chreat- Phrótacal seo, , feidhmeoidh an Stát Comhlachaithe, ar bhonn a phlean gníomhaíochta, a dhiscréid chun an t- uainiú iomchuí a chinneadh chun iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach an mheastóireacht is gá a dhéanamh chun rochtain a fháil ar mhargadh inmheánach an Aontais.

## AIRTEAGAL 6

### Rochtain ar an margadh a theacht i bhfeidhm

1. Tar éis don Choimisiún Eorpach moladh dearfach a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 11(3) den Chreat- Phrótacal seo, gur comhlíonadh na coinníollacha uile is gá a leagtar amach in Airteagal 3 den Chreat- Phrótacal seo, agus ar mholadh ón bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais, glacfaidh an Comhchoiste cinneadh lena leathnófar rochtain ar chuid amháin nó níos mó de dheighleog mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais an Stát Comhlachaithe.

2. Tiocfaidh an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis don Chomhchoiste a ghlacadh.

3. I gcaitheamh na tréimhse ina mbeidh éifeacht leis an maolú dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chreat- Phrótacal seo, tosóidh rochtain d'oibreoirí an Aontais ar mhargadh airgeadais an Stáit Chomhlachaithe ar an dáta a thiocfaidh an cinneadh ón gComhchoiste, lena dtugtar rochtain don Stát Comhlachaithe ar dheighleog amháin nó níos mó de mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, i bhfeidhm. Beidh rochtain den sórt sin ar an margadh teoranta don deighleog nó do na deighleoga dá dtagraítear sa chinneadh sin.

AIRTEAGAL 7

Soláthar áitiúil seirbhísí sa Stát Comhlachaithe

1. Áiritheoidh údaráis mhaoirseachta an Stáit Chomhlachaithe go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí airgeadais atá bunaithe ina gcríocha cuid shubstaintiúil dá ngnó ina ndlínsí, ag freastal ar a margaí. Cuirfidh siad toirmeasc ar sholáthraithe a bhunú ina ndlínsí nach bhfuil oibríochtaí gnó gníomhacha ná sócmhainní móra acu..

2. Déanfar faireachán ar chomhlíontacht na hoibleagáide a leagtar amach i mír 1 i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar bhonneagar maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 13 den Chreat- Phrótacal seo.

## CUID II

## MEASTÓIREACHT CHUN ROCHTAIN A FHÁIL AR MHARGADH INMHEÁNACH AN AONTAIS

### AIRTEAGAL 8

### Athbhreithniú ar earnáil airgeadais an Stáit Chomhlachaithe

1. Faoi mhaoirseacht an Choimisiúin Eorpaigh, déanfaidh údaráis mhaoirseachta ábhartha an Aontais agus an Bord Réitigh Aonair athbhreithniú ar earnáil airgeadais an Stáit Chomhlachaithe mar a leanas:

(a) soláthróidh an Stát Comhlachaithe an méid seo a leanas d'údaráis mhaoirseachta an Aontais agus do Bhord Réitigh Aonair:

(i) tuairisc mhionsonraithe ar a earnáil airgeadais, lena n- áirítear liosta de sholáthraithe seirbhíse airgeadais údaraithe nó cláraithe agus a bhfoirm dhlíthiúil, céannacht a stiúrthóirí, céannacht agus náisiúntacht na scairshealbhóirí, caidreamh grúpa, ábharthacht eacnamaíoch (sócmhainní baincéireachta iomlána, sócmhainní faoi bhainistíocht, agus préimheanna árachais iomlána);

(ii) aon fhaisnéis fhorlíontach a éilíonn údaráis mhaoirseachta an Aontais agus an Bord Réitigh Aonair chun an t- athbhreithniú sin a chur i gcrích faoin Airteagal seo ;

(b) tabharfaidh údaráis mhaoirseachta an Aontais faoi athbhreithnithe ar an gclár comhardaithe agus faoi athbhreithnithe ar cháilíocht sócmhainní le haghaidh na n- earnálacha baincéireachta agus árachais ar bhonn a modheolaíochta i gcomhar le húdaráis inniúla ábhartha an Stáit Chomhlachaithe.

(c) déanfaidh an Bord Réitigh Aonair, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, measúnú ar an scéim ráthaithe taiscí, an scéim ráthaithe árachais agus an córas réitigh a bheith ann, ar a struchtúr agus ar a gcáilíocht[1] i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.

2. Chun an t- athbhreithniú a dhéanamh faoin Airteagal seo, féadfaidh údaráis mhaoirseachta an Aontais agus an Bord Réitigh Aonair leas a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as cúnamh ó thríú páirtithe ar an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta.

3. Is é an Stát Comhlachaithe a iompróidh na costais a bhaineann leis an athbhreithniú faoin Airteagal seo.

AIRTEAGAL 9

Measúnú ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais

1. Déanfaidh an tAontas measúnú ar iomláine agus ar chomhréireacht reachtaíocht agus chreat rialála an Stáit Chomhlachaithe le acquis ábhartha an Aontais. Déanfaidh sé measúnú, go háirithe, ar chomhlíontacht forálacha ghníomhartha an Aontais is infheidhme maidir leis an méid a leanas:

(a) an margadh inmheánach iomlán an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais gan aon idirdhealú, go háirithe na forálacha maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac; agus

(b) an deighleog shonrach nó na deighleoga sonracha de mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chreat- Phrótacal seo.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO AE L 225, 30.7.2014, lch. 1.).

2. Féadfar measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíocht agus chreat rialála an Stáit Chomhlachaithe le acquis ábhartha an Aontais Eorpaigh le cúnamh ó thríú páirtithe ar an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta. Sainmhíneoidh an Coimisiún Eorpach téarmaí tagartha an mheasúnaithe comhlíontachta agus cuirfidh sé an Stát Comhlachaithe ar an eolas faoin nós imeachta soláthair ábhartha agus faoi thorthaí an nós imeachta sin.

3. Iompróidh an Stát Comhlachaithe na costais a bhainfidh leis an measúnú faoin Airteagal seo.

## AIRTEAGAL 10

### Measúnú ar bhonneagar maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe

1. Cumhdófar leis an measúnú ar an mbonneagar an Stáit Chomhlachaithe maoirseachta neamhspleáchas, stóinseacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht chreat maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe. Cumhdófar leis an measúnú sin freisin maoirseacht frithsciúrtha airgid sa Stát Comhlachaithe, lena n- áirítear Aonad um Fhaisnéis Airgeadais a bheith ann agus feidhmiú cuí an Aonaid sin.

2. Déanfaidh údaráis mhaoirseachta an Aontais an measúnú dá dtagraítear i mír 1 i gcomhar le húdaráis inniúla ábhartha Bhallstáit an Aontais. Bunóidh údaráis mhaoirseachta an Aontais na critéir mheasúnaithe agus an mhodheolaíocht don mheasúnú sin agus cuirfidh siad an Coimisiún Eorpach agus an Stát Comhlachaithe ar an eolas dá réir sin. Léireofar sna critéir agus sa mhodheolaíocht don mheasúnú sin dlí an Aontais is infheidhme maidir le neamhspleáchas, stóinseacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chreata maoirseachta faoi seach.

3. Chun an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, féadfaidh údaráis mhaoirseachta an Aontais, i gcás inarb iomchuí, dul ar iontaoibh cúnaimh ó thríú páirtithe ar an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta.

4. Iompróidh an Stát Comhlachaithe na costais a bhainfidh leis an measúnú faoin Airteagal seo.

AIRTEAGAL 11

Toradh na meastóireachta

1. Ar an athbhreithniú ar earnáil airgeadais an Stáit Chomhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chreat- Phrótacal seo a bheith críochnaithe, eiseoidh údaráis mhaoirseachta an Aontais agus an Bord Réitigh Aonair tuairim chuig an gCoimisiún Eorpach ina soláthrófar measúnú ar earnáil airgeadais an Stáit Chomhlachaithe.

2. Ar an measúnú ar bhonneagar maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 10 den Chreat- Phrótacal seo a bheith críochnaithe, eiseoidh údaráis mhaoirseachta an Aontais tuairim chuig an gCoimisiún Eorpach ina soláthrófar measúnú ar chreat maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe.

3. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach, agus na tuairimí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo á gcur san áireamh aige, chomh maith leis an measúnú ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm dlí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 9 den Chreat- Phrótacal seo, moladh a eisiúint don Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais.

Cinnfear leis an moladh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ar cheart rochtain a thabhairt don Stát Comhlachaithe ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais nó ar dheighleog mhargaidh amháin nó níos mó, agus na breithnithe seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) má dhéantar na hathbhreithnithe ar an gclár comhardaithe nó na hathbhreithnithe ar cháilíocht sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (b), den Chreat- Phrótacal seo rioscaí a shainaithint d'fheidhmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais, ní thabharfar rochtain ar an deighleog chomhfhreagrach nó ar na deighleoga comhfhreagracha de mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais go dtí go ndéanfar na rioscaí sin a leigheas go hiomchuí;

(b) má tá an measúnú ar an scéim ráthaithe taiscí, ar an scéim ráthaithe árachais nó ar na cistí réitigh dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (c), den Chreat- Phrótacal seo diúltach, ní thabharfar rochtain ar an deighleog baincéireachta ná ar an deighleog árachais agus athárachais go dtí go ndéanfar na heasnaimh sin a leigheas mar is iomchuí;

(c) má shainaithnítear sa mheasúnú ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm dlí an Aontais easnaimh i réimse amháin nó níos mó, ní thabharfar rochtain ar an deighleog chomhfhreagrach nó ar na deighleoga comhfhreagracha de mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chreat- Phrótacal seo, go dtí go ndéanfar na heasnaimh sin a leigheas go hiomchuí;

(d) má shainaithnítear sa mheasúnú ar bhonneagar maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe easnaimh, ní thabharfar rochtain ar an deighleog chomhfhreagrach nó ar na deighleoga comhfhreagracha de mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chreat- Phrótacal seo, go dtí go ndéanfar na heasnaimh sin a leigheas go hiomchuí.

4. Más an moladh diúltach an moladh uaidh dá dtagraítear i mír 3, tabharfaidh an Coimisiún Eorpach fógra don Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais faoi na treoirlínte agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an Stát Comhlachaithe chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh. Cuirfear bac ar an Stát Comhlachaithe iarraidh nua ar mheastóireacht a chur isteach chun rochtain a fháil ar an margadh go ceann bliana tar éis don Choimisiún Eorpach na treoirlínte agus gníomhaíochtaí a eisiúint. Ar iarraidh nua a chur isteach, soláthróidh an Stát Comhlachaithe fianaise gur chloígh sé leis na treoirlínte forordaithe agus gur cuireadh chun feidhme na gníomhartha is gá.

CUID III

FAIREACHÁN

AIRTEAGAL 12

Faireachán ar chur chun feidhme
agus ar chur i bhfeidhm acquis an Aontais ag an Stát Comhlachaithe

1. Tar éis don Chomhchoiste rochtain a thabhairt, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chreat- Phrótacal seo, ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, nó ar cheann amháin nó níos mó dá dheighleoga, don Stát Comhlachaithe, leanfaidh comhlíontacht leanúnach reachtaíocht an Stáit Chomhlachaithe le *acquis* ábhartha an Aontais de bheith faoi réir meastóireachta ag an gCoimisiún Eorpach le linn thréimhse iomlán na rochtana ar an margadh. Déanfar an faireachán i gcomhréir le hAirteagal 9 den Chreat- Phrótacal seo.

2. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach torthaí an fhaireacháin ina dhiaidh sin faoi bhráid an Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais, lena n- áirítear aon mholadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a sainaithníodh le linn an phróisis faireacháin. Cuirfidh an Stát Comhlachaithe na moltaí chun feidhme laistigh den tréimhse a shonrófar sna moltaí seo.

3. Má shainaithnítear easnaimh nach beag i réimse amháin nó níos mó le linn an fhaireacháin ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm *acquis* an Aontais, beidh sé de cheart ag an Aontas cur i bhfeidhm an Chreat- Phrótacal seo a chur ar fionraí i leith na deighleoige seirbhísí airgeadais nó na ndeighleog atá i gceist. Leagtar amach na coinníollacha agus an nós imeachta le haghaidh an bhfionraí in Airteagal 18 agus 19 den Chreat- Phrótacal seo.

4. Iompróidh an Stát Comhlachaithe na costais a bhainfidh leis an bhfaireachán tráthrialta faoin Airteagal seo.

AIRTEAGAL 13

Faireachán ar bhonneagar maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe

1. Tar éis don Chomhchoiste, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chreat- Phrótacal seo, rochtain ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, nó ar cheann amháin nó níos mó dá dheighleoga, a thabhairt don Stát Comhlachaithe, déanfar an measúnú ar bhonneagar maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe i gcomhréir le hAirteagal 10 den Chreat- Phrótacal seo. Eagrófar an measúnú sin gach 2 bhliain, mura gcinnfidh an Coimisiún Eorpach a mhalairt.

2. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach torthaí na measúnuithe faoi bhráid an Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais, lena n- áirítear aon mholadh arna dhréachtú ag údaráis mhaoirseachta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a sainaithníodh le linn an fhaireacháin sin.

3. Déanfaidh an Stát Comhlachaithe na moltaí dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme laistigh den tréimhse ama a shonrófar sna moltaí sin. Seiceálfaidh údaráis mhaoirseachta an Aontais an ndearnadh na moltaí sin a chur chun feidhme ina n- iomláine.

4. Má theipeann ar an Stát Comhlachaithe na heasnaimh a sainaithníodh sna moltaí measúnaithe a leigheas laistigh den tréimhse shonraithe, beidh sé de cheart ag an Aontas cur i bhfeidhm an Chreat- Phrótacail seo a chur ar fionraí i leith dheighleog nó dheighleoga na seirbhísí airgeadais atá i gceist. Leagtar amach na coinníollacha agus an nós imeachta le haghaidh an bhfionraí in Airteagal 18 agus 19 den Chreat- Phrótacal seo.

5. Iompróidh an Stát Comhlachaithe na costais a bhainfidh leis an bhfaireachán tráthrialta faoin Airteagal seo.

CUID IV

COMHAR LE hÚDARÁIS MHAOIRSEACHTA AN AONTAIS

AIRTEAGAL 14

Údaráis mhaoirseachta an Aontais – cumhachtaí ginearálta

1. Tabharfar d'údaráis mhaoirseachta an Aontais Eorpaigh i leith earnáil na seirbhísí airgeadais agus údaráis inniúla an Stáit Chomhlachaithe leis na cumhachtaí go léir a thugtar dóibh lena rialacháin bhunaidh, leis an reachtaíocht earnála ábhartha de chuid an Aontais agus leis an gCreat- Prótacal seo.

2. Áireofar ar chumhachtaí údaráis mhaoirseachta an Aontais Eorpaigh an chumhacht chun cinntí agus moltaí a dhéanamh a dhíreofar ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais nó ar údaráis inniúla an Stáit Chomhlachaithe, de réir mar is gá chun feidhmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais, cosaint tomhaltóirí, infheisteoirí agus geallsealbhóirí ábhartha eile a áirithiú, nó cobhsaíocht agus sláine mhargadh inmheánach an Aontais a chosaint. Feidhmeofar na cumhachtaí sin i gcomhairle le húdaráis mhaoirseachta airgeadais an Stáit Chomhlachaithe.

3. Áiritheoidh an Stát Comhlachaithe go mbeidh údaráis mhaoirseachta an Aontais in ann a gcumhachtaí a fheidhmiú go héifeachtach laistigh dá dhlínse agus rannchuideoidh sé lena riachtanais bhuiséadacha dá réir sin. Rachaidh údaráis inniúla an Stáit Chomhlachaithe i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta an Aontais i bhfeidhmiú a gcumhachtaí laistigh dá ndlínse agus déanfaidh siad gach beart is gá chun forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach na gcinntí agus na moltaí uile arna nglacadh ag údaráis mhaoirseachta an Aontais a áirithiú.

4. Sna réimsí ina bhfuil sainorduithe maoirseachta díreacha nó cumhachtaí idirghabhála dírí ag údaráis mhaoirseachta an Aontais, beidh na cinntí a ghlacfaidh siad ceangailteach ó thaobh dlí agus beidh siad infheidhme go díreach laistigh de dhlínse an Stáit Chomhlachaithe gan gá le bailíochtú ó údarás inniúil an Stáit Chomhlachaithe.

AIRTEAGAL 15

Údaráis mhaoirseachta an Aontais Eorpaigh – cumhachtaí éigeandála

1. I gcás forbairtí dochracha in earnáil airgeadais an Stáit Chomhlachaithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chobhsaíocht nó ar shláine earnáil airgeadais an Aontais nó ceann nó níos mó dá Bhallstáit, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thomhaltóirí, d'infheisteoirí nó do gheallsealbhóirí ábhartha eile san Aontas, nó má tá rioscaí ag teacht chun cinn ó ghnóthais atá bunaithe sa Stát Comhlachaithe agus atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhféadfadh impleachtaí trasteorann a bheith acu, beidh sé de chumhacht ag údaráis mhaoirseachta an Aontais na cinntí seo a leanas a ghlacadh i leith na soláthraithe seirbhísí airgeadais atá bunaithe sa Stát Comhlachaithe:

2. Glacfaidh údaráis mhaoirseachta an Aontais cinneadh a bheidh dírithe ar údarás inniúil ábhartha an Stáit Chomhlachaithe chun an ceadúnas a deonaíodh do sholáthraí seirbhíse airgeadais a chur ar fionraí i gcás sárú ar dhlí an Aontais, gníomhaíochtaí calaoiseacha, nó i gcás ina mbeidh ábhair imní thromchúiseacha ann faoin staid airgeadais, faoin tsamhail ghnó, faoi chomhlíonadh na reachtaíochta maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, faoi chomhlíonadh na gceanglas 'cuí cóir', nó faoi iompar i leith chliaint nó chliaint fhéideartha an tsoláthraí seirbhíse airgeadais.

(a) toirmeasc sealadach nó srian sealadach a chur ar mhargú, ar dháileadh nó ar dhíol ionstraimí airgeadais áirithe, táirgí airgeadais áirithe nó ionstraimí/táirgí airgeadais áirithe a bhfuil gnéithe sonraithe áirithe acu nó cineál gníomhaíochta nó cleachtais airgeadais áirithe acu, amhail cosc a chur ar fhrithghealladh gnó nua nó ar chliaint nua a ionduchtú, i gcásanna imní a bhaineann le hiompar nó le stuamacht; nó

(b) cineál gníomhaíochta nó cleachtais airgeadais a thoirmeasc nó a shrianadh go sealadach, lena n-áirítear sócmhainní a dhiúscairt saor in aisce.

3. Ní ghlacfaidh údaráis mhaoirseachta an Aontais na cinntí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ach amháin má shuíonn siad gur mhainnigh údaráis mhaoirseachta an Stáit Chomhlachaithe a gcumhachtaí a fheidhmiú ar bhealach tráthúil nó éifeachtach. Beidh na cinntí sin ceangailteach ó thaobh dlí agus infheidhme go díreach laistigh de dhlínse an Stáit Chomhlachaithe.

(a) na critéir atá le cur i bhfeidhm chun méid na fíneála a gearradh agus uasteorainn an mhéid sin a chinneadh;

(b) an nós imeachta maidir le feidhmiú na cumhachta chun fíneálacha a fhorchur;

(c) na tréimhsí teorann is infheidhme chun na fíneálacha a fhorchur agus a fhorfheidhmiú.

4. Glacfaidh gach údarás maoirseachta ábhartha de chuid an Aontais, ag gníomhú dó faoi na coinníollacha a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais, cinneadh a bheidh dírithe ar údarás inniúil ábhartha an Stáit Chomhlachaithe chun an ceadúnas a dheonaítear do sholáthraí seirbhíse airgeadais a chur ar fionraí i gcás sárú ar dhlí an Aontais, gníomhaíochtaí calaoiseacha, neamhchomhlíonadh na reachtaíochta maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, neamhchomhlíonadh na gceanglas 'cuí agus cuí', nó mí-iompar i leith chliaint nó chliaint ionchasacha an tsoláthraí seirbhíse airgeadais.

5. Beidh na cinntí dá dtagraítear i míreanna 2 go 4 ceangailteach ó thaobh dlí agus infheidhme go díreach laistigh de dhlínse an Stáit Chomhlachaithe.

AIRTEAGAL 16

Ról an Stáit Chomhlachaithe

Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag údaráis inniúla an Stáit Chomhlachaithe, ach amháin i gcás an chirt vótála, agus atá teoranta do chinntí atá dírithe go díreach ar a n- earnáil airgeadais nó ar a n- údaráis airgeadais, agus atá ag údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais Eorpaigh in obair údaráis mhaoirseachta an Aontais agus a mBoird Maoirseoirí.

## AIRTEAGAL 17

### Comhar maidir le sciúradh airgid a chomhrac

Áiritheoidh an Stát Comhlachaithe comhar iomlán leis na húdaráis ainmnithe frithsciúrtha airgid ar leibhéal an Aontais agus Bhallstáit an Aontais agus le haon chomhlacht nó comhlachtaí a thiocfaidh i gcomharbas orthu.

CUID V

BEARTA COIMIRCE AN AONTAIS EORPAIGH

AIRTEAGAL 18

Bearta coimirce – prionsabail

1. Féadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm an Chreat- Phrótacail seo a chur ar fionraí go sealadach i leith na deighleoige nó na ndeighleog seirbhísí airgeadais atá i gceist, sna cásanna seo a leanas:

(a) braitheadh easnaimh mhór i gcur chun feidhme agus i gcur i bhfeidhm acquis an Aontais le linn faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chreat- Phrótacal seo;

(b) braitheadh easnaimh mhór i gcreat maoirseachta an Stáit Chomhlachaithe le linn faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 13 den Chreat- Phrótacal seo;

(c) easpa comhair ó údaráis inniúla an Stáit Chomhlachaithe chun neamhrialtachtaí, calaois, mí- úsáid, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac i láthair ;

(d) rinneadh imchéimniú nó sáruithe móra ar acquis an Aontais i réimse na seirbhísí airgeadais.

2. Glacfar fionraí shealadach faoi na coinníollacha agus an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 19 den Chreat- Phrótacal seo.

## AIRTEAGAL 19

### Bearta coimirce - nósanna imeachta

1. De mhaolú ar Airteagal 90 den Chreat- Chomhaontú, i gcás ina measfaidh an tAontas gur tharla ceann amháin nó níos mó de na cásanna a shonraítear in Airteagal 18(1) den Chreat- Phrótacal seo, tabharfaidh sé fógra don Stát Comhlachaithe agus cuirfidh sé an t- ábhar faoi bhráid an Chomhchoiste.

2. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile gan mhoill, agus in aon chás tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an t- ábhar a chur faoina bhráid. Cuirfidh na Páirtithe Comhlachaithe gach faisnéis úsáideach faoi bhráid an Chomhchoiste chun go bhféadfar scrúdú domhain a dhéanamh ar an staid. Déanfaidh an Comhchoiste scrúdú ar gach féidearthacht lenar féidir teacht ar réiteach i gcomhréir leis an gComhaontú seo agus féadfaidh sé aon chinneadh chuige sin a dhéanamh, i gcás inar gá.

3. I gcás ina dteipeann ar an gComhchoiste réiteach ar na cásanna a shonraítear in Airteagal 18(1) a aimsiú laistigh de thrí mhí ó dháta an chéad chruinnithe an ChomhChoiste faoi mhír 2, tabharfaidh an tAontas fógra don Stát Comhlachaithe faoin réiteach atá beartaithe aige ar an bhfadhbh a sainaithníodh.

4. Má theipeann ar an Stát Comhlachaithe an réiteach atá molta ag an Aontas a chomhlíonadh laistigh de thrí mhí, cuirfidh an tAontas cur i bhfeidhm an Chreat- Phrótacail seo ar fionraí i leith dheighleog nó dheighleoga na seirbhísí airgeadais atá i gceist go dtí go leigheasfaidh an Stát Comhlachaithe an t- easnamh arna shainaithint ag an Aontas. Leanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe de bheith i mbun idirphlé tráthrialta chun teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go coitianta.

5. Tar éis chur i bhfeidhm an Chreat- Phrótacail seo a chur ar fionraí i gcomhréir le mír 4, féadfaidh an Stát Comhlachaithe an tsaincheist a tharchur chuig CBAE. Nuair a bheidh sé beartaithe ag an Stát Comhlachaithe caingean a thabhairt os comhair CBAE de bhun na míre seo, tabharfaidh sé fógra ina thaobh sin láithreach i scríbhinn don Aontas agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile.

CUID VI

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

## AIRTEAGAL 20

### Fochoistí um Sheirbhísí Airgeadais

1. De mhaolú ar an gcéad abairt d'Airteagal 76(8) den Chreat- Chomhaontú, leis seo bunaítear dhá Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais:

(a) ceann idir an tAontas, arb é an Coimisiún Eorpach is ionadaí dó, agus Andóra, arb é a údarás atá freagrach as an mbeartas seirbhísí airgeadais is ionadaí dó; agus

(b) ceann idir an tAontas, arb é an Coimisiún Eorpach is ionadaí dó, agus San Mairíne, arb é a údarás atá freagrach as an mbeartas seirbhísí airgeadais is ionadaí dó.

Chun críocha an Chreat- Phrótacail seo, léifear aon tagairt d'Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais mar thagairt d'aon cheann de na Fochoistí um Sheirbhísí Airgeadais a liostaítear i bpointí (a) agus (b)..

2. Feidhmeoidh na Fochoistí um Sheirbhísí Airgeadais na feidhmeanna seo a leanas:

(a) maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chreat- Phrótacail seo, mar a chuirtear i bhfeidhm é trí na Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe agus trí na forálacha iomchuí in Iarscríbhinní IX, XII agus XXII a ghabhann leis na Prótacail sin i ndáil le Stát Comhlachaithe;

(b) na moltaí seo a leanas a fhoirmliú chuig na Comhchoistí:

(i) moltaí chun Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe a leasú i gcomhréir le hAirteagal 81 den Chreat- Chomhaontú;

(ii) moltaí chun rochtain ar an margadh a leathnú chuig margadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais nó ceann amháin nó níos mó dá dheighleoga margaidh, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chreat- Phrótacal seo;

(iii) moltaí eile.

(c) moltaí a fhoirmliú chuig an gCoiste Comhlachais, i gcás inarb iomchuí;

(d) na feidhmeanna agus na freagrachtaí eile uile a shanntar dó le hAirteagail eile den Chreat- Phrótacal seo a ghlacadh air féin.

3. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach a iarraidh ar údaráis mhaoirseachta an Aontais freastal ar chruinnithe an Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais le haghaidh pléití teicniúla, de réir mar is gá .

4. I gcásanna ina mbainfidh leasuithe ar Iarscríbhinní IX a ghabhann le Prótacail i ndáil le Stát Comhlachaithe leis an dá Stát Chomhlachaithe, déanfaidh an Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais a gcuid oibre i gcruinnithe comhpháirteacha, ar bhonn tograí comhordaithe.

5. Tiocfaidh na Fochoistí um Sheirbhísí Airgeadais le chéile gach bliain nó ag eatraimh eile de réir mar a chinnfidh a gcomhaltaí. Féadfar cruinnithe a sheoladh trí aon mhodh teicneolaíoch a bheidh ar fáil do na Páirtithe Comhlachaithe.

CUID VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 21

Gníomhaíochtaí na mbanc ceannais agus na n- údarás airgeadaíochta

Ní bheidh feidhm ag aon fhoráil den Chomhaontú seo maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann údaráis phoiblí, bainc cheannais, údaráis airgeadaíochta, ná aon eintiteas eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Páirtí Comhlachaithe le linn beartais airgeadaíochta nó ráta malairte a chur chun feidhme.

CREAT- PHRÓTACAL 4

MAIDIR LEIS NA RIALACHA IOMAÍOCHTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE GNÓTHAIS

AIRTEAGAL 1

A mhéid a bhaineann le comhaontuithe, cinntí ó chomhlachais gnóthas agus cleachtais chomhbheartaithe a bheidh ann cheana ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a thagann faoi réim Airteagal 38(1) den Chreat- Chomhaontú, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 38(1) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcás ina modhnófar na comhaontuithe, na cinntí nó na cleachtais sin laistigh de 12 mhí an dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo chun na coinníollacha atá sna blocdhíolúintí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 2

A mhéid a bhaineann le comhaontuithe, cinntí ó chomhlachais gnóthas agus cleachtais chomhbheartaithe atá ann cheana ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a thagann faoi Airteagal 38, mír 1 den Chreat- Chomhaontú, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos sa mhír sin, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcás ina modhnófar na comhaontuithe, na cinntí ó chomhlachais gnóthas nó na cleachtais chomhbheartaithe sin laistigh de dhá mhí dhéag an dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ionas nach dtiocfaidh siad faoin toirmeasc sin a thuilleadh.

CREAT- PHRÓTACAL 5

MAIDIR LE COMHAR I RÉIMSE AN STAIDRIMH

AIRTEAGAL 1

Ábhar

1. Tá feidhm ag an gCreat- Phrótacal seo maidir leis an gcomhar i réimse an staidrimh idir na Páirtithe Comhlachaithe chun a áirithiú go dtáirgfear agus go scaipfear faisnéis staidrimh atá comhleanúnach agus inchomparáide chun cur síos agus faireachán a dhéanamh ar na beartais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil uile atá ábhartha dá gcomhar.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe modhanna, sainmhínithe agus aicmithe comhchuibhithe a fhorbairt agus a úsáid chomh maith le cláir agus nósanna imeachta coiteanna lena n- eagrófar obair staidrimh ar leibhéil riaracháin iomchuí agus i gcomhréir leis an gCreat- Phrótacal seo.

3. Beidh táirgeadh staidrimh na bPáirtithe Comhlachaithe neamhchlaonta, iontaofa, oibiachtúil, neamhspleách ó thaobh na heolaíochta de, costéifeachtach agus rúnda. Ní chuirfidh táirgeadh staidrimh ualach iomarcach ar oibreoirí eacnamaíocha.

AIRTEAGAL 2

Fochoistí Staidrimh

1. De mhaolú ar an gcéad abairt d'Airteagal 76(8) den Chreat- Chomhaontú, leis seo bunaítear dhá Fhochoiste Staidrimh:

(a) an tAontas, arna ionadú ag an gCoimisiún Eorpach, agus Andóra, arna ionadú ag a húdaráis atá freagrach as comhar i réimse an staidrimh; agus

(b) an tAontas, arna ionadú ag an gCoimisiún Eorpach, agus San Mairíne, arna ionadú ag a húdaráis atá freagrach as an gcomhar i réimse an staidrimh.

Chun críocha an Chreat- Phrótacail seo, léifear aon tagairt d'Fhochoiste Staidrimh mar thagairt d'aon cheann de an Fochoistí Staidrimh sin.

2. Beidh na Fochoistí Staidrimh freagrach as an gCreat- Phrótacal seo a riar agus áiritheoidh siad go gcuirfear chun feidhme mar is ceart é. Chun na críche sin, déanfaidh siad moltaí agus glacfaidh siad cinntí sna cásanna dá bhforáiltear sa Chreat- Phrótacal seo. Glacfaidh na Fochoistí Staidrimh a gcinntí de chomhthoil.

3. Eagróidh na Fochoistí Staidrimh agus an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a gcúraimí chun críocha an Chreat- Phrótacail seo i gcruinnithe comhcheangailte.

4. Tiocfaidh na Fochoistí Staidrimh le chéile de réir mar is gá agus nuair is gá. Féadfaidh aon Pháirtí Comhlachaithe cruinniú den Fhochoiste Staidrimh a iarraidh. Féadfaidh na Fochoistí Staidrimh cinneadh a dhéanamh meithleacha a bhunú a bheidh in ann cúnamh a thabhairt dóibh a gcúraimí a chur i gcrích.

5. Féadfaidh Páirtí Comhlachaithe tráth ar bith ábhar imní i ndáil leis an gCreat-Phrótacal seo a ardú san Fhochoiste Staidrimh .

6. Luafar i ngach cinneadh de chuid Fochoiste Staidrimh dáta a chur chun feidhme. Cuirfear an cinneadh sin isteach, i gcás inar gá, lena fhormheas i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Fhochoiste Staidrimh agus cuirfidh an Fochoiste Staidrimh sin i bhfeidhm é i gcomhréir lena rialacha nós imeachta.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

AIRTEAGAL 3

Comhar staidrimh

1. Is éard a bheidh sa chlár staidrimh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 an creat le haghaidh na ngníomhaíochtaí staidrimh a bheidh le déanamh ag gach ceann de na Stáit Chomhlachaithe ar feadh na dtréimhsí ama ábhartha a chumhdaítear le faoin gClár Staidrimh Eorpach. Measfar príomhréimsí agus téamaí staidrimh uile an chláir staidrimh Eorpaigh a bheith ábhartha don chomhar staidrimh a leagtar amach sa Chreat- Phrótacal seo agus beidh de na Stáit Chomhlachaithe in ann páirt iomlán a ghlacadh iontu.

2. Déanfaidh na Fochoistí Staidrimh cláir staidrimh bhliantúla shonracha de chuid an Aontais/an Stáit Chomhlachaithe (AE/Andóra clár staidrimh bliantúil agus AE/San Mairíne clár staidrimh bliantúil) a fhorbairt gach bliain mar fhothacar den chlár oibre bliantúil arna tharraingt suas ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, agus i gcomhthráth leis an gclár oibre sin. Déanfaidh an Fochoiste Staidrimh gach AE/Stát Comhlachaithe sonrach clár staidrimh bliantúil den sórt sin a fhormheas. Léireofar sa chláir sin go háirithe na gníomhaíochtaí laistigh de théamaí ábhartha an chláir a bhfuil tosaíocht acu le haghaidh chomhar staidrimh an Aontais/an Stáit Chomhlachaithe faoi seach le linn thréimhse an chláir.

3. Tarchuirfear faisnéis staidrimh ó na Stáit Chomhlachaithe chuig Eurostat lena stóráil, lena próiseáil agus lena scaipeadh. Chuige sin, oibreoidh institiúidí staidrimh náisiúnta ('ISNanna') na Stát Comhlachaithe i ndlúthchomhar le Eurostat chun a áirithiú go ndéanfar sonraí ó na Stáit sin a tharchur i gceart agus a scaipeadh ar na grúpaí úsáideoirí éagsúla trí na gnáthbhealaí scaipthe mar chuid de staidreamh AE/Stáit Chomhlachaithe. Is le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 a rialófar láimhseáil staidrimh ó na Stáit Chomhlachaithe.

4. Déanfaidh an Fochoiste Staidrimh scrúdú ar an dul chun cinn atá déanta sa chreat le haghaidh ghníomhaíochtaí ábhartha staidrimh AE/Stáit Chomhlachaithe. Déanfaidh sé measúnú go háirithe ar baineadh amach na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí a beartaíodh le linn na chéad trí bliana de chur i bhfeidhm an Chreat- Phrótacail seo. Déanfaidh sé measúnú freisin cíbe acu a léiríonn nó nach léiríonn inneachar Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an bPrótacal ábhartha i ndáil le Stát Comhlachaithe an ábharthacht dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Chreat- Phrótacal seo go leordhóthanach.

## AIRTEAGAL 4

## Rannpháirtíocht

1. Beidh eintitis atá bunaithe sna Stáit Chomhlachaithe i dteideal páirt a ghlacadh i gcláir shonracha de chuid an Aontais arna mbainistiú ag Eurostat, agus beidh na cearta conarthacha agus na hoibleagáidí conarthacha céanna acu agus atá ag eintitis atá bunaithe san Aontas.

2. Féadfar saineolaithe náisiúnta ó na Stáit Chomhlachaithe a thabhairt ar iasacht don Choimisiún Eorpach ("Eurostat"). Is é an Stát Comhlachaithe a thabharfaidh ar iasacht iad go hiomlán a iompróidh na costais a bhaineann leis na saineolaithe náisiúnta den sórt sin a thabhairt ar iasacht don Choimisiún Eorpach ("Eurostat"), lena n- áirítear tuarastail, costais slándála sóisialta, soláthar pinsean, liúntais laethúla agus taistil.

3. Beidh eintitis atá bunaithe san Aontas i dteideal páirt a ghlacadh i gcláir shonracha arna mbainistiú ag ISNanna na Stát Comhlachaithe, agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí conarthacha céanna acu agus atá ag eintitis atá bunaithe sna Stáit Chomhlachaithe.

## AIRTEAGAL 5

### Cineálacha eile comhair

1. Féadfar aistriú teicneolaíochta i réimse an staidrimh idir ISNanna an Stáit Chomhlachaithe agus Eurostat a dhéanamh trí chomhaontú frithpháirteach.

2. Gan dochar do na forálacha sonracha agus na socruithe a leagtar síos i Caibidil 19 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le gach Prótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe, féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe aon fhaisnéis i réimse an staidrimh a mhalartú.

3. Féadfaidh ISNanna na bPáirtithe Comhlachaithe oifigigh a mhalartú eatarthu. Féadfaidh ISNanna Bhallstáit an Aontais oifigigh a mhalartú freisin le hoifigigh na Stát Comhlachaithe. Déanfar na coinníollacha faoina ndéanfar na malartuithe den sórt sin a chomhaontú go díreach idir na ISNanna lena mbaineann.

## AIRTEAGAL 6

### Forálacha airgeadais

1. Chun costais iomlána a rannpháirtíochta a chumhdach, déanfaidh Stáit Chomhlachaithe ranníocaíocht airgeadais leis an gclár staidrimh Eorpach ar bhonn bliantúil.

2. Leagtar amach na rialacha lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais na Stát Comhlachaithe in Airteagal 68 den Chreat- Chomhaontú.

CREATPHRÓTACAL 6

MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA EADRÁNA

## CAIBIDIL 1

## RÉAMHFHORÁLACHA

### AIRTEAGAL 1

### Raon feidhme

Má chuireann ceachtar Páirtí Comhlachaithe díospóid chun eadrána i gcomhréir le hAirteagal 90(8), Airteagal 97(9) nó Airteagal 98(6) den Chreat- Chomhaontú, beidh feidhm ag an gCreat- Phrótacal seo.

### AIRTEAGAL 2

### Sainmhínithe

Chun críocha an Chreat- Phrótacail seo:

(a) ciallaíonn "éilitheoir" an Páirtí Comhlachaithe a chuireann díospóid chun eadrána i gcomhréir le hAirteagal 90(8), Airteagal 97(9) nó Airteagal 98(6) den Chreat-Chomhaontú;

(b) ciallaíonn 'freagróir' an Páirtí Comhlachaithe a bhfuil na bearta seo a leanas glactha aige:

(i) na bearta cúiteacha dá dtagraítear in Airteagal 90(7) den Chreat- Chomhaontú;

(ii) na bearta coimirce dá dtagraítear in Airteagal 97(1) den Chreat- Chomhaontú;

(iii) na bearta éigeandála um choimirce dá dtagraítear in Airteagal 97(5) den Chreat- Chomhaontú;

(iv) na bearta athchothromúcháin dá dtagraítear in Airteagal 97(8) den Chreat- Chomhaontú;

(v) na bearta coimirce dá dtagraítear in Airteagal 98(1) den Chreat- Chomhaontú;

nó

(vi) na bearta athchothromúcháin dá dtagraítear in Airteagal 98(5) den Chreat- Chomhaontú;

(c) ciallaíonn 'ionadaí Páirtí Chomhlachaithe' oifigeach de chuid Páirtí Comhlachaithe, nó aon duine arna cheapadh ag Páirtí Comhlachaithe, a dhéanann ionadaíocht ar an bPáirtí Comhlachaithe sin chun críoch díospóide faoi Airteagal 90(8), Airteagal 97(9) nó Airteagal 98(6) den Chreat- Chomhaontú;

(d) ciallaíonn 'comhairleoir' duine atá ainmnithe ag Páirtí Comhlachaithe chun comhairle nó cúnamh a thabhairt dó an Páirtí Comhlachaithe sin in imeachtaí os comhair painéal eadrána;

(e) ciallaíonn 'cúntóir' duine a dhéanann, faoi théarmaí a cheapacháin, taighde do chomhalta de phainéal eadrána, nó a thugann cúnamh do chomhalta, faoi stiúradh agus faoi rialú an chomhalta sin de phainéal eadrána;

(f) ciallaíonn 'iarrthóir' aon duine a bhfuil a ainm ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chreat- Phrótacal seo agus atá faoi bhreithniú lena roghnú mar chomhalta de phainéal eadrána faoin Airteagal sin.

## AIRTEAGAL 3

### Tacaíocht chlárlainne agus rúnaíochta

Ar iarraidh i scríbhinn ó na Páirtithe Comhlachaithe nó ón bpainéal eadrána, gníomhóidh Biúró Idirnáisiúnta na Buanchúirte Eadrána ('an Bhuanchúirt Eadrána') mar chlárlann agus soláthróidh sé tacaíocht leordhóthanach rúnaíochta don phainéal eadrána.

## AIRTEAGAL 4

### Liosta daoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de phainéal eadrána

1. Bunóidh gach Comhchoiste liosta de 15 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de phainéal eadrána. Chuige sin, ainmneoidh gach Páirtí Comhlachaithe cúigear. Déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe cúigear a ainmniú go comhpháirteach freisin chun fónamh mar chathaoirleach ar an bpainéal eadrána. Áiritheoidh na Comhchoistí go gcomhlíonfaidh na liostaí den sórt sin na ceanglais dá dtagraítear i mír 2 i gcónaí.

2. Ar na liostaí a bhunófar i gcomhréir le mír 1, ní bheidh ach daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha faoi seach nó ar dlí- eolaithe iad a n- aithnítear a n- inniúlacht, agus a bhfuil eolas nó taithí speisialaithe acu ar dhlí an Aontais agus ar an dlí idirnáisiúnta poiblí. Ní bheidh ar na liostaí sin daoine atá ina gcomhaltaí, ina n- oifigigh nó ina seirbhísigh eile d'institiúidí an Aontais, de rialtas Bhallstáit an Aontais, nó de rialtas Stáit Chomhlachaithe.

CAIBIDIL 2

FÓGRAÍ

AIRTEAGAL 5

Fógraí a tharchur

1. Seolfaidh an painéal eadrána gach iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn agus gach doiciméad eile chuig na Pháirtí Chomhlachaithe an tráth céanna.

2. I gcás ina gcuirfidh Páirtí Comhlachaithe iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile faoi bhráid an phainéil eadrána, seolfaidh sé cóip de chuig an bPáirtí Comhlachaithe eile an tráth céanna.

3. I gcás ina gcuirfidh Páirtí Comhlachaithe iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile i ndáil leis an díospóid faoi bhráid an Pháirtí Chomhlachaithe eile, seolfaidh sé cóip de chuig an bpainéal eadrána an tráth céanna.

4. Déanfar aon fhógra dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 le ríomhphost nó, i gcás inarb iomchuí, trí aon mhodh teileachumarsáide eile lena soláthraítear taifead gur seoladh an fógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar an dáta seolta. Seolfar gach fógra chuig Seirbhís Dlí an Choimisiúin Eorpaigh agus chuig Misean an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann chuig an Aontas Eorpach.

## AIRTEAGAL 6

### Fógra eadrána

1. Measfar imeachtaí eadrána a bheith tosaithe ar an dáta a gheobhaidh an freagróir an fógra eadrána. Seolfar an fógra eadrána chuig an mBuanchúirt Eadrána freisin.

2. Beidh na gnéithe seo a leanas san fhógra eadrána:

(a) an iarraidh an díospóid a chur chun eadrána;

(b) ainmneacha agus seoltaí na bPáirtithe Comhlachaithe;

(c) ainmneacha agus seoltaí a n- ionadaithe agus a gcomhairleoirí;

(d) bunús dlí an nós imeachta: Airteagal 90(8), Airteagal 97(9) nó Airteagal 98(6) den Chreat- Chomhaontú;

(e) ceann de na bearta seo a leanas a shainaithint:

(i) na bearta cúiteacha dá dtagraítear in Airteagal 90(7) den Chreat- Chomhaontú;

(ii) na bearta coimirce dá dtagraítear in Airteagal 97(1) den Chreat- Chomhaontú;

(iii) na bearta éigeandála um choimirce dá dtagraítear in Airteagal 97(5) den Chreat- Chomhaontú;

(iv) na bearta athchothromúcháin dá dtagraítear in Airteagal 97(8) den Chreat- Chomhaontú;

(v) na bearta coimirce dá dtagraítear in Airteagal 98(1) den Chreat- Chomhaontú;

(vi) na bearta athchothromúcháin dá dtagraítear in Airteagal 98(5) den Chreat- Chomhaontú;

(f) sonrú na rialach atá i gceist sa díospóid nó a bhaineann léi;

(g) tuairisc ghairid ar an díospóid;

(h) comhalta den phainéal eadrána a ainmniú.

3. Ní chuirfidh díospóid maidir leis an gceist an gcomhlíonann an fógra eadrána ceanglais an Chreat- Phrótacail seo cosc ar phainéal eadrána a bhunú. Réiteoidh an painéal eadrána an díospóid sin go cinntitheach.

AIRTEAGAL 7

Freagra ar an bhfógra eadrána

1. Laistigh de 20 lá ón bhfógra eadrána a fháil, seolfaidh an freagróir a fhreagra chuig an éilitheoir agus chuig an mBuanchúirt Eadrána, ina mbeidh:

(a) ainmneacha agus seoltaí na bPáirtithe Comhlachaithe;

(b) ainmneacha agus seoltaí a n- ionadaithe agus a gcomhairleoirí;

(c) freagra ar na heilimintí atá san fhógra eadrána a leagtar amach in Airteagal 6(2), pointí (d)- (g), den Chreat- Phrótacal seo;

(d) comhalta den phainéal eadrána a ainmniú.

2. Díospóid a bhaineann le mainneachtain an fhreagróra freagra a thabhairt ar an bhfógra eadrána, nó freagra iomlán tráthúil a thabhairt ar an bhfógra eadrána, ní chuirfidh sí cosc le bunú an phainéil eadrána. Réiteoidh an painéal eadrána díospóid den sórt sin go cinntitheach.

CAIBIDIL 3

AN PAINÉAL EADRÁNA

AIRTEAGAL 8

Bunú an phainéil eadrána

1. Triúr comhaltaí a bheidh ar an bpainéal eadrána.

2. Bunófar an painéal eadrána i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo laistigh de 30 lá an dáta a chuirfear fógra eadrána isteach i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chreat- Phrótacal seo.

3. Ainmneoidh gach Páirtí Comhlachaithe comhalta amháin den phainéal eadrána as measc na ndaoine ar an liosta daoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de phainéal eadrána dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chreat- Phrótacal seo. Roghnóidh comhaltaí an phainéil eadrána an cathaoirleach trí chomhaontú frithpháirteach as liosta na ndaoine a ainmneoidh na Páirtithe Comhlachaithe go comhpháirteach chun fónamh mar chathaoirleach an phainéil eadrána.

I gcás nach féidir le comhaltaí an phainéil eadrána teacht ar chomhaontú maidir le roghnú an chathaoirligh laistigh den teorainn ama a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh ceachtar Páirtí Comhlachaithe a iarraidh ar Ard- Rúnaí na Buanchúirte Eadrána an cathaoirleach a roghnú trí chrannchur as liosta na ndaoine arna moladh go comhpháirteach ag na Páirtithe Comhlachaithe chun fónamh mar chathaoirleach an phainéil eadrána.

4. Déanfaidh Ard- Rúnaí na Buanchúirte Eadrána an roghnú dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 3 laistigh de chúig lá ón iarraidh dá dtagraítear i fomhír . Beidh ionadaithe do na Páirtithe Comhlachaithe i dteideal bheith i láthair ag an roghnú.

5. Is é dáta bunaithe an phainéil eadrána an dáta a roghnaíodh an cathaoirleach agus a ghlac sé lena cheapachán.

6. I gcás nach mbunófar an liosta daoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chreat- Phrótacal seo faoi dhul in éag na teorann ama a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh gach Páirtí Comhlachaithe, laistigh de 5 lá, duine amháin a ainmniú chun bheith ina chomhalta den phainéal eadrána. Más rud é gur moladh daoine faoi Airteagal 4(1) den Chreat- Phrótacal seo, déanfar na hainmniúcháin ón liosta sin daoine. Ceapfar an cathaoirleach ansin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo. I gcás nach ndéanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe, laistigh de 5 lá eile, duine amháin ar a laghad a mholadh go comhpháirteach chun fónamh mar chathaoirleach an phainéil eadrána, déanfaidh Ard- Rúnaí na Buanchúirte Eadrána, laistigh de 5 lá agus tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe Comhlachaithe, chun fónamh mar cathaoirleach an phainéil eadrána a mholadh a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(2) den Chreat- Phrótacal seo. Mura ndéanfaidh ceann de na Páirtithe Comhlachaithe agóid i gcoinne an togra den sórt sin laistigh de chúig lá, ceapfar an duine a mholfaidh Ard- Rúnaí na Buanchúirte Eadrána.

7. I gcás nach mbunófar painéal eadrána laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata an díospóid a chur chun eadrána arna déanamh de bhun Airteagal 6 den Chreat- Phrótacal seo, déanfaidh Ard- Rúnaí na Buanchúirte Eadrána, laistigh de 15 lá tar éis iarraidh a fháil ó cheachtar Páirtí Comhlachaithe agus tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe Comhlachaithe, daoine a cheapadh a chomhlíonann ceanglais Airteagal 4(2) den Chreat- Phrótacal seo chun an painéal eadrána a chomhdhéanamh.

AIRTEAGAL 9

Neamhspleáchas agus díolúine chomhaltaí painéil eadrána

1. Beidh na comhaltaí painéil eadrána neamhspleách, feidhmeoidh siad ina gcáil phearsanta agus ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht ná ó aon rialtas.

2. Beidh díolúine ag comhaltaí painéil eadrána, ón dáta a bhunófar é, ó imeachtaí dlíthiúla san Aontas agus sna Stáit Chomhlachaithe i leith gníomhartha a dhéanfaidh siad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna ar an bpainéal eadrána sin.

AIRTEAGAL 10

Agóid chomhaltaí an phainéil eadrána

1. Aon Pháirtí Comhlachaithe a bhfuil sé ar intinn aige agóid a dhéanamh i gcoinne comhalta den phainéal eadrána, tabharfaidh sé fógra faoina rún laistigh de 15 lá an dáta a cuireadh ceapachán an chomhalta sin in iúl dó nó laistigh de 30 lá an dáta a cuireadh in iúl dó imthosca arb éard atá iontu a sháraíonn na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) den Chreat- Phrótacal seo.

2. Seolfar an fógra agóide chuig an bPáirtí Comhlachaithe eile, chuig comhalta an phainéil a bhfuil agóid á déanamh ina choinne, chuig comhaltaí eile an phainéil eadrána agus chuig an mBuanchúirt Eadrána. Leagfaidh sé amach na cúiseanna leis an agóid sin.

3. I gcás ina ndearna Páirtí Comhlachaithe agóid in aghaidh comhalta den phainéal eadrána, féadfaidh an Páirtí Comhlachaithe eile glacadh leis an agóid. Féadfaidh an comhalta den phainéal eadrána a bhfuil agóid á déanamh ina choinne tarraingt siar freisin. Ní thabharfar le tuiscint leis an nglacadh nó leis an tarraingt siar sin go n- aithnítear na cúiseanna a tugadh leis an agóid.

4. Más rud é, laistigh de 15 lá an dáta ar tugadh fógra agóide, nach nglacfaidh an Páirtí Comhlachaithe eile leis an agóid nó nach dtarraingeoidh comhalta den phainéal eadrána a bhfuil agóid á déanamh ina choinne siar, féadfaidh an Páirtí a bhfuil agóid á déanamh aige a iarraidh ar Ard- Rúnaí na Buanchúirte Eadrána cinneadh a dhéanamh maidir leis an agóid.

5. Nuair a bheidh cúiseanna a thabhairt leis an gcinneadh á dhéanamh ar agóid, tabharfaidh Ard- Rúnaí na Buanchúirte Eadrána a cúiseanna, mura gcomhaontóidh na Páirtithe Comhlachaithe nach dtabharfar aon chúis.

## AIRTEAGAL 11

### Ionadú chomhaltaí an phainéil eadrána

1. I gcás inar gá comhalta nua a chur in ionad comhalta den phainéal eadrána le linn an nós imeachta eadrána dá bhforáiltear i gCaibidil 5 den Chreat- Phrótacal seo, ceapfar nó roghnófar comhalta ionaid i gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Chreat- Phrótacal seo,mbeidh feidhm fiú i gcás nár fheidhmigh Páirtí Comhlachaithe an ceart chun comhalta den phainéal eadrána atá le hionadú a cheapadh nó páirt a ghlacadh ina cheapadh.

2. I gcás ina gcuirfear comhalta nua in ionad comhalta den phainéal eadrána, cuirfear tús arís leis an nós imeachta ag an gcéim ag a scoirfidh comhalta den phainéal eadrána atá á ionadú de bheith ag comhlíonadh a dhualgas nó a dualgas, mura gcinnfidh an painéal eadrána a mhalairt.

AIRTEAGAL 12

Oibríocht an phainéil eadrána

1. Déanfaidh cathaoirleach an phainéil eadrána cathaoirleacht ar chruinnithe uile an phainéil eadrána sin. Féadfaidh an painéal eadrána an t- údarás chun cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig a chathaoirleach.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chreat- Phrótacal seo, féadfaidh an painéal eadrána a imeachtaí agus a phlé a sheoladh trí aon mhodh cumarsáide.

3. Ní fhéadfaidh ach comhaltaí an phainéil eadrána páirt a ghlacadh ina phléití. Mar sin féin, féadfaidh an painéal eadrána cead a thabhairt do chúntóirí a bheith i láthair.

4. Leanfaidh dréachtú aon chinnidh de bheith faoi fhreagracht eisiach chomhaltaí an phainéil eadrána agus ní dhéanfar é a tharmligean chuig aon duine eile.

5. I gcás ina dtiocfaidh ceist nós imeachta chun cinn nach gcumhdaítear leis an gCreat- Prótacal seo, féadfaidh an painéal eadrána, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe Comhlachaithe, cinneadh a dhéanamh maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint, ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir leis an gCreat- Phrótacal seo.

6. Má mheasann an painéal eadrána gur gá aon cheann de na teorainneacha ama le haghaidh na n- imeachtaí dá dtagraítear sa Chreat- Phrótacal seo a athrú nó aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin eile a dhéanamh, cuirfidh sé na Páirtithe Comhlachaithe ar an eolas i scríbhinn, tar éis dó dul i gcomhairle leo, faoi na cúiseanna atá leis an athrú nó leis an gcoigeartú agus faoin teorainn ama nó faoin gcoigeartú is gá.

CAIBIDIL 4

TEORAINNEACHA AMA A RÍOMH

AIRTEAGAL 13

Teorainneacha ama a ríomh

1. Cuirfear tús le haon teorainn ama dá bhforáiltear sa Chreat- Phrótacal seo ón lá tar éis an lae a bhfaighfear fógra. Má thiteann an lá deireanach de theorainn ama ar dheireadh seachtaine nó ar shaoire oifigiúil is infheidhme maidir leis an gCoimisiún Eorpach nó leis an Stát Comhlachaithe lena mbaineann, mairfidh an teorainn ama go dtí an chéad lá oibre eile. Déanfar laethanta saoire oifigiúla a thiteann le linn na teorann ama a chomhaireamh.

2. Más deireadh seachtaine nó lá saoire oifigiúil is infheidhme maidir leis an gCoimisiún Eorpach nó leis an Stát Comhlachaithe lena mbaineann an lá deiridh chun doiciméad a sheachadadh, féadfar an doiciméad sin a sheachadadh ar an gcéad lá oibre eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh nó an Stáit Chomhlachaithe lena mbaineann, de réir mar a bheidh.

CAIBIDIL 5

NÓS IMEACHTA EADRÁNA

AIRTEAGAL 14

Forálacha ginearálta

Áiritheoidh an painéal eadrána go ndéileálfar go comhionann leis na páirtithe sa díospóid agus go dtabharfar deis leordhóthanach nós imeachta eadrána do gach Páirtí Comhlachaithe ag aon chéim iomchuí de na himeachtaí a chás a chur i láthair. Seolfaidh an painéal eadrána a imeachtaí ar bhealach a chuirfidh cosc ar mhoilleanna agus costais gan ghá agus d'fhonn an díospóid idir na páirtithe sa díospóid a réiteach.

AIRTEAGAL 15

Áit eadrána

Is í an Háig an áit eadrána. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an painéal eadrána teacht le chéile in aon áit eile a mheasann sé a bheith iomchuí.

AIRTEAGAL 16

Teangacha

1. Is iad an Fhraincis agus an Béarla teangacha na n- imeachtaí os comhair an phainéil eadrána.

2. Féadfaidh an painéal eadrána a ordú go mbeidh aistriúchán go ceann de theangacha na n- imeachtaí ag gabháil leis na doiciméid uile a ghabhann leis an ráiteas éilimh nó leis an ráiteas cosanta agus leis na doiciméid bhreise uile a thíolactar le linn na n- imeachtaí ina dteanga bhunaidh.

3. Iompróidh gach Páirtí Comhlachaithe a chostais féin as aistriúchán na ndoiciméad a chuir sé faoi bhráid an phainéil eadrána nár dréachtaíodh i dtosach i mBéarla nó i bhFraincis, chomh maith le haon chostais a bhaineann le hateangaireacht a ionadaithe nó a chomhairleoirí le linn na héisteachta.

AIRTEAGAL 17

Ráiteas éilimh

1. Tarchuirfidh an téilitheoir a ráiteas éilimh, i scríbhinn, chuig an bhfreagróir, chuig an mBuanchúirt Eadrána agus chuig gach comhalta den phainéal eadrána laistigh den teorainn ama a leagfaidh an painéal eadrána síos chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chreat- Phrótacal seo. Féadfaidh an téilitheoir a fhógra eadrána dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chreat- Phrótacal seo a mheas mar a ráiteas éilimh, ar choinníoll go gcomhlíonann fógra eadrána sin na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo.

2. Beidh na heilimintí seo a leagtar amach sa ráiteas éilimh:

(a) ainmneacha agus seoltaí na bPáirtithe Comhlachaithe;

(b) ainmneacha agus seoltaí a n- ionadaithe agus a gcomhairleoirí;

(c) bunús dlí an nós imeachta: eadhon Airteagal 90(8), Airteagal 97(9) nó Airteagal 98(6) den Chreat- Chomhaontú;

(d) ceann de na bearta seo a leanas a shainaithint:

(i) na bearta cúiteacha dá dtagraítear in Airteagal 90(7) den Chreat- Chomhaontú;

(ii) na bearta coimirce dá dtagraítear in Airteagal 97(1) den Chreat- Chomhaontú;

(iii) na bearta éigeandála um choimirce dá dtagraítear in Airteagal 97(5) den Chreat- Chomhaontú;

(iv) na bearta athchothromúcháin dá dtagraítear in Airteagal 97(8) den Chreat- Chomhaontú;

(v) na bearta coimirce dá dtagraítear in Airteagal 98(1) den Chreat- Chomhaontú;

(vi) na bearta athchothromúcháin dá dtagraítear in Airteagal 98(5) den Chreat- Chomhaontú;

(e) ráiteas faoi na fíorais a thacaíonn leis an éileamh;

(f) achoimre ar an díospóid; agus

(g) na forais dhlíthiúla nó na hargóintí a rabhthas ag brath orthu.

3. Nuair is féidir, ba cheart gach doiciméad agus fianaise ar a bhfuil an téilitheoir ag brath a bheith ag gabháil leis an ráiteas éilimh nó ba cheart tagairt a dhéanamh do na doiciméid sin agus don fhianaise sin ann.

AIRTEAGAL 18

Ráiteas cosanta

1. Tarchuirfidh an freagróir a ráiteas cosanta, i scríbhinn, chuig an éilitheoir, chuig an mBuanchúirt Eadrána agus chuig gach comhalta den phainéal eadrána laistigh den teorainn ama a leagfaidh an painéal eadrána síos chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chreat- Phrótacal seo. Féadfaidh an freagróir a fhreagra ar an bhfógra eadrána dá dtagraítear in Airteagal 7 den Chreat- Phrótacal seo a mheas mar a ráiteas cosanta, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

2. Freagróidh an ráiteas cosanta do na heilimintí a leagtar amach sa ráiteas éilimh i gcomhréir le hAirteagal 17(2), pointí (c) –(g) den Chreat- Phrótacal seo. Nuair is féidir, ba cheart gach doiciméad agus fianaise ar a bhfuil an freagróir ag brath a bheith ag gabháil leis an ráiteas cosanta nó ba cheart tagairt a dhéanamh do na doiciméid den sórt sin agus don fhianaise ann.

AIRTEAGAL 19

Aighneachtaí eile i scríbhinn

Féadfaidh an painéal eadrána a chinneadh cé na haighneachtaí i scríbhinn de bhreis ar an ráiteas éilimh agus an ráiteas cosanta, nach mór do na Páirtithe Comhlachaithe a chur faoina bhráid nó a fhéadfaidh siad a chur faoina bhráid. De bhun Airteagal 20 den Chreat- Phrótacal seo, socróidh an painéal eadrána an teorainn ama chun na haighneachtaí sin i scríbhinn a tharchur.

AIRTEAGAL 20

Teorainneacha ama

Na teorainneacha ama a shocraíonn an painéal eadrána chun an ráiteas éilimh, an ráiteas cosanta agus aon aighneachtaí eile i scríbhinn a tharchur, ní rachadh siad thar 90 lá. Mar sin féin, féadfaidh an painéal eadrána síneadh a chur leis na teorainneacha ama den sórt sin i gcás ina measfaidh sé go bhfuil bonn cirt leis an síneadh sin.

AIRTEAGAL 21

Bearta idirlinne

Ní dhéanfaidh an painéal eadrána bearta idirlinne ná ní dheonóidh sé iad.

## AIRTEAGAL 22

### Fianaise

1. Soláthróidh gach Páirtí Comhlachaithe fianaise ar na fíorais ar a mbunaíonn sé a éileamh nó a chosaint.

2. Tráth ar bith le linn na n- imeachtaí, féadfaidh an painéal eadrána a iarraidh ar na Páirtithe Comhlachaithe fianaise fhorlíontach a chur faoina bhráid laistigh de theorainn ama fhorordaithe.

3. Cinnfidh an painéal eadrána inghlacthacht, ábharthacht agus neart na fianaise a tíolacadh.

## AIRTEAGAL 23

### Éisteachtaí

1. Bunaithe ar an tráthchlár táscach a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Chreat- Phrótacal seo agus tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe Comhlachaithe agus le comhaltaí eile an phainéil eadrána, tabharfaidh an cathaoirleach fógra do na Páirtithe Comhlachaithe maidir le dáta, am agus ionad na héisteachta. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, ach amháin má tá an éisteacht dúnta don phobal.

2. Féadfaidh an painéal eadrána a chinneadh, i gcomhaontú leis na Páirtithe Comhlachaithe, gan éisteacht a thionól.

3. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe sa díospóid a mhalairt, is in áitreabh na Buanchúirte Eadrána sa Háig a thionólfar an éisteacht, de réir Airteagal 15 den Chreat- Phrótacal seo.

4. Féadfaidh an painéal eadrána éisteachtaí breise a thionól i gcás ina gcomhaontaíonn na Páirtithe sa díospóid amhlaidh.

5. Beidh comhaltaí uile an phainéil eadrána i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.

6. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe sa díospóid a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an éisteacht ar oscailt don phobal:

(a) ionadaithe na bPáirtithesa díospóid ;

(b) comhairleoirí;

(c) cúntóirí;

(d) ateangairí, aistritheoirí agus tuairisceoirí cúirte an phainéil eadrána; agus

(e) saineolaithe, arna n- ainmniú ag an bpainéal eadrána.

7. Tráth nach déanaí ná cúig lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach páirtithe sa díospóid chuig an bpainéal eadrána agus chuig an bpáirtithe sa díospóid eile liosta d'ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóintí nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an páirtithe sa díospóid sin agus ainmneacha ionadaithe agus comhairleoirí eile de chuid an páirtithe sa díospóid sin a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

8. Chun a áirithiú go dtabharfar am comhionann don éilitheoir agus don fhreagróir ó thaobh argóinte agus freagra araon, leanfar ar aghaidh leis an éisteacht san ord seo a leanas:

(a) argóint;

(i) argóint an éilitheora;

(ii) argóint an fhreagróra;

(b) freagra;

(i) freagra an éilitheora;

(ii) frithfhreagra an fhreagróra.

9. Féadfaidh an painéal eadrána ceisteanna a chur ar cheachtar páirtithe sa díospóid tráth ar bith le linn na héisteachta.

10. Déanfaidh an painéal eadrána socrú ionas go ndéanfar tras- scríbhinn na héisteachta a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe sa díospóid a luaithe agus is féidir tar éis na héisteachta. Féadfaidh na Páirtithe sa díospóid barúil a thabhairt ar an tras- scríbhinn laistigh de dheich lá ó dháta na héisteachta. Féadfaidh an painéal eadrána na barúlacha den sórt sin a bhreithniú.

11. Féadfaidh gach páirtithe sa díospóid aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil eadrána maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta laistigh de dheich lá ó dháta na héisteachta.

## AIRTEAGAL 24

### Réamhshocrú

1. Más rud é, laistigh den teorainn ama a leag an painéal eadrána síos i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chreat- Phrótacal seo, agus in éagmais bac dlisteanach, nach mbeidh a ráiteas éilimh tíolactha ag an éilitheoir, ordóidh an painéal eadrána an nós imeachta eadrána a thabhairt i gcrích, mura mbeidh saincheisteanna ann a bhféadfadh sé gur gá rialú orthu nó a mheasann an painéal a bheith iomchuí.

2. Más rud é, laistigh den teorainn ama a leag an painéal eadrána síos i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chreat- Phrótacal seo, agus in éagmais bac dlisteanach, nach mbeidh a fhreagra ar an bhfógra eadrána nó ar a ráiteas cosanta curtha isteach ag an bhfreagróir, ordóidh an painéal eadrána go leanfar leis an nós imeachta, gan a bhrí sin go bhféadfaidh an painéal eadrána a mheas gurb ionann an neamh- thíolacadh sin agus líomhaintí an éilitheora a bheith á nglacadh ag an bhfreagróir.

Beidh feidhm ag an mír seo freisin nuair a theip ar an Éilitheoir a fhrithfhreagra a chur isteach i gcoinne frithéilimh.

3. Má mhainníonn ceann de na páirtithe sa díospóid , ar tugadh fógra cuí ina leith faoin gCreat- Prótacal seo, teacht i láthair ag éisteacht, gan bac dlisteanach a agairt maidir leis an mainneachtain sin, féadfaidh an painéal eadrána dul ar aghaidh leis an nós imeachta eadráin.

4. Má mhainníonn ceann de na páirtithe sa díospóid , ar tugadh cuireadh go cuí dó fianaise fhorlíontach a chur isteach, é sin a dhéanamh laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos agus gan bac dlisteanach a agairt, rialóidh an painéal eadrána ar bhonn na fianaise atá os a chomhair.

AIRTEAGAL 25

Rúndacht

1. Aon fhaisnéis ainmnithe mar rúnda páirtí sa díospóid faoi bhráid an phainéil eadrána a bheidh ainmnithe ag an páirtí sa díospóid , déileálfaidh an páirtí sa díospóid eile agus an painéal eadrána léi mar fhaisnéis rúnda.

I gcás ina gcuirfidh páirtí sa díospóid aighneacht i scríbhinn faoi bhráid an phainéil eadrána ina bhfuil faisnéis rúnda, soláthróidh sé aighneacht freisin, laistigh de 15 lá, gan an fhaisnéis rúnda, a nochtfar don phobal.

2. Ní chuirfidh aon ní sa Chreat- Phrótacal seo bac ar páirtí sa díospóid a aighneachtaí i scríbhinn féin, a fhreagraí ar cheisteanna a chuir an painéal eadrána faoina bhráid nó tras- scríbhinn na hargóinte ó bhéal a nochtadh don phobal, ar choinníoll, agus tagairt á déanamh aige d'fhaisnéis arna cur isteach ag an bpáirtí sa díospóid eile, nach nochtfaidh sé aon fhaisnéis a bheidh ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag an bpáirtí sa díospóid eile.

3. Beidh éisteacht os comhair an phainéil eadrána ar oscailt don phobal ach amháin i gcás ina mbeidh faisnéis rúnda in aighneacht agus in argóintí páirtí sa díospóid nó i gcás ina gcomhaontaíonn na páirtithe sa díospóid ar shlí eile go mbeidh an éisteacht dúnta don phobal. Sa chás sin, coinneoidh na páirtithe sa díospóid an éisteacht faoi rún.

## AIRTEAGAL 26

### Teagmhálacha *ex parte*

1. Le linn na n- imeachtaí eadrána, ní thiocfaidh comhaltaí an phainéil eadrána le chéile ná ní dhéanfaidh siad cumarsáid ó bhéal nó i scríbhinn ar shlí eile le páirtí sa díospóid in éagmais an páirtí sa díospóid eile.

## AIRTEAGAL 27

### An nós imeachta eadrána a thabhairt i gcrích

I gcás inar tugadh deis réasúnta do na páirtithe sa díospóid a gcuid argóintí a chur i láthair, féadfaidh an painéal eadrána an nós imeachta eadrána a thabhairt i gcrích.

CAIBIDIL 6

TRÁTHCHLÁR NA N- IMEACHTAÍ OS COMHAIR AN PHAINÉIL EADRÁNA

AIRTEAGAL 28

Tráthchlár na n- imeachtaí os comhair an phainéil eadrána

1. Déanfaidh an painéal eadrána, tar éis dul i gcomhairle leis napáirtithe sa díospóid , tráthchlár táscach na n- imeachtaí a bhunú laistigh de dheich lá ó dháta a bhunaithe an phainéil eadrána. Féadfaidh sé, tráth ar bith, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe sa díospóid, síneadh nó giorrú a dhéanamh ar aon teorainn ama dá bhforáiltear sa Chreat- Phrótacal seo nó ar chomhaontaigh na páirtithe sa díospóid leis.

2. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra faoina rialú do na páirtithe sa díospóid agus don Chomhchoiste laistigh de 12 mhí ó dháta bunaithe an phainéil eadrána. I gcás ina measfaidh an painéal eadrána nach féidir comhlíonadh leis an teorainn ama sin, tabharfaidh a chathaoirleach fógra i scríbhinn do napáirtithe sa díospóid , agus luafaidh sé na cúiseanna leis an moill agus an dáta a bhfuil sé beartaithe ag an bpainéal a chuid oibre a thabhairt i gcrích.

3. Laistigh de 10 lá ó bhunú an phainéil eadrána, féadfaidh ceann de na páirtí sa díospóid iarraidh réasúnaithe a chur isteach chun déileáil leis an gcás mar chás práinneach. Sa chás sin, tabharfaidh an painéal eadrána rialú uaidh maidir le práinn an cháis laistigh de 15 lá ón iarraidh sin a fháil. I gcás ina gcinnfidh na painéil eadrána go bhfuil práinn leis an gcás, déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht fógra a thabhairt do na páirtithe sa díospóid faoina rialú ar thuillteanais an cháis laistigh de 6 mhí ó dháta a bhunaithe.

CAIBIDIL 7

AN RIALÚ EADRÁNA

AIRTEAGAL 29

Rialuithe ón bpainéal eadrána

1. Déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht aon rialú a ghlacadh de chomhthoil. Más rud é, d'ainneoin a iarrachtaí, nach féidir teacht ar rialú eadrána de chomhthoil, déanfar an rialú eadrána a chinneadh le vótáil tromlaigh.

2. Ní fhoilseofar tuairimí easaontacha comhaltaí painéil eadrána i gcás ar bith.

3. Beidh aon rialú eadrána ina cheangal ar na páirtithe sa díospóid . Leagfar amach sa rialú na cinntí fíorais, infheidhmeacht fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe seo, agus an réasúnaíocht le haon chinneadh agus conclúid.

AIRTEAGAL 30

Foirm agus éifeacht an rialaithe eadrána

1. Féadfaidh an painéal eadrána rialuithe eadrána ar leithligh a eisiúint maidir le saincheisteanna éagsúla agus ag amanna éagsúla.

2. Is i scríbhinn a bheidh gach rialú eadrána agus tabharfaidh siad cúiseanna leis sin.

3. Beidh gach rialú eadrána cinntitheach agus ceangailteach ar napáirtithe sa díospóid .

4. Síneoidh comhaltaí an phainéil eadrána an rialú eadrána, luafar an dáta a eisíodh é agus léireofar an áit eadrána. Tarchuirfidh an Bhuanchúirt Eadrána cóip den rialú eadrána a bheidh sínithe ag comhaltaí an phainéil eadrána chuig napáirtithe sa díospóid .

5. Foilseoidh na páirtithe sa díospóid rialuithe eadrána ina n- iomláine, faoi réir cosaint faisnéise rúnda dá bhforáiltear in Airteagal 25 den Chreat- Phrótacal seo.

6. Déanfaidh na páirtithe sa díospóid rialuithe eadrána a fhorfheidhmiú gan mhoill.

## AIRTEAGAL 31

### Réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach nó cúiseanna eile chun an nós imeachta eadrána a fhoirceannadh

1. Féadfaidh na páirtithe sa díospóid teacht ar réiteach comhaontaithe ar a ndíospóid tráth ar bith. Sa chás sin, tabharfaidh na páirtithe sa díospóid fógra i gcomhpháirt don phainéal eadrána faoi aon réiteach den sórt sin. Más gá ceadú a fháil ó cheann de napáirtithe sa díospóid , tagróidh an fógra don cheanglas sin, agus cuirfear an nós imeachta eadrána ar fionraí go dtí go ndéanfar an nós imeachta sin. Mura gá formheas ó cheann de na páirtithe sa díospóid, nó nuair a bheidh fógra tugtha faoi thabhairt chun críche aon nósanna imeachta intíre den sórt sin, déanfar an nós imeachta eadrána a fhoirceannadh.

2. Más rud é, sula n- eiseofar an rialú, go mbeidh sé dodhéanta leanúint leis an nós imeachta eadrána nó go mbeidh sé neamhriachtanach ar aon chúis eile nach luaitear i mír 1, cuirfidh an painéal eadrána in iúl do na páirtithe sa díospóid go bhfuil sé ar intinn aige ordú a eisiúint chun an nós imeachta a fhoirceannadh. Beidh sé d'údarás ag an bpainéal eadrána an t- ordú sin a eisiúint ach amháin i gcás ina mbeidh saincheisteanna atá fós gan réiteach agus a d'fhéadfaí gur gá rialú orthu agus i gcás ina measfaidh an painéal eadrána gurb iomchuí sin.

3. Tarchuirfidh an painéal eadrána chuig na páirtithe sa díospóid an t- ordú lena bhfoirceanntar na himeachtaí eadrána nó an socrú arna chomhaontú go frithpháirteach, arna shíniú ag comhaltaí an phainéil eadrána. Beidh feidhm ag Airteagal 30(2) - (6) den Chreat- Phrótacal seo maidir le socraíochtaí arna gcomhaontú go frithpháirteach.

## AIRTEAGAL 32

## Rialú eadrána a cheartú

1. Laistigh de 30 lá tar éis an dámhachtain a fháil, féadfaidh ceachtarpáirtí sa díospóid , le fógra don páirtí sa díospóid eile agus don Bhuanchúirt Eadrána, a iarraidh ar an bpainéal eadrána aon earráidí sa ríomh, aon earráidí ábhartha nó cló, nó aon earráidí nó easnaimh dá samhail a cheartú sa rialú. I gcás ina measfaidh sé go bhfuil údar cuí leis an iarraidh sin, déanfaidh an painéal eadrána an ceartú sin laistigh de 45 lá tar éis dó an iarraidh sin a fháil. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag iarraidh den sórt sin.

2. Féadfaidh an painéal eadrána ceartúcháin a dhéanamh ar a thionscnamh féin laistigh de 30 lá tar éis fógra a rialaithe.

3. Is i scríbhinn a dhéanfar ceartúcháin de bhun an Airteagail seo agus beidh siad ina gcuid dhílis den rialú eadrána. Beidh feidhm ag Airteagal 30(2) - (6) den Chreat- Phrótacal seo maidir leis na ceartúcháin sin.

CAIBIDIL 8

ÁBHAIR AIRGEADAIS

AIRTEAGAL 33

Luach saothair agus cúiteamh caiteachas le híoc
le comhaltaí painéil eadrána agus lena gcúntóirí

Tiocfaidh na páirtithe sa díospóid ar chomhaontú leis an bpainéal eadrána, trí aon mhodh cumarsáide, laistigh de sheacht lá tar éis a bhunaithe an painéal eadrána, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an luach saothair agus an cúiteamh caiteachas a bheidh le híoc le comhaltaí an phainéil eadrána, a bheidh réasúnta agus inchomparáide le caighdeáin na bpainéal arna mbunú faoi chuimsiú na hEagraíocht Dhomhanda Trádála;

(b) an luach saothair a íocfar le cúntóirí, trína mbeidh, i gcás gach comhalta den phainéal eadrána, méid iomlán an luacha saothair a bheidh le híoc le cúntóirí réasúnta agus, in aon chás, ní rachaidh sé thar aon trian de luach saothair an chomhalta sin an painéal eadrána.

AIRTEAGAL 34

Costais

1. Iompróidh gach páirtí sa díospóid a gcostais féin agus leath de chostais an phainéil eadrána.

2. Cinnfidh an painéal eadrána a chostais sa rialú ar thuillteanais an cháis. Ní chumhdóidh na costais sin ach an méid seo a leanas:

(a) táillí chomhaltaí an phainéil eadrána, arna sonrú ar leithligh do gach comhalta agus arna socrú ag an bpainéal eadrána féin i gcomhréir le hAirteagal 34, pointe (a), den Chreat-Phrótacal seo;

(b) caiteachais taistil agus caiteachais eile arna dtabhú ag comhaltaí an phainéil eadrána;

(c) táillí agus caiteachais na Buanchúirte Eadrána.

3. Beidhr na costais dá dtagraítear i mír 2 réasúnta i bhfianaise an luacha faoi dhíospóid, castacht na díospóide, an t- am a chaitheann comhaltaí an phainéil eadrána uirthi agus aon saineolaí arna cheapadh ag an bpainéal eadrána, agus na himthosca ábhartha uile eile a bhaineann leis an gcás sonrach.

AIRTEAGAL 35

Costais a thaisceadh

1. Ag tús an nós imeachta eadrána, féadfaidh an Bhuanchúirt Eadrána a iarraidh ar na páirtithe sa díospóid éarlais a aistriú roimh ré arb ionann í agus meastachán ar mhéid iomlán na gcostas dá dtagraítear in Airteagal 34 (2) den Chreat- Phrótacal seo.

2. I gcúrsa an nós imeachta eadrána, féadfaidh an Bhuanchúirt Eadrána a iarraidh ar na páirtithe sa díospóid méideanna breise a thaisceadh.

3. Déanfar na méideanna uile a thaiscfidh na páirtithe sa díospóid de bhun an Airteagail seo a aistriú chuig an mBuanchúirt Eadrána, a eisíocfaidh iad chun na costais a tabhaíodh iarbhír a chumhdach, lena n- áirítear, go háirithe, táillí chomhaltaí an phainéil eadrána agus na Buanchúirte Eadrána.

**Foscríbhinn**

CÓD IOMPAIR DO CHOMHALTAÍ DE PHAINÉIL EADRÁNA

AIRTEAGAL 1

Freagrachtaí i leith an phróisis

1. Chun ionracas agus neamhchlaontacht an nós imeachta eadrána a chaomhnú, déanfaidh gach iarrthóir a bheidh ina chomhalta de phainéal eadrána an méid seo a leanas:

(a) mí- iompar agus dealramh mí- iompair a sheachaint;

(b) beidh sé neamhspleách agus neamhchlaonta;

(c) seachnóidh sé coinbhleachtaí leasa díreacha agus indíreacha; agus

(d) cloí le hardchaighdeáin iompair ionas go gcaomhnófar ionracas agus neamhchlaontacht an nós imeachta um réiteach díospóidí.

2. Comhlíonfaidh iar- iarrthóirí nó iarchomhaltaí painéil eadrána na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6 den Fhoscríbhinn seo.

## AIRTEAGAL 2

### Oibleagáidí nochta chomhaltaí an phainéil eadrána

1. Sula ndeimhneoidh iarrthóirí a roghnú mar chomhalta den phainéal eadrána, nochtfaidh siad i scríbhinn do na Páirtithe Comhlachaithe aon leas, caidreamh nó ábhar a bhfuil a fhios acu gur dócha go ndéanfadh sé difear dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht, nó go bhféadfadh sé dealramh a chruthú le réasún go mbeadh mí- iompar nó claonadh sna himeachtaí os comhair an phainéil eadrána.

2. Ní dhéanfaidh iarrthóirí agus comhaltaí painéil eadrána ábhair a bhaineann le sáruithe iarbhír nó sáruithe ar an gcód iompair seo a chur in iúl ach amháin don Chomhchoiste lena bhreithniú ag na Páirtithe Comhlachaithe.

3. Déanfaidh comhaltaí painéal eadrána, ag aon chéim de na himeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána, aon leas, aon ghaol nó aon ábhar de chineál atá sonraithe i mír 1 a bhfuil siad ar an eolas fúthu, nó a dtiocfaidh siad chun a bheith ar an eolas fúthu, a nochtadh do na páirtithe sa díospóid i scríbhinn.

## AIRTEAGAL 3

### Dícheall cuí maidir le comhaltaí de phainéal eadrána

1. Ar a roghnú dóibh, comhlíonfaidh comhaltaí de phainéal eadrána a ndualgais ina n- iomláine agus go gasta faoi réir ag cothroime agus dúthracht le linn na n- imeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána.

2. Go háirithe, déanfaidh comhaltaí painéil eadrána an méid seo a leanas:

(a) ní bhreithneoidh siad ach na saincheisteanna a tugadh ar aird sna himeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána agus atá riachtanach le haghaidh rialaithe, agus ní dhéanfaidh siad an dualgas sin a tharmligean chuig aon duine eile;

(b) gach beart iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil a gcúntóirí ar an eolas faoi Airteagail 1, 2 agus 6 den Fhoscríbhinn seo agus go gcomhlíonann siad na hAirteagail sin.

AIRTEAGAL 4

Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht comhaltaí de phainéal eadrána

Déanfaidh comhaltaí painéil eadrána an méid seo a leanas:

(a) beidh siad neamhspleách agus neamhchlaonta, seachnóidh siad dealramh mí- iompair nó claonta a chruthú, agus ní bheidh siad faoi thionchar ag an bhféinleas, ag brú seachtrach, ag cúinsí polaitiúla, ag gleo an phobail, ag dílseacht don Aontas nó do na Stáit Chomhlachaithe, ná ag eagla go ndéanfar cáineadh;

(b) ní rachaidh siad faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh siad le sochar ar bith, go díreach ná go hindíreach, a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a ndualgas, nó ar cosúil go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh na ndualgas sin;

(c) ní úsáidfidh siad a seasamh mar chomhalta de phainéal eadrána chun aon leas pearsanta nó príobháideacha a chur chun cinn agus seachnóidh siad gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go bhfuil deis speisialta ag daoine eile tionchar a imirt orthu;

(d) ní cheadóidh siad do chaidrimh nó freagrachtaí airgeadais, gnó, gairmiúla, teaghlaigh nó sóisialta tionchar a imirt ar a n- iompar nó ar a mbreithiúnas;

(e) seachnóidh siad aon chaidreamh a dhéanamh, nó aon leas airgeadais a fháil ar dhócha go ndéanfadh sé difear dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist;

(f) ní dhéanfaidh siad aon ghné den ábhar nó iompar na n- imeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána a phlé le haon cheann de na páirtithe sa díospóid agus comhaltaí eile den phainéal eadrána as láthair.

## AIRTEAGAL 5

### Oibleagáidí iar- chomhaltaí de phainéal eadrána

Seachnóidh gach iar- chomhalta de phainéal eadrána gníomhaíochtaí a spreagfadh dealramh go raibh siad claonta agus iad ag comhlíonadh a ndualgas nó gur bhain siad buntáiste as aon chinneadh nó as aon rialú de chuid an phainéil eadrána.

AIRTEAGAL 6

Rúndacht

1. Ní dhéanfaidh aon chomhalta nó aon iarchomhalta de phainéal eadrána an méid seo a leanas tráth ar bith:

(a) aon fhaisnéis nach faisnéis phoiblí í a nochtadh nó a úsáid maidir le haon imeachtaí os comhair an phainéil eadrána nó a fuarthas le linn na n- imeachtaí sin, ach amháin chun críocha na n- imeachtaí den sórt sin; agus in aon chás ní dhéanfaidh sé aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh ná a úsáid chun buntáiste pearsanta nó buntáiste do dhaoine eile a fháil nó chun dochar a dhéanamh do leas daoine eile;

(b) ní nochtfaidh sé pléití an phainéil eadrána, nó tuairimí aon chomhalta den phainéal eadrána.

2. Ní nochtfaidh aon chomhalta de phainéal eadrána rialú ón bpainéal eadrána nó codanna de sula bhfoilseofar é i gcomhréir leis an gCreat- Phrótacal seo.

CREAT- PHRÓTACAL 7

MAIDIR LE REACHT AN CHOISTE PHARLAIMINTIGH COMHLACHAIS

AIRTEAGAL 1

Déanfar an Coiste Parlaiminteach Comhlachais arna bhunú le hAirteagal 78 den Chreat- Chomhaontú a chomhdhéanamh agus feidhmeoidh sé i gcomhréir le an Chomhaontaithe seo agus an Reachta seo.

AIRTEAGAL 2

12 comhaltaí a bheidh ar an gCoiste Parlaiminteach Comhlachais. Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa ceathrar comhaltaí agus ceapfaidh Parlaimintí na Stát Comhlachaithe ceathrar comhaltaí faoi seach.

AIRTEAGAL 3

Toghfaidh an Coiste Parlaiminteach Comhlachais a Uachtarán agus a Leas- Uachtarán féin as líon a chomhaltaí. Sealbhófar oifig an Uachtarán an Choiste Parlaiminteach Comhlachais gach re seach, go ceann tréimhse bliana, ag comhalta arna cheapadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag comhalta arna cheapadh ag Parlaimint Stáit Chomhlachaithe.

AIRTEAGAL 4

Tionólfaidh an Coiste Parlaiminteach Comhlachais seisiún ginearálta uair sa bhliain ar a laghad, gach re seach san Aontas agus i Stát Comhlachaithe. Cinnfidh an Coiste Parlaiminteach Comhlachais ag gach seisiún cén áit a dtionólfar an chéad seisiún ginearálta eile. Féadfar seisiúin urghnácha a thionól nuair a chinnfidh an Coiste Parlaiminteach Comhlachais amhlaidh i gcomhréir lena rialacha nós imeachta.

AIRTEAGAL 5

Glacfaidh an Coiste Parlaiminteach Comhlachais a rialacha nós imeachta le tromlach dhá thrian dá chomhaltaí.

AIRTEAGAL 6

Is í an Pharlaimint a cheap an comhalta sin a iompróidh na costais a bhaineann le rannpháirtíocht comhalta sa Choiste Parlaiminteach Comhlachais.